Tuarascáil Bhliantúil
2017

BAI

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND



CLÁR ÁBHAR

Maidir Le Húdarás Craolacháin Na hÉireann 3

Ráiteas An Chathaoirligh 4

Athbhreithniú An Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 6

An Túdarás 8

An Coiste Um Chomhlíonadh 9

An Coiste Um Dheonú Conarthaí 9

An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta Agus Riosca 10

Foireann Feidhmiúcháin Údarás Craolacháin Na hÉireann 11

Ráiteas Straitéise Údarás Craolacháin Na hÉireann 2017-2019 12

Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn 14

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú 28

Luchtanna Féachanna/Éisteachta a Chumhachtú 34

An Nuálaíocht agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú 38

An Feabhas agus An Chuntasacht a Ghnóthú 42



MAIDIR LE HÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann ar 1 Deireadh Fómhair 2009 faoin Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009").

Leagtar amach san Acht raon cuspóirí ginearálta agus sonracha do BAI agus sonraítear ann go ndéanfaidh a chomhchodanna, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, "iarracht a chinntiú:

- maidir leis an líon agus leis na hearnálacha seirbhísí craolacháin a chuirfear ar fáil sa Stát gurb iad is fearr a fhreastalóidh ar riachtanais mhuintir oileán na hÉireann, ag cur a dteangacha agus a dtraidisiún agus a n-éagsúlachta reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;
- go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann leis an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh; agus,
- go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch."

Leagtar amach san Acht raon cuspóirí eile don Údarás, lena n-áirítear:

- soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach a spreagadh;
- comhall na gcuspóirí seirbhíse poiblí de chuid craoltóirí seirbhíse poiblí a éascú;
- éagsúlacht rialaithe a chur chun cinn sna hearnálacha craolacháin tráchtála agus pobail;
- timpeallacht rialaitheach a sholáthar:
  - a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách neamhchlaon a chothú;
  - a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta a chothú;
  - a dhéanfaidh leasanna leanaí a chosaint;
  - a éascóidh earnáil chraolacháin ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus a bheidh inrochtana ag daoine
  - faoi mhíchumas;
  - a dhéanfaidh forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

Tá an Tuarascáil Bhliantúil do 2017 bunaithe ar théamaí straitéiseacha an Ráitis Straitéise 2017-2019 – Éagsúlacht agus Iolarthacht a chur chun cinn, Cumarsáid a dhéanamh agus Tionchar a Imirt, Lucht Féachana agus Éisteachta a Chumasú, Nuálaíocht Inbhuanaitheacht Earnála agus Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach.

Is iad an Bord ("An Bord") agus dhá choiste reachtúla – an Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh atá in Údarás Craolacháin na hÉireann. Bhunaigh an tÚdarás buanchoiste ("an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca) chun maoirseacht a dhéanamh ar nithe airgeadais, iniúchóireachta agus riosca. Tacaíonn Feidhmeannacht Údarás Craolacháin na hÉireann le hobair na heagraíochta.

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Is onóir dom Tuarascáil Bhliantúil Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain 2017 a thíolacadh. I dtosach na bliana, rinne an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Denis Naughten TD, an Ráiteas Straitéise nua againn i gcomhair 2017-19 a sheoladh. Is é seo an tríú ráiteas straitéiseach a sheol BAI ó bunaíodh é in 2009 agus is é an chéad ráiteas straitéiseach a sheol an tÚdarás nua a ceapadh in 2015 é. Tá an Straitéis bunaithe ar mheasúnacht ghrinn ar an gcomhthéacs reatha.

Cuimsíonn an comhthéacs sin pátrúin atá ag athrú i dtomhailt na meán, athrú ar an teicneolaíocht, breis iomaíochta, go háirithe ón gcoigríoch, agus teacht isteach ó fhógraíocht atá ag dul i laghad. Bíodh gur dúshláin mhóra iad sin, dar linn gur deiseanna leis iad, deiseanna lena gcinnteofar, má thapaítear iad, go mbeidh an rath ar an earnáil chlosamhairc in Éirinn san am atá romhainn. Rinneamar, chun na críche sin, ráiteas straitéise grinnfhócasaithe inar aithníodh go soiléir na réimsí ar a ndíreodh BAI a chuid iarrachtaí i gcaitheamh na tréimhse 2017-19.

Dála an phlean a bhí againn roimhe seo, thosaíomar amach leis an gcreideamh bunaidh againn nach bhféadfadh daonlathas sláintiúil a bheith ann in éagmais na hiolarthachta agus na héagsúlachta. Is í an fhís atá ag BAI ná tírdhreach a bheith ag na meáin in Éirinn a léiríonn agus a mhúnlaíonn cé sinn mar phobal. Is éard is aidhm don abairt 'cé sinn' againn ná an oidhreacht teanga agus chultúrtha shuaithinseach atá againn a dhearbhú mar aon leis na tointí uile éagsúla iomadúla a chuimsiú ar cuid d'aitheantas nó d'aitheantais na hÉireann i saol domhanda iad.

Tá cuspóirí BAI don tréimhse 2017-19 eagraithe faoi chúig théama straitéiseacha: Éagsúlacht agus Iolarthacht a Chur Chun Cinn; Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach; Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt; An Lucht Féachana/Éisteachta a Chumhachtú; agus Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú. D'fhonn a chinntiú go leagfar béim leanúnach chomhsheasmhach ar na téamaí sin agus ar na torthaí a ghabhann leo a bhaint amach, tá comhaontaithe ag an Údarás gur chóir clár oibre gach ceann dá chruinnithe a shocrú faoi na ceannteidil sin agus gur chóir go gcloífí leis an struchtúr sin sa tuarascáil bhliantúil seo agus i dtuarascálacha bliantúla san am atá le teacht.

Cuireadh isteach an téama maidir le nuálaíocht agus inbhuanaitheacht mar gheall ar na comhráite leanúnacha atá againn ar fud an tionscail agus mar gheall ar an aitheantas go bhfuil dúshláin phráinneacha le sárú againn. Rinneadh mórán cainte ar na dúshláin sin agus ar an ngá le gníomh comhaontaithe i dtuarascálacha bliantúla de chuid an BAI roimhe seo, i ndoiciméid fhoilsithe eile agus sa díospóireacht ag an bpobal. Tarraingíodh aird orthu le fíordheireanaí i dtuarascáil Mediatique ar Thírdhreach na Meán in Éirinn, a choimisiúnaigh BAI i gcaitheamh na bliana mar chuid den phróiseas chun Straitéis Seirbhísí Craolacháin nua a dhréachtú.

Ag caint dó ar an táimhe a bhaineann d'fhorais shóisialta go minic, dúirt Francis MacDonald Cornford, fealsamh Sasanach, i ráiteas iomráiteach, nach ndéantar aon ní in aon chor go dtí go mbíonn gach aon duine suite meáite de gur chóir é a dhéanamh, agus go mbíonn siad suite meáite de le chomh fada sin go mbíonn sé in am ansin rud éigin eile a dhéanamh. Níor mhiste don duine atá cásmhar faoi thírdhreach na meán in Éirinn a mheas gur cuí an ráiteas é sin maidir leis an mbeartas craolacháin de.

Tá an craolachán seirbhíse poiblí ardchaighdeáin ríthábhachtach i gcomhair daonlathas fuinniúil. Ní mór maoiniú ceart a chur ar fáil dó. An tsamhail maoiniúcháin mheasctha atá i ngníomh agus a bhfuil ag éirí go cuibheasach maith léi in Éirinn, tá sí tagtha faoi bhrú mór ó tháinig calcadh ar an teacht isteach ón gceadúnas teilifíse agus meathlú ar ioncam ó fhógraíocht. Maolófar an fhadhb – ach ní réiteofar í – má dhéileáiltear leis an leibhéal ard imghabhála in íoc an cheadúnais. Ní mór

réitigh chruthaitheacha a cheapadh lena ndíreofar ar na pátrúin athraitheacha tomhailte, ar cheist na fógraíochta scar-rogha agus ar ioncam ó fhógraíocht a bheith á aistriú go dtí na meáin shóisialta.

Is fadhbanna airgid cuid de na fadhbanna sin ach ní fadhbanna airgid iad go léir. Teastaíonn ó na tomhaltóirí teacht ar lánas a bheith acu in am ar bith, in áit ar bith agus in ionad ar bith, agus fágann sé sin arís eile go bhfuil ceist an lánais ríthábhachach. Is tosaíocht ag BAI é a chinntiú go mbeidh lánas ardchaighdeáin, atá iomchuí ó thaobh an chultúir de, ar fáil don lucht féachana agus don lucht éisteachta in Éirinn.

Is mór an t-athrú a dhéanann samhlacha nua dáilte ar an struchtúr rialála láithreach, struchtúr nach mór a leasú ó thalamh. Ní tionscail fhéinrialaitheacha iad an teilifís agus an raidió a thuilleadh. Tá na teorainneacha idir na meáin chraolta agus na meáin chlóite éirithe doiléir agus tá athrú ó thalamh tagtha ar thírdhreach na meán ó tháinig ardáin nua ar nós Google, Amazon agus Facebook ar an bhfód.

Tugtar cur síos mionsonraithe sa tuarascáil bhliantúil ar an obair nach beag atá déanta ag BAI ar fud réimsí éagsúla agus cuimsíonn sí roinnt comharthaí agus forbairtí dearfacha. Dearbhaítear sa Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach ó Institiúid Reuters go bhfuil a lán muiníne fós ag daoine in Éirinn sa nuacht i dtaca le caighdeáin idirnáisiúnta de. Ina theannta sin, éisteann a lán daoine fós leis an raidió. Sa Líonra um Litearthacht sna Meáin a seoladh mar chuid den Bheartas um Litearthacht sna Meáin ag BAI, ghlac páirtithe de chuid gach cuid de thionscal na mean páirt ann, lena n-áirítear ardáin na mean sóisialta agus de chuid eagraíochtaí oideachais. Léiríonn sé sin go nglactar go forleathan leis an ngá leis an litearthacht sna meáin a chur chun cinn go córasach.

B'fhorbairt dhearfach eile ba ea BAI a ghlacadh plean gníomhaíochta inscne, agus é bunaithe ar chreatlach Chomhairle na hEorpa, is plean ina dtosaítear le haghaidh a thabhairt ar cheist an neamh-chomhionannais inscne sa chraoltóireacht in Éirinn. Cuid thábhachtach den phlean ná faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn sa réimse sin. I gcaitheamh na bliana, rinne BAI scrúdú iomlán ar chumasc meán ar iarraidh a fháil ón Aire faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 den chéad uair. Ar a shon gur chinn na páirtithe i ndeireadh na dála ar gan dul ar aghaidh leis an gcumasc, ba phróiseas tábhachtach é i gcomhthéacs iolarthacht na meán a chosaint.

San idirlinn, leanadh de ghnáthobair BAI faoi na ceannteidil ceadúnú agus rialáil. Cuireadh ocht gcinn déag de sheirbhísí isteach sa phróiseas ceadúnúcháin i gcaitheamh na bliana. Chuaigh an Scéim Fuaim agus Fís ó neart go neart agus léiríonn sí fós go bhféadfaidh beagán maoinithe féin, agus é nasctha le scileanna cruthaitheacha agus teicniúla, lánas ardchaighdeáin suntasach a ghiniúint. Tugadh dhá bhabhta chun críche in 2017 arbh é an toradh a bhí orthu ná breis is €11 milliún de mhaoiniú a sholáthar do bhreis is 200 tionscadal. Cuireadh beagnach €3 mhilliún ar fáil i gcomhair 30 tionscadal Gaeilge nó dátheangach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chuid comh-chomhaltaí den Údarás agus le comhaltaí an Choiste um Chomhlíonadh, an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca as a gcuid rannpháirteachais ghníomhaigh i gcaitheamh na bliana. Admhaím agus dearbhaím leis iarrachtaí na Feidhmeannachta agus na foirne agus na ngníomhaireachtaí, na n-eagraíochtaí agus na bpearsan aonair uile éagsúla nach bhféadfaí obair BAI a dhéanamh in aon chor mura mbeadh an comhar agus an comhoibriú a thugann siad uathu.

.....

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach

ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

Ba chéim nua iontach i saol Údarás Craolacháin na hÉireann í an bhliain 2017 le linn dúinn tús a chur le cur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise nua trí bliana de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann 2017 2019. Bhí an Straitéis nua tar éis a cheadú ag an mBord i mí na Nollag agus sheol an tAire Cumarsáide Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Denis Naughton, T.D. an Straitéis i mí Feabhra. Ag leibhéal na Feidhmeannachta, áfach, bhí an-chuid oibre curtha i gcrích cheana féin i bpleanáil na straitéise sa cheathrú dheiridh de 2016 agus bhíomar réidh dá réir chun tús láidir a chur ó thosach na bliana le plean oibre suntasach a cheadaigh an Bord i mí Eanáir.

Mar chuid den phróiseas pleanála, chuir an Fheidhmeannacht foireann ann, faoi cheannaireacht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, chun tacaíocht a thabhairt le seachadadh na Straitéise agus cur i bhfeidhm an phlean oibre. Ba é ba chuspóir leis seo cleachtadh i measc bainisteoirí agus comhaltaí foirne a thionscnamh agus a fhorbairt chun go mbeadh plé agus athbhreithniú rialta ar siúl acu ar an bhfeidhmíocht d'fhonn na cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach. Soláthraíodh feasacháin cumarsáide uasdátaithe don fhoireann i bhfóraim dhifriúla i rith na bliana agus tharla dá bharr gur fhan an fhoireann rannpháirteach sa Straitéis agus eolach ar chur i bhfeidhm agus ar fheidhmíocht na Straitéise i gcónaí. Bhí an t-aiseolas ar an bpróiseas ó gach duine a bhí páirteach ann thar a bheith dearfach.

Bhí cur chuige nua i gceist leis an Straitéis le béim curtha ar chúig théama nua straitéiseacha lárnacha agus sraith cuspóirí agus torthaí faoin mbliain 2019 arna n-aithint. Rinneadh an plean oibre a thógáil d'fhonn na cuspóirí straitéiseacha seo a bhaint amach. Tugann an phríomhchuid den tuarascáil seo mionsonraí suntasacha faoi gach ceann de na téamaí straitéiseacha. Ag deireadh na chéad bliana, b'fhiú machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta cothrom le dáta le linn dúinn a aithint go bhfuilimid fós ag céim luath de shaolré na Straitéise.

Mar is léir ón tuarascáil, bhí leibhéal ard gníomhaíochta faoin téama Éagsúlacht agus Iolarthacht a Chur Chun Cinn, rud a d'fhág ar chumas Údarás Craolacháin na hÉireann seasamh láidir a ghlacadh chun torthaí an téama seo a sheachadadh. Go háirithe, dhéanfainn tagairt don obair ar Iolarthacht sna Meáin, an tús a cuireadh ar Straitéis Seirbhísí Craolacháin athbhreithnithe a fhorbairt agus an tacaíocht leanúnach ar thionscadail clár agus cartlannaithe trí na scéimeanna maoinithe craolacháin. Ar an iomlán, dámhadh €11.3m do 63 thionscadal teilifíse agus 176 thionscadal raidió thar dhá bhabhta den scéim. Laistigh de seo, fuair 30 tionscadal Gaeilge nó dátheangach maoiniú de €2.78m. Ba dhíol suntais ar leith an chéad Phlean Gníomhaíochta Inscne de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann a fhorbairt i mí na Samhna faoin téama seo. Táimid ag súil go n-eascróidh dul chun cinn suntasach i gcomhionannas inscne i gcúrsaí craolacháin as tionscnaimh an phlean seo sna chéad bhlianta atá díreach amach romhainn.

Faoin téama Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt, ghlac Údarás Craolacháin na hÉireann go forleathan ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta leis an bplé maidir leis na hathruithe suntasacha a d'fhéadfaí a bheith ag tarlú sa reachtaíocht sna blianta beaga amach romhainn. Ar leibhéal náisiúnta, ghlac feidhmeannaigh de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann páirt sna díospóireachtaí ar an mBille Craolacháin, an maoiniú sa todhchaí do chraolachán seirbhíse poiblí agus tabhairt isteach an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a d'urraigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Ar leibhéal idirnáisiúnta, is ar an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a díríodh na príomhdhíospóireachtaí, a mbeidh iarmhairtí móra acu maidir le rialáil an chraolacháin thraidisiúnta agus le seirbhísí nua na meán sa todhchaí. Ghlac ionadaithe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann páirt ag leibhéal iomlánach agus leibhéal na meithle sna díospóireachtaí seo.

Gné lárnach den téama Lucht Féachana agus Lucht Éisteacht a Chumasú is ea litearthacht na meán. De

thoradh beartas a fhorbairt in 2016, ba dhíol fiúntais an Líonra um Litearthacht sna Meáin a bhunú in 2017 le hionadaithe ó raon leathan de ghrúpaí sealbhóirí lena n-áirítear na meáin agus oideachas agus ardáin ar líne. Tá raon imeachtaí ar litearthacht sna meáin á bpleanáil ag an líonra i rith na mblianta atá fágtha den Straitéis. Cuimsítear Cóid, Rialacha agus Gearáin freisin faoin téama seo agus chuir Údarás Craolacháin na hÉireann dhá chód i gcrích in 2017 – an Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála agus an Cód maidir le Tuairisciú Gairid Nuachta – agus comhaontaíodh freisin an cur chuige maidir leis an athbhreithniú ar na Rialacha Rochtana a tharlóidh in 2018. Is iad Gearáin Craolacháin ceann de na príomhréimsí idirphlé le luchtanna féachana agus éisteachta agus choinnigh an Coiste um Chomhlíonadh le breithniú a dhéanamh ar ghearáin maidir le hábhar craolacháin, a bhain go príomha le cothrom na féinne, neamhchlaontacht agus oibiachtúlacht i gcláir nuachta agus chúrsaí reatha.

Tá gnáthúsáid anois ann maidir leis an téarma inbhuanaitheacht earnála sna hearnálacha teilifíse agus raidió le roinnt blianta anuas agus tá tús áite tugtha ag Údarás Craolacháin na hÉireann don tsaincheist seo, mar aon le coincheap na Nuálaíochta, sa Straitéis nua. Táimid ag luathchéim forbartha maidir leis na torthaí ar mhian linn a bhaint amach faoin mbliain 2019 i ndáil leis an téama seo. Beidh tionchar nach beag ag rath na dtionscadal mór a tionscnaíodh i rith 2017, amhail: an t athbhreithniú ar an Straitéis Seirbhísí Craolacháin a dhéanfaidh scrúdú ar shaincheisteanna inbhuanaitheachta i dtaca leis na hearnálacha tráchtála agus pobail; agus an t-athbhreithniú cúig bliana ar an maoiniú do chraoltóirí seirbhíse poiblí, ar na torthaí a bheidh le baint amach. Maidir leis an Nuálaíocht, táimid ag leanúint ar aghaidh le tacaíocht mhaoinithe a sholáthar faoin gclár Foghlama agus Forbartha Earnála agus faoin gclár Urraíochta le linn do chomhpháirtíocht nua leis na hearnálacha tráchtála agus pobail a bheith á dearadh chun córais cartlannaithe a chur i bhfeidhm laistigh de gach stáisiún raidió faoi 2020.

Faoin téama Barr Feabhais agus Cuntasacht a Bhaint Amach, leanaimid lenár n-iarrachtaí ardchaighdeáin rialachais, go hinmheánach agus i measc iad siúd a bhíonn arna rialú againn, a bhaint amach. Áirítear tuairisciú reachtúil, faireachán agus forfheidhmiú, athbhreithniú ar fheidhmíocht agus athruithe conartha, i measc na ngníomhaíochtaí faoin bhfeidhm um chomhlíonadh. B'fhorbairt thábhachtach ar leith sa bhliain 2017 an faomhadh láidir a fuarthas ón gCoimisiún Eorpach i leith obair Údarás Craolacháin na hÉireann i réimse rialála na gcraoltóirí seirbhíse poiblí.

Go hinmheánach, tá an-chuid dua curtha isteach againn ar struchtúir inmheánacha ar bhonn níos téagartha a fhorbairt a dtiocfaidh sochair ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha astu i réimsí amhail pleanáil oibre agus bainistiú eolais. Bheadh dul amú orm mura luaigh mé na dúshláin acmhainní leanúnacha atá againn sna cásanna a leanann Údarás Craolacháin na hÉireann de bheith ag oibriú le líon foirne níos lú ná an réamhtheachtaí seo againne: Coimisiún Craolacháin na hÉireann, a raibh i bhfad níos lú freagrachtaí aige. D'ainneoin na ndúshlán acmhainní seo, coinníonn foireann Údarás Craolacháin na hÉireann ar a gcuid oibre a dhéanamh agus a sheachadadh ar na caighdeáin is airde agus as ucht an méid sin ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach comhalta den fhoireann faoi seach as an oiread sin tiomantais.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na Cathaoirligh agus le comhaltaí an Údaráis, an Choiste um Chomhlíonadh, an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca faoin gcaoi a lean gach duine díobh ag oibriú go héifeachtach ar aghaidh i mbun tacaíochta don Straitéis. Tá rannchuidiú luachmhar déanta ag gach comhalta agus thug siad dúshlán agus tacaíocht araon d'obair na Feidhmeannachta ar bhealach dearfa i rith na bliana.

.....

Michael O'Keeffe
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

AN tÚDARÁS

Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú Údarás Craolacháin na hÉireann lena n-áirítear treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. Tá naonúr comhaltaí ag an Údarás, a gceapann an Rialtas cúigear acu ar ainmniú an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tá an ceathrar comhaltaí eile arna gceapadh ag an Rialtas tar éis do Chomhchoiste Oireachtais, a bhfuil freagracht aige maidir le nithe craolacháin, próiseas roghnúcháin a reáchtáil.

Léirítear sa tábla thíos na comhaltaí den Údarás agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2017.

Comhalta	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin
An tOllamh Pauric Travers (Cathaoirleach)	12/12	02/12/2014
Iníon Mary Curtis	10/11	31/01/2017
An tUas. Alan McDonnell	12/12	02/12/2014
Iníon Grace Smith	11/12	02/12/2014
An tUas. Séamus Martin*	9/11	17/02/2015
An tUas. Seán Ó Mórdha	11/12	17/02/2015
An tUas. Denis Wolinski	10/12	17/02/2015
An Dr. Rosemary Day	10/12	17/02/2015
An tOllamh Maeve McDonagh	10/12	17/02/2015

*Chríochnaigh an tUas. Séamus Martin a théarma oifige i mí na Nollag 2017

AN COISTE UM CHOMHLÍONADH

Tá an Coiste um Chomhlíonadh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh agus é a fhorfheidhmiú, as imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus as líon feidhmeanna a bhaineann le tuairisciú a dhéanamh. Ochtar comhaltaí atá ar an gCoiste; ceathrar arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire, agus ceapann an tÚdarás an ceathrar eile, arb iad beirt chomhaltaí den Údarás agus beirt chomhaltaí d'Fheidhmeannacht Údarás Craolacháin na hÉireann.

Léirítear sa tábla thíos comhaltas an Choiste agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2017.

Comhalta	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin
An tUas. Patrick Gageby* (iarCh-athaoirleach)	1/11	20/01/2015
An tOllamh Kevin Rafter** (Cathaoirleach)	10/11	31/01/2017
Iníon Paula Mullooly	10/11	20/01/2015
Iníon Eileen Maher***	10/11	31/01/2017
An tUas. Nigel Heneghan	9/11	17/02/2015
Dr. Rosemary Day	8/11	20/01/2015
An tOllamh Maeve McDonagh	9/11	02/04/2015
Iníon Anne O'Brien	11/11	02/04/2015
Dr. Ciarán Kissane	7/9	02/04/2015
An tUas. Neil O'Brien****	2/2	14/09/2017

*a d'éirigh as mí Eanáir January 2017
**a ceapadh mí Eanáir 2017. An chéad chruinniú mí Márta 2017
*** a ceapadh mí Eanáir 2017. An chéad chruinniú mí Márta 2017
****Chuaigh An tUas. Neil O'Brien in ionad an Dr. Ciarán Kissane. An chéad cruinniú mí na Samhna 2017

AN COISTE UM DHEONÚ CONARTHAÍ

Tá an Coiste um Dheonú Conarthaí freagrach as próisis iarratais ar cheadúnais a oibriú maidir le seirbhísí craolacháin. Tá ochtar gcomhaltaí ar an gCoiste seo, ceathrar gcomhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire agus tá ceathrar eile arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu ar comhaltaí den Údarás iad agus beirt acu ar comhaltaí d'Fheidhmeannacht Údarás Craolacháin na hÉireann iad.

Léirítear sa tábla thíos comhaltas an Choiste agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2017.

Comhalta	Cruinnithe	Dáta Ceapacháin
An tUas. Ercus Stewart (Cathaoirleach)	10/10	10/03/2015
An tUas. John Hogan	9/10	10/03/2015
Iníon Eimer McGovern	10/10	10/03/2015
Iníon Clodagh O'Donnell	9/9	31/01/2017
Iníon Grace Smith	9/10	02/04/2015
An tUas. Séamus Martin*	7/9	02/04/2015
An tUas. Seán Ó Mordha**	1/1	19/10/2017
An tUas. Neil O'Brien***	7/7	02/04/2015
An Dr. Ciarán Kissane	3/3	14/09/2017
Iníon Celene Craig	10/10	02/04/2015

* chríochnaigh a théarma i mí na Nollag 2017
**a ndeachaigh in ionad an Uas. Martin. An chéad chruinniú mí na Nollag 2017.
***a ndeachaigh in ionad an Dr. Ciarán Kissane

AN COISTE AIRGEADAIS, INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Bunaíodh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca mar bhuanchoiste de chuid an Údaráis Cuimsíonn na dualgais agus na freagracht dá chuid córais um rialú inmheánach, iniúchóireacht sheachtrach agus inmheánach, bainistíocht riosca agus rialú airgeadais. Cuimsíonn comhaltas an Choiste triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta neamhfheidhmiúcháin neamhspleách.

Léirítear sa tábla thíos comhaltas an Choiste agus an freastal ar chruinnithe don bhliain 2017.

Comhalta	Meetings
An tUas. Alan McDonnell (Cathaoirleach)	7/7
An tUas. Seán Ó Mórdha*	5/6
An tUas. Denis Wolinski	7/7
An tUas. Robert Kelly (Neamhfheidh-miúcháin Neamhspleách)**	3/3
Mr. Dermot O'Riordan (Neamhfheidh-miúcháin Neamhspleách)***	2/2
Iníon Mary Curtis****	1/1

*Go dtí mí Dheireadh Fómhair 2017 san áireamh
**Go dtí Iúil 2017 san áireamh
***Ó mhí Dheireadh Fómhair 2017
****Ó mhí na Nollag 2017

FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN

Tacaíonn an fhoireann feidhmiúcháin le hobair an Údaráis, le hobair a Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, ar buanchoiste é, agus le hobair a Choiste um Chomhlíonadh agus a Choiste um Dheonú Conarthaí, ar coistí reachtúla iad.

Is é Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh, a chuimsíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, a threoraíonn obair Údarás Craolacháin na hÉireann agus faigheann sí tacaíocht ó fhoireann bainisteoirí sinsearacha a dhéanann maoirseacht ar straitéis agus ar phleanáil don eagraíocht ina hiomláine i gcomhar le hOifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tá struchtúr maitríse i bhfeidhm ag BAI trína n-oibríonn an fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó.

Tá liosta den fhoireann go léir a bhí fostaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann an 31 Nollaig 2017 leagtha amach thíos:

Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Michael O'Keeffe
Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Celene Craig

Bainisteoirí Sinsearacha:

Aoife Clabby, Stephanie Comey, Ciarán Kissane, Anne O'Brien, Neil O'Brien, Clare O'Sullivan

Bainisteoirí:

Liam Boyle, Diarmaid Breathnach*, Dave Butler, Philip Cooper, Elizabeth Farrelly, Brian Furey**, Sarah Herron, Sally Kennedy, Declan McLoughlin, Louise McLoughlin, Anne Louise O'Donovan, Andrew Robinson, Roger Woods

Oifigigh Feidhmiúcháin:

Rachel Casey, Jill Caulfield, Gillian Collins, Jean Crampton, Teresa Kearns, Martina Mimnagh, Deborah Molloy Bergin, Fionnuala Murphy, Marie Murphy, Sinéad Owens, Annette Stone

Oifigigh Chléireachais:

Lucy Browne, David Carrie, Andrea Leonard, Kevin Morgan, Jessica Scott

Foireann Faireacháin:

Barry Casey, Jeanne Spillane.

*ar shaoire iasachta
**ar shos ghairme

RÁITEAS STRAITÉISE ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN 2017-2019

Cheadaigh an tÚdarás ag an gcruinniú dá chuid i mí na Nollag 2016 Ráiteas Straitéise 2017-2019 ("an Straitéis") de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann agus sheol an tAire Cumarsáide Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Denis Naughton, T.D. é an 22 Feabhra 2017. I mí Eanáir 2017 cheadaigh an tÚdarás plean oibre trí bliana a d'fhorbair an Fheidhmeannacht. Tá an plean oibre foilsithe ar shuíomh gréasáin Údarás Craolacháin na hÉireann.

Tá an tuarascáil arna cur le chéile faoi gach ceann de na cúig théama straitéiseacha agus a gcuid cuspóirí gaolmhara.

BAI
Ráiteas Straitéise
2017–2019

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN | BROADCASTING AUTHORITY OF IRELAND

FÍS

Tírdhreach na meán in Éirinn ina léirítear agus lena múnlaítear an cineál daoine atá ionainn.

MISEAN

- Chun craolachán a rialú, a chothú agus chun tacú leis ar mhaithe leis an bpobal
- Chun iolracht glórtha, tuairimí, soláthraithe agus foinsí sna meáin Éireannacha a chur chun cinn
- Chun ábhar éagsúil den scoth arb ábhartha go cultúrtha é a chothú do luchtanna féachana/éisteachta Éireannacha

LUACHANNA

- Cóir
- Neamhspleách
- Saineolach
- Freagrach

An Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- Éascú do mheascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin chlosamhairc lena bhfeabhsaítear an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.
- Táirgeadh agus infhaighteacht an ábhair chlosamhairc arb ábhartha go cultúrtha é do luchtanna féachana/éisteachta Éireannacha.
- Tírdhreach a chothú sna meáin arb ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht sochaí na hÉireann é.
- Clárúchán den scoth sa Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Fanann an meascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus ábhar cúrsaí reatha go láidir do luchtanna féachana/éisteachta.
- Tá an réimse agus foinsí d'ábhar closamhairc den scoth lena mbaineann ábharthacht chultúrtha a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge, do luchtanna féachana/éisteachta á mhéadú.
- Tá na meáin chlosamhairc Éireannacha níos éagsúla ina n-ábhar agus i measc na ndaoine a bhíonn páirteach ina dtáirgeadh.

An Feabhas agus An Chuntasacht a Ghnóthú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- Rialúchán chun earnáil chraolacháin fhreagrach agus chuntasach a ghnóthú.
- Ceannaireacht a léiriú san fhorbairt inbhuanaithe ach caighdeáin arda sa chleachtadh comhshaoil, sóisialta agus rialachais a shamhaltú agus a chur chun cinn.
- Comhshaol nuálaíoch oibre a chur chun cinn lena n-inspreagtar, lena dtugtar dúshlán agus lena bhforbraítear an BAI.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Is rialtóir iontaofa ag gach geallsealbhóirí é an BAI.
- Aithnítear an BAI agus an earnáil chraolacháin mar shamhlacha den dea-rialachas agus den fhreagracht chorparáideach.
- Tá béascna cheannaireachta agus fheidhmíochta ag an BAI.

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

An díospóireacht phoiblí a chothú agus an beartas a mhúnlú chun éascú do thírdhreach bríomhar dinimiciúil sna meáin.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Feiceann na geallsealbhóirí BAI mar ghlór faisnéiseach, údarásach agus a fheidhmíonn tionchar ar chúrsaí na meán.

Luchtanna Féachana/Éisteachta a Chumhachtú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- Tuiscint, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an phobail i dtírdhreach éabhlóideach na meán a fhorbairt.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Bíonn luchtanna féachana/éisteachta in Éirinn níos nasctha, agus níos rannpháirtí leis an ábhar closamhairc.
- Tacaítear leis na luchtanna féachana/éisteachta in Éirinn chun tuiscint níos mó a fhorbairt ar tháirgeadh agus leithdháileadh an ábhair chlosamhairc, agus chun bheith rannpháirteach ann.

An Nuálaíocht agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

- An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a spreagadh mar ghnéithe dearscnaitheacha d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.
- Aird mhéadaithe ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht ar fud gach gníomhaíocht den BAI a chinntiú.
- Saothrú le geallsealbhóirí chun tacú le gnóthú inbhuanaitheachta níos mó d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.

TORTHAÍ FAOIN MBLIAIN 2019

- Aithnítear an chruthaitheacht agus an nuálaíocht mar shainchomharthaí d'earnáil chlosamhairc na hÉireann agus de ghníomhaíochtaí an BAI.
- Forbraítear samhlacha cistithe inbhuanaithe d'earnáil chlosamhairc na hÉireann.

Alt 1

Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn

Cuspóirí Straitéiseacha

1. Éascú do mheascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus cúrsaí reatha sna meáin chlosamhairc lena bhfeabhsaítear an díospóireacht dhaonlathach agus an tsaoránacht ghníomhach in Éirinn.
2. Táirgeadh agus infhaighteacht an ábhair chlosamhairc arb ábhartha go cultúrtha é do luchtanna féachana/ éisteachta Éireannacha.
3. Tírdhreach a chothú sna meáin arb ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht sochaí na hÉireann é
4. Cláir Ghaeilge ar ardchaighdeán a chothú agus a chur cinn

Torthaí Faoin mBliain 2019

1. Fanann an meascán glórtha, tuairimí agus foinsí nuachta agus ábhar cúrsaí reatha go láidir do luchtanna féachana/éisteachta
2. Tá an réimse agus foinsí d'ábhar closamhairc den scoth lena mbaineann ábharthacht chultúrtha a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear ábhar i nGaeilge, do luchtanna féachana/éisteachta méadaithe
3. Tá na meáin chlosamhairc Éireannacha níos éagsúla ina n-ábhar agus i measc na ndaoine a bhíonn páirteach ina dtáirgeadh.

Tá ceithre bhunsprioc inghnóthaithe laistigh den phlean oibre a thacaíonn go príomha leis na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Clúdaíonn siad réimse iolracht na meán, seirbhísí craolacháin, scéimeanna maoinithe craolacháin agus an éagsúlacht sa sochaí in Éirinn. Déantar tuilleadh plé fúthu thíos faoi seo.

Iolarthacht na Meán

I rith saolré na straitéise, leanfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann le beartas feasach a chur in iúl maidir le hIolracht na Meán in Éirinn lena dtacaíonn taighde iomchuí. Soláthróidh Údarás Craolacháin na hÉireann comhairle freisin don Aire de réir mar is gá.

Dr. Pauric Travers, Dr. Eileen Culloty agus Michael O'Keeffe ag an seoladh don Tuarascáil ar an Nuacht Dhigiteach ó Reuters 2017.

Ba é bunsprioc inghnóthaithe de chuid an chuspóra seo Beartas Iolrachta a fhorbairt. Cuimseoidh an obair seo athbhreithniú ar Bheartas Úinéireachta agus Rialaithe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, ina leagtar amach an cur chuige rialála a ghlacfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann agus na rialacha a fhorfheidhmeofar maidir le húinéireacht agus rialú na seirbhísí craolacháin. Tá an beartas seo arna úsáid ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí craolacháin agus nuair a dhéantar iarratais ar athruithe a dhéanamh ar struchtúir úinéireachta agus rialaithe sealbhóirí conarthaí a mheas. In 2017, cheadaigh Údarás Craolacháin na hÉireann an cur chuige a nglacfaí maidir le Beartas Iolrachta a fhorbairt in 2018 agus an t athbhreithniú ar an mBeartas Úinéireachta agus Rialaithe. Cuirfear tús leis seo le hathbhreithniú dlínsiúil agus áireofar freisin taighde agus comhairliúchán.

- *Tuarascáil Nuachta Digití Reuters 2017*

  Ba í an bhliain 2017 an séú bliain ar cuireadh Éire san áireamh sa Tuarascáil Nuachta Digití de chuid Institiúid Reuters arna chomhordú ag Institiúid Reuters do Staidéar na hIriseoireachta in Oxford. Is cuid í an tuarascáil seo de chorpas taighde atá ag dul i méid a fhaigheann tacaíocht ó Údarás Craolacháin na hÉireann i gcomhthéacs dá thiomantas go gcinnteofaí go bhfanfaidh ar bhonn láidir an meascán de ghuthanna, de thuairimí agus d'fhoinsí nuachta atá ar fáil do luchtanna féachana agus éisteachta in Éirinn.

  Tharraing an tuarascáil aird ar an timpeallacht dhúshlánach atá ann do mheáin thraidisiúnta agus an borradh i dtairiscintí digiteacha arna dtiomáint ag an teicneolaíocht nua agus sochaí a bhfuil cumas digiteach níos láidre aici. Is ábhar imní iad na deighiltí ó ghlúin go glúin agus na cinn déimeagrafacha i ndáil le hoibriú éifeachtach i dtaca le hiolracht na meán i sochaí dhaonlathach. Is iad seo dúshláin chasta a dteastaíonn réitigh samhlaíocha uathu. Mar fhocal dearfa, tá iontaoibh daoine in Éirinn sa nuacht níos airde ná ag na comparadóirí idirnáisiúnta. Teastaítear cumas meas criticiúil a dhéanamh ar an bhfaisnéis a sholáthraítear a bheith ann, áfach, le hais na hiontaoibhe seo. Tá ábharthacht nach beag ar an obair atá idir lámha ag Údarás Craolacháin na hÉireann ar litearthacht in úsáid na meán chuige seo.

- *Scrúdú Cumaisc Meán*

  Go luath in 2017, d'iarr an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar Údarás Craolacháin na hÉireann scrúdú cumaisc meán iomlán a dhéanamh faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 i leith éadála Celtic Media Newspaper Group Ltd ag Independent News & Media Holdings (Ireland) Limited. I scrúdú den sórt sin maidir le cumasc meán, ceanglaítear ar Údarás Craolacháin na hÉireann imscrúdú mionsonraithe a dhéanamh maidir leis an gcumasc beartaithe d'fhonn teacht ar thuairim ar an éifeacht dhóchúil de ar iolarthacht na meán sa Stát. D'urscaoil an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an cumasc i mí na Samhna 2016.

  De réir mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht, d'fhoilsigh Údarás Craolacháin na hÉireann iarratas an Aire ar www.bai.ie agus d'iarr an tÚdarás go comhuaineach ar aighneachtaí ón bpobal maidir leis an gcumasc beartaithe. Fuarthas 41 aighneacht faoin spriocdháta. Ina theannta sin, d'iarr Údarás Craolacháin na hÉireann ar aighneacht ón gComhchoiste Oireachtais agus, ar iarratas a bheith faighte ón gComhchoiste, sholáthair an tÚdarás faisnéis do Chomhaltaí an Chomhchoiste i mí Eanáir. Thionóil an Comhchoiste seisiún poiblí ina dhiaidh sin i mí Feabhra, ar ar fhreastal na gnóthais, agus tugadh cuirí d'fhinnéithe agus do gheallsealbhóirí iomchuí. Chuir an Comhchoiste aighneacht ina dhiaidh sin faoi bhráid Údarás Craolacháin na hÉireann maidir leis an gcumasc beartaithe.

  Cheap an tAire Painéal Comhairleach freisin chun tuairim réasúnta a sholáthar d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le cur chun feidhme na gcritéar ábhartha maidir leis an gcumasc meán seo. D'fhostaigh Údarás Craolacháin na hÉireann Communications Chambers freisin chun tuarascáil a ullmhú ar an gcumasc beartaithe i gcomhthéacs an chreata reachtúla ag féachaint do na doiciméid agus na haighneachtaí ábhartha go léir.

  Bhuail an tÚdarás le chéile an 16 agus an 23 Márta chun a t-ábhar a bhreithniú agus chun dréacht thuarascáil a chur le chéile. Cuireadh é seo faoi bhráid na ngnóthas lena dtuairimí a fháil agus rinne Údarás Craolacháin na hÉireann a bhfreagraí a mheas le linn don Údarás a Thuarascáil a chríochnú. Cuireadh Tuarascáil dheiridh faoi bhráid an Aire i mí na Bealtaine lena n-áirítear moladh go mba chóir go mbeidh trí choinníoll ag gabháil le haon cheadú i ndáil leis an idirbheart beartaithe.

  Chinn na páirtithe gan dul ar aghaidh leis an gcumasc beartaithe sular eisigh an tAire an cinneadh deiridh.

Straitéis Seirbhísí Craolacháin

Ós rud é go bhfuil sé ar an gcomhlacht atá freagrach as seirbhísí craolacháin, de bhreis orthu sin a chuireann RTÉ agus TG4 ar fáil, a cheadúnú in Éirinn, tá sé mar aidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann beartais agus pleananna ceadúnúcháin dinimiciúla a éascú.

Soláthraíonn an Straitéis Seirbhísí Craolacháin ("SSC") creat le go gcuireann Údarás Craolacháin na hÉireann pleananna ceadúnúcháin agus gníomhaíochtaí gaolmhara ceadúnúcháin le chéile. Sa chéad tuarascáil, a foilsíodh in 2012, bhíothas ag súil le hathrú agus éabhlóid i dtírdhreach na meán. Tá méid agus luas an athraithe seo méadaithe go mór, ámh, agus leanann sé ar aghaidh ar an gcaoi sin. Cuirtear isteach go suntasach anois ar an timpeallacht craolacháin agus is dúshlán í toisc an ráta forbartha as cuimse atá tagtha anois ar na teicneolaíochtaí digiteacha. Chomhaontaigh an tÚdarás, ag féachaint don athrú agus don dúshlán seasta seo, go raibh athbhreithniú ar an SSC iomchuí agus tráthúil.

D'fhonn tacú le SSC feasach freagrach athbhreithnithe, choimisiúnaigh an tÚdarás measúnú saineolach neamhspleách ar an tírdhreach craolacháin. Thug sainchomhairleoirí Mediatique faoi seo, le linn an dara leath den bhliain. Áirítear sa taighde breithniú ar threochtaí reatha agus na cúiseanna is dóchúla maidir le hathrú náisiúnta agus idirnáisiúnta; an acmhainneacht maidir le seirbhísí agus samhlacha nua; inbhuanaitheacht ioncam; riachtanais agus roghanna an lucht féachana agus éisteachta; iompar tomhaltóirí; forbairtí ardáin agus dáilte; agus an creat rialála.

Tacaíodh freisin leis an measúnú ar an tírdhreach meán trí thaighde ar an lucht féachana/éisteachta d'fhonn riachtanais agus roghanna príomha lucht féachana agus éisteachta in Éirinn a aithint mar aon le glaoch poiblí ar aighneachtaí ó pháirtithe ar spéis leo seirbhísí fuaime craolacháin nua analóige a sholáthar. Cuireadh mionscrúdú orthu siúd le linn an tionscadail taighde. Cuireadh dréacht-thuarascáil faoi bhráid an Údaráis i lár mhí na Nollag 2017. Chuir an taighde seo bonn eolais chun teacht ar dréacht-SSC le haghaidh na céime comhairliúcháin den straitéis le bheith ar siúl sa chéad leath den bhliain 2018.

- *Gníomhaíocht Ceadúnúcháin sa bhliain 2017*

  Chomhaontaigh an tÚdarás plean gníomhaíochta don bhliain 2017 i mí Aibreáin agus chuir an Coiste um Dheonú Conarthaí i bhfeidhm é ina dhiaidh sin. Le blianta beaga anuas, cinneadh na pleananna ceadúnúcháin seo, ar an mórgóir, le teacht an dáta a bhí ann ar a ndeachaigh na conarthaí craolacháin fuaime a bhí ann cheana féin in éag. I rith 2017, chuir an Coiste próisis i bhfeidhm maidir leis an ceadúnúchán ar 3 sheirbhís raidió tráchtála, 11 sheirbhís raidió pobail agus 4 sheirbhís raidió pobail chomhleasa. Áirítear leo siúd na próisis a cuireadh tús leo sna blianta roimhe sin.

  Faoi dheireadh na bliana, síníodh deich gconradh craolacháin fuaime, bhí tús curtha le céim idirbheartaíocht na gconarthaí sna próisis ceadúnúcháin maidir le cúig sheirbhís raidió eile, agus bhí próisis maidir leis an trí sheirbhís raidió a bhí fanta ar siúl.

Conradh á shíniú le Flirt FM: John Hannon, Bernadette O'Sullivan, Dr. Pauric Travers agus Michael O'Keeffe

Conradh á shíniú le Limerick's Live 95FM: Jimmy Buckland, Joe Nash, Ronan McManamy, Dr. Pauric Travers agus Michael O'Keeffe

Raidió Tráchtála

Chuir an Coiste um Dheonú na gConarthaí an ceadúnúchán maidir le trí sheirbhís tráchtála raidió i gcrích le linn 2017 agus síníodh na conarthaí ina dhiaidh sin, mar a leanas:

- Today FM, Seirbhís raidió náisiúnta ar fhormáid leathan raidió;
- Spin South West, Seirbhís raidió réigiúnach don óige le tiomantas ceoil do cheantar Iardheisceart na tíre; agus
- Live 95FM Luimnigh, Seirbhís raidió áitiúil ar fhormáid leathan do Chathair agus do Chontae Luimnigh.

Raidió Pobail

Le linn na bliana chuir an Coiste na próisis ceadúnúcháin i bhfeidhm maidir le 14 as 15 sheirbhís raidió pobail agus sheirbhís raidió pobail chomhleasa, a áiríodh sa phlean. Faoi dheireadh 2017, shínigh ceithre sheirbhís raidió pobail agus trí sheirbhís raidió pobail chomhleasa do mhic léinn conarthaí mar a leanas:

- Community Radio Kilkenny City, (Cathair Chill Chainnigh agus an ceantar Máguaird); Community Radio Castlebar, (Baile Chaisleán an Bharraigh agus an ceantar Máguaird); Connemara Community Radio, (Iarthuaisceart Chonamara); Phoenix FM, (Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath)
- Flirt FM, (mic léinn Chathair na Gaillimhe); Wired FM, (mic léinn Chathair Luimnigh); UCC FM, (mic léinn Chathair Chorcaí)

Bhí na próisis ceadúnúcháin fós ar siúl maidir leis na seirbhísí a bhí fanta, le líon suntasach díobh beagnach i gcrích faoi dheireadh mhí na Nollag. Comhaontaíodh go gcuirfí tús leis an próiseas ceadúnúchán do Chlár Clainne Mhuiris agus an ceantar Máguaird sa bhliain 2018.

Tá sonraí sa tábla thíos faoi na 18 seirbhís a áirítear sna pleananna ceadúnúcháin sa tréimhse sin.

Cineál Staisiúin	Limistéar an tSaincheadúnais	An Lucht Éisteachta Sprice
Seirbhís Tráchtála: Áitiúil ar Fhormáid leathan	Cathair agus Contae Luimnigh	Gach duine fásta
Seirbhís Tráchtála: Náisiúnta ar Fhormáid leathan	Náisiúnta	Gach duine fásta
SeirbhísTráchtála: Réigiúnach le Tiomantas ceoil (Óige)	Réigiúnach: Iardheisceart na hÉireann	Daoine idir15 – 34 bliana d'aois
Seirbhís Pobail	Cathair Chill Chainnigh agus an ceantar Máguaird	An Pobal Áitiúil
	Clár Chlainne Mhuiris agus an ceantar Máguaird	
	Trá Mhór agus an ceantar Máguaird	
	Oirthuaisceart Bhaile Átha Cliath	
	Caisleán an Bharraigh agus an ceantar Máguaird	
	Iarthuaisceart Chonamara	
	Deisceart Bhaile Átha Cliath	
	Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath	
	Leithinis Cheann Léime – Siar ó Chill Rois agus ón Dún Beag	
	Iardheisceart Thiobraid Árann-Bailte Thiobraid Árann agus Caiseal agus an ceantar Máguaird	
	Eochaill agus an ceantar Máguaird	
Seirbhís Pobail Chomhleasa	Cathair na Gaillimhe	Mic Léinn
	Cathair Luimnigh	Mic Léinn
	Cathair Chorcaí	Mic Léinn
	Cathair Chorcaí	Pobal Críostaí

Iarratais ar Sheirbhísí Sealadacha Craolachán Fuaime

De bhreis ar phleananna ceadúnúcháin bliantúla a chur i bhfeidhm, déantar próiseáil ar iarratais chun seirbhísí raidió sealadacha a oibriú i rith na bliana. Faightear na hiarrthóirí rathúla de ghnáth in dhá earnáil; iad siúd a oibríonn seirbhís raidió sealadach ar feadh uasmhéid 30 lá i dtréimhse 12 mhí, agus iad siúd a oibríonn seirbhís raidió pobail píolótach sealadach ar feadh uasmhéid 100 lá i dtréimhse 12 mhí.

In 2017, mhol an Coiste um Dheonú Conarthaí 20 conradh craolacháin fuaime sealadach a dhéanamh. Bhí ocht de na hiarratais a fuarthas ó ghrúpaí pobail píolótach seanbhunaithe agus bhí ceann amháin ó ghrúpa ionchasach nua pobail. Sna cásanna seo, thosaigh na hiarrthóirí rathúla a gcuid seirbhísí craolacháin pobail ar bhonn píolótach d'fhonn taithí a fháil i dtaca le seirbhís raidió a oibriú. Cuireadh idirbheartaíochtaí conartha i gcrích le linn 2017 do na grúpaí seo a leanas a rinne conarthaí go gcraolfaí ar feadh uasmhéid 100 lá i dtréimhse 12 mhí:

Seirbhísí Raidió Pobail Píolótacha	
Tramore Community Radio	Trá Mhór agus an Ceantar Máguaird
Finn Valley FM	Ceantar Ghleann na Finne i nDún na nGall
Limerick City Community Radio	Cathair Luimnigh
Rosses Community Radio	Ceantar na Rosann i nDún na nGall
Westport Community Radio	Baile Chathair na Mart agus an ceantar Máguaird
Cork City Community Radio	Cathair Chorcaí
Owenea FM	Ceantar Ard an Rátha agus na nGleanntach de Dhún na nGall

Maidir leis na hiarrthóirí rathúla ar mhian leo seirbhísí raidió sealadacha a oibriú, a chraolann ar uasmhéid 30 lá, oibríonn siad ar mhaithe le líon cúiseanna éagsúla ar nós féilte, ócáidí pictiúrlanna tiomáin isteach, tionscnaimh shóisialta/chultúrtha, campais ollscoile agus seirbhísí séasúracha. I measc na samplaí díobh siúd tá seirbhísí na mac léinn i gColáiste Bhaile Formaid agus i gColáiste na Carraige Duibhe, an tseirbhís raidió ilchathrach sealadach a bhfuil tóir uirthi Christmas FM agus Walk in My Shoes Radio a oibríonn Seirbhísí Meabhair-Shláinte Ospidéal Naomh Pádraig.

Conarthaí Soláthar Lánais

Déantar foráil le halt 71 den Acht Craolacháin 2009 do chonarthaí lánais a dheonú le haghaidh teilifíse agus raidió. Ceanglaítear ar iarrthóirí rathúla craoladh ar leithligh a shocrú ar ardán iomchuí, bíodh sé ar theilifís chábla, ar theilifís satailíte, ar theilifís trastíre dhigiteach nó ar Phrótacal Idirlín. Fuarthas dhá iarratas den sórt sin in 2017, inar deonaíodh conradh ar gach iarrthóir: Eurasian Broadcasting Enterprises Limited, le haghaidh Setanta Sports Eurasia agus Setanta Sports Eurasia + le haghaidh craolachán spórt teilifíse isteach sna réigiúin Baltacha agus Eoráiseacha.

- *Bainistíocht agus Pleanáil Speictrim*

  Is é an aidhm atá le bainistíocht speictrim a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr is féidir as an speictream raidió ón taobh sóisialta, eacnamaíoch agus teicniúil de. Lean Údarás Craolacháin na hÉireann ar fud na bliana 2017 le páirt a ghlacadh i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta um pleanáil speictrim agus teicneolaíocht chraolacháin chun timpeallacht dhearfach a chinntiú le haghaidh fhorbairt na seirbhísí craolacháin in Éirinn. Dréachtaítear comhaontuithe agus comhaontaítear na saintréithe teicniúla de stáisiúin chraolacháin idir tíortha in aice láimhe, a chabhraíonn lena chinntiú go bhfuil rochtain chothrom ag gach ar an speictream raidió.

  Bíonn sé riachtanach go minic minicíochtaí a athúsáid leis an raon is mó seirbhísí a chinntiú. Is féidir leis an méid seo a bhaint amach leis an roghnú cuí a dhéanamh ar shuíomh agus ar mhinicíocht, ar aintéine threóch tharchuir agus ar chumhacht tharchurtha is leordhóthanach í chun seirbheáil a dhéanamh ar an limistéar beartaithe le linn don oiread trasnaíochta is lú a dhéanamh ar limistéir eile. Tá sé tábhachtach freisin anailís a dhéanamh ar na tograí craolacháin ó thíortha in aice láimhe lena chinntiú nach dteorannódh aon athruithe go míchuí clúdach na gcraoltóirí reatha nó iad siúd sa todhchaí in Éirinn.

  I rith 2017, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann tograí tarchurtha nua a mheas agus modhnuithe ar líonraí tarchurtha a shainaithint freisin chun clúdach líon seirbhísí raidió a fheabhsú agus/nó a mhéadú. Lorgaíodh ceadúnais freisin ó ComReg le haghaidh stáisiúin raidió phobail phíolótacha nó shealadacha agus le haghaidh seirbhísí nua.

  Cuireadh an beart chun pleanáil a dhéanamh ar scaoileadh cuid bhreise den bhanda teilifíse UHF le haghaidh úsáid shoghluaiste i gcrích sa chéad ráithe de 2017. Cuirfear é seo i bhfeidhm nuair a athróidh na tarchuradóirí de chuid Saorview agus Freeview de chuid na Ríochta Aontaithe a minicíocht in 2019/2020. Bhí obair na míonna i gceist ag ComReg, 2m, Údarás Craolacháin na hÉireann agus ár macasamhlacha sa Ríocht Aontaithe ar an athphleanáil. I gcomhthráth leis an athphleanáil ar

Theilifís Dhigiteach, rinneadh tograí eile ón Ríocht Aontaithe maidir le seirbhísí raidió DAB, AM agus FM a mheas lena chinntiú nach dteorannódh siad go míchuí clúdach na gcraoltóirí reatha nó iad siúd sa todhchaí in Éirinn. Comhaontaíodh saintréithe tarchuir le haghaidh seirbhísí raidió digiteacha ionchasacha in Éirinn leis an Ríocht Aontaithe freisin, mar chuid den phróiseas seo.

Na Scéimeanna um Maoiniú Craolacháin

Leanann Údarás Craolacháin na hÉireann le forbairt agus le cur i bhfeidhm na scéimeanna um maoiniú craolacháin a thacaíonn leis an méadú i dtáirgeadh agus i rochtain ar lánas closamhairc Éireannach éagsúil, nuálaíoch agus ábhartha ó thaobh an chultúir de. Is í an sprioc go méadófar ar an rochtain phoiblí ar chláir ardcháilíochta teilifíse agus raidió i mBéarla agus i nGaeilge. Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an gciste seo a riaradh ó bunaíodh é faoi reacht sa bhliain 2003. Cruthaítear ioncam an Chiste trí 7% de ghanfháltais bhliantúla na táille ceadúnais teilifíse. Oibrítear dhá scéim faoin gCiste:

- **Fuaim & Fís 3**, a thacaíonn leis an maoiniú agus le bearta coimhdeacha;

agus,

- **An Scéim um Chartlannú**, a mhaoiníonn cartlannú a dhéanamh ar ábhar áirithe craolacháin.

- *Fuaim & Fís 3*

  Cuireadh i gcrích dhá bhabhta d'Fhuaim agus Fís i rith 2017. Le linn na bliana tacaíodh le 63 thionscadal teilifíse le luach de bheagnach €10.2m orthu le linn do thacaíocht a thabhairt do 176 thionscadal raidió le luach €1.1m orthu. I gcomhréir le riachtanas na scéime agus an sprioc inghnóthaithe "go n-áireofar lánas i nGaeilge", soláthraíodh €2,78m nó 25% den leithroinnt iomlán chun tacaíocht a thabhairt do 30 tionscadal i nGaeilge nó do chinn dhátheangacha.

  Le linn 2017, forghníomhaíodh 288 gconradh maoinithe agus cuireadh 295 chonradh maoinithe i gcrích. Ina iomláine, íocadh amach tuairim is €12.1m i maoiniú deontais le haghaidh cláir Raidió agus Teilifíse maidir le 664 idirbheart aonair íocaíochta.

Raidió

Maidir le raidió, le linn 2017 thacaigh an Scéim le 176 gclár a tháirgeadh le luach de €1.1milliún orthu a sceidealadh lena chraoladh thar 39 seirbhís sa Stát.



Poc na nGael: Na Montreal Shamrocks, a bhuaigh an Stanley Cup i 1899.

Amhránaí Lorraine MacIntosh sa chlár faisnéise maoinithe ag an BAI, Bus Ghlaschú

Deonaíodh maoiniú do 77 dtionscadal le luach €420k orthu lena chraoladh ar chainéil tráchtála; 78 dtionscadal le luach €412k orthu lena chraoladh ar sheirbhísí pobail agus 20 tionscadal le luach €265k orthu lena chraoladh ar chainéil seirbhíse poiblí. Ina theannta sin, deonaíodh do chlár le luach €5k air maidir le dhráma a socraíodh lena chraoladh ar an tseirbhís chraolacháin institiúideach "St. Ita's Hospital Radio".

Leagtar amach thíos roinnt faisnéise agus buaicphointí de chláir a maoiníodh agus/nó a craoladh ar an Raidió Éireannach sa bhliain 2017:

- *Drámaíocht*

  Díreach mar a tharla sna blianta roimhe seo, b'amhlaidh go raibh an tóir ar dhrámaíocht raidió le feiceáil go soiléir i measc na n-iarratas in 2017 agus tairgeadh €179k i maoiniú do 29 dtionscadal drámaíochta, an chuid is mó díobh atá socraithe lena craoladh ar chraoltóirí tráchtála agus pobail. I measc na ndeontas a dámhadh, tugadh maoiniú de €3.4k do Life FM chun a thionscadal "Visit Your Grandfather" a léiriú, dráma uair ar fad a dhéanann plé ar an bhfaillí ar dhaoine scothaosta agus chraol Phoenix FM an dráma stairiúil greannmhar ar a dtugtar ""The A.R.T of Television" leis an léiritheoir neamhspleách Gareth Stack.

- *Cláir Faisnéise*

  Lean iarratais na gclár faisnéise mar an bhformáid iarratais is mó tóir a cuireadh isteach go dtí an Scéim agus lean na hiarratais seo ar aghaidh le tacaíocht láidir a fháil. Is iad cláir faisnéise 122 de na 176 iarratas raidió ar tacaíodh leo i rith 2017, a díríodh ar éagsúlacht luchtanna éisteachta. Tá tionscadail socraithe lena chraoladh ar mheascán de chineálacha seirbhíse. Léirigh KCLR 96FM an clár faisnéise "The Skinny on Schism" tar éis dó €10k a fháil don tionscadal. Léirigh Paul Wright an clár faisnéise stairiúil "Making A Difference – Stories of Irish Women Working in Faraway Lands", a craoladh ar Dublin City FM.

- *Cláir Shiamsaíochta*

  Fuair 14 thionscadal siamsaíochta tacaíocht in 2017. I measc na ndámhachtana suntasacha áirítear €80k don chuideachta léiriúcháin neamhspleách Sideline Productions le haghaidh an 3ú sraith dá cuid de "Comedy Showhouse". Fuair Connemara Community Radio €25k d'fhonn a shraith 'Arts on Air' dá chuid a thabhairt ar ais. Fuair RTÉ €70k chun cabhair a thabhairt don chlúdach atá á phleanáil ag an stáisiún do RTÉ Radio 1 Folk Awards sa bhliain 2018.

Sam Keeley agus Tom Vaughan-Lawlor sa dráma The Cured

Building Ireland: Láithreoir Susan Hegarty

- *Oideachas*

  Dámhadh níos mó ná €80k ar 11 thionscadal oideachais san iomlán a chlúdaigh éagsúlacht seánraí agus a socraíodh lena chraoladh thar sheirbhísí. Díríodh formhór na dtionscadal seo ar luchtanna éisteachta leanaí agus teaghlach. Léirigh agus chraol Athlone Community Radio an tsraith "Take 5" a bunaíodh ar chleachtais sláinte, tar éis dó €3.6k a fháil don tionscadal.

- *Cláir i nGaeilge agus cláir dhátheangacha*

  Soláthraíodh beagnach €90k do dheich dtionscadal raidió i nGaeilge agus do cheithre thionscadal raidió dhátheangacha. Tá na tionscadail seo socraithe lena chraoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus ar chraoltóirí pobail: Raidió na Life, Raidió Corca Baiscinn, Claremorris Community Radio, Dundalk FM agus Dublin South FM. Léirigh an léiritheoir neamhspleách an clár oideachasúil "Cleachtadh A Dhéanann Máistreacht Vol. 3" tar éis €6.5k a bheith dáfa don tionscadal.

Gradaim Raidió

Rinne roinnt tionscadal raidió a fuair maoiniú ó Údarás Craolacháin na hÉireann ionadaíocht ag Dámhachtainí na gClár Raidió is Fearr ar Domhan de chuid Fhéilte Nua-Eabhrac. Bronnadh an dámhachtain óir ar Grey Heron Media don tionscadal "Ireland 2016: As it lives and breathes" a chraol RTÉ. Bronnadh an dámhachtain airgid ar Audio Portraits Limited as an tionscadal "No Roses around my Cottage" a chraol Newstalk. Ag Dámhachtainí PPI bhuaigh Cathal Funge dámhachtain don chlár faisnéise ceoil dá chuid "1977", a chraol Today FM.

Teilifís

Thacaigh an scéim in 2017 le tionscadail lena gcraoladh ar 12 chainéal teilifíse éagsúla. Leithroinneadh níos mó ná €7m do thionscadail lena gcraoladh ar chainéil seirbhíse poiblí, níos mó ná €2m ar thionscadail ar le craoltóirí poiblí iad agus €225k le haghaidh cláir lena gcraoladh thar an dá chainéal teilifíse pobail.

Leagtar amach thíos roinnt faisnéise agus buaicphointí clár maidir le cláir a maoiníodh agus/nó a craoladh ar Theilifís na hÉireann in 2017:

- *Cláir Faisnéise*

  Fuarthas 108 n-iarratas maidir le cláir faisnéise le linn na bliana agus dámhadh níos mó ná €3m i maoiniú ar léiritheoirí neamhspleácha agus ar chuideachtaí léiriúcháin le craoladh a dhéanamh ar chraoltóirí craolacháin seirbhíse poiblí, tráchtála agus pobail. Clúdaíonn an maoiniú seo éagsúlacht leathan ábhar ón gclár faisnéise de chuid Ross Whitaker "Katie", a socraíodh lena chraoladh ar RTÉ 1, a dhéanann cur síos ar aistear Katie Taylor ón dornálaíocht amaitéarach go dtí an taobh gairmiúil den spórt sin agus "A Woman's Place" de chuid EMM Productions a dhéanann cur síos ar aistear an ealaíontóra Noel Murphy le linn dó comhaltaí go léir baineanna de chuid an Oireachtais a phéinteáil in aon phictiúr amháin. Craoladh é seo ar Oireachtas TV.

- *Drámaíocht*

  Roinn ceithre chuideachta léiriúcháin neamhspleácha dhéag maoiniú de €3m do thionscadail dhráma teilifíse le linn 2017. Tugadh sé dhámhachtain do dhrámaí fhada lena gcraoladh ar RTÉ agus TV3. I measc léiriúcháin eile a maoiníodh, bhí an tsraith de chuid Deadpan Productions "Can't Cope, Won't Cope" agus an tsraith de chuid Blinder Films Ltd "Striking Out" a socraíodh lena chraoladh ar RTÉ. Rinneadh dámhachtain de €500,000 i maoiniú do Parallel Films Production Limited don tsraith drámaíochta coiriúla "Darklands" atá suite le linn cogadh droinge i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus atá arna pleanáil lena craoladh ar TV3. Rinneadh rannchuidiú freisin do bhuiséad an léiriúcháin de chuid Vico Films "The Young Offenders" a craoladh ar RTÉ.

- *Cláir Bheochana*

  Tugadh tacaíocht d'ocht dtionscadal Beochana, iad ar fad dírithe ar lucht féachana leanaí agus/nó teaghlaigh a chlúdaigh éagsúlacht téamaí, lena n-áirítear "The Day Henry Met" a socraíodh lena chraoladh ar RTÉ 2 agus an tsraith de chuid Igloo Productions "Peek Zoo" a leanann eachtraí coimeádaí zú agus a bheirt leanaí. Dámhadh maoiniú freisin ar Cartoon Saloon dá léiriúchán "Wolfwalkers" eachtra beochana do leanaí.

- *Oideachas*

  Tairgeadh maoiniú €840K san iomlán do cheithre thionscadal oideachais le linn na bliana lena n-áirítear don cheathrú sraith den tionscadal de chuid Indiepics "Doctor in the House", a socraíodh lena chraoladh ar TV3 agus do "Tír na nÓg" de chuid Macalla Teoranta, ar sraith foghlama Gaeilge í do leanaí réamhscoile ar RTÉJr.

- *Cláir Shiamsaíochta*

  Tairgeadh maoiniú de níos mó ná €1.4m d'ocht gcuideachta léiriúcháin neamhspleácha agus do chraoltóir pobail amháin chun tionscadail siamsaíochta a léiriú a socraíodh lena gcraoladh ar TG4, RTÉ, TV3 agus DCTC. I measc na dtionscadal a maoiníodh bhí "Design Masters" de chuid Big Mountain, a socraíodh lena chraoladh ar RTÉ, an clúdach Near TV de "More Than a Rose Festival 2017" ó Pháirc Naomh Áine i mBaile Átha Cliath agus "Cardboard Gangsters" a léirigh Stalker Films Ltd., a fuair a chéad taibhiú i bpictiúrlanna Éireannacha i mí an Mheithimh 2017 agus a chraol TV3 níos déanaí sa bhliain.

- *Tionscadail teilifíse pobail*

  Léiríodh agus craoladh an tionscadal faoi litearthacht sna Meáin "Edit Delete" ar DCTV leis an gcuspóir cabhair a thabhairt do mhic léinn na hArdteistiméireachta agus léiríodh "Shakespeare Unwrapped" freisin. Cuireadh críoch le "The Limerick Brigadistas" agus "Kickstart" freisin ar Cork Community Television.

Dámhachtainí

I measc na dtionscadal a mhaoinigh Fuaim agus Fís bhí "Song of Granite" ceiliúradh de cheol agus de shaol an amhránaí sean-nós Seosamh Ó hÉanaí a gearrliostaíodh do dhámhachtain Oscar; "Building Ireland" de chuid Esras Films Ltd. a bhuaigh dámhachtain de chuid Comhlachas Oidhreachta Tionsclaíoch na hÉireann (IHIA); agus an scannán "A Date for Mad Mary" agus an tsraith dráma "An Klondike", "Acceptable Risk" agus "Wrecking the Rising" ar bhuaigh gach ceann díobh dámhachtain de chuid Acadamh Scannán agus Teilifíse na hÉireann (IFTA).

Feasacht faoin Scéim

Eagraíonn Údarás Craolacháin na hÉireann seisiúin eolais, glacann sé páirt i bplé painéil le léiritheoirí, téann sé i dteagmháil le mic léinn na meáin tríú leibhéal agus téann sé i mbun plé le craoltóirí chun feasacht a chraobhscaoileadh faoi chuspóirí na Scéime agus conas rochtain a fhail uirthi laistigh den tionscal. Le linn 2017, choinnigh Údarás Craolacháin na hÉireann leis an obair feasachta agus le tacaíocht a thabhairt d'ócáidí an tionscail lena n-áirítear Féile Idirnáisiúnta Scannán Bhaile Átha Cliath, Fleadh Scannán na Gaillimhe agus an féile clár faisnéise Guth Gafal.

Song Of Granite: Amhránai Sean Nós, Joe Heaney

Fuaim agus Fís 3 – Bearta Coimhdeacha

Tá an scéim ag éascú forbairt clár trí mhaoiniú a chur ar fáil do bhearta coimhdeacha. Áirítear ina measc in 2017:

Scéim Forbartha Cine4

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann, TG4 agus Bord scannáin na hÉireann tar éis comhoibriú lena chéile ar Scéim Forbartha Cine4, tionscnamh nua cómhaoinithe chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do léiriúchán scannán fada i nGaeilge. Is é an cuspóir leis seo uchtach a thabhairt do scéalaíocht láidir, do thálann físiúil agus do luachanna láidre léiriúcháin le haghaidh an scáileáin mhóir. Tá ceithre bhabhta den scéim arna bpleanáil idir 2017 agus 2020.

Tar éis don Scéim a sheoladh ag Féile na Meán Ceilteach i mí na Bealtaine 2017, fuarthas 30 iarratas ó 21 chuideachta agus fógraíodh cúig dhámhachtain de €25k an ceann i mí Iúil. Lean na tionscadail rathúla ar aghaidh le scripteanna scannáin agus pleananna léiriúcháin a fhorbairt ar a ndearnadh measúnú ag deireadh 2017 agus roghnaíodh dhá léiriúchán, "Finky" agus "Arracht" chun tacaíocht léiriúcháin a thabhairt dóibh. I mí na Nollag fógraíodh torthaí an dara Babhta den scéim. Roghnófar dhá thionscadal faoin mbabhta seo chun tacaíocht léiriúcháin a thabhairt dóibh in 2018.

Dreasacht Comhfhorbartha Cheanada-na hÉireann

Lean Ciste Meán Cheanada (CMF) agus Údarás Craolacháin na hÉireann lena gcomhoibriú ar an gciste seo chun uchtach a thabhairt do léiritheoirí ó Cheanada agus ó Éire tionscadail teilifíse a chomhfhorbairt. Tá an dreasacht seo ag iarraidh an rath a bhain le comhléirithe Cheanada-na hÉireann le déanaí, lena n-áirítear na scannáin a bhuaigh dámhachtana "Brooklyn" agus "Song of the Sea", agus na sraitheanna teilifíse "Rebellion" agus "Vikings". Tugann na léirithe seo aird ar luach agus neart an naisc chultúrtha ghair idir Cheanada agus Éire. Tacaíonn an ciste seo le céimeanna forbartha na dtionscadal rathúil a chomhlíonann téamaí na Scéime Fuaim & Fís agus cuspóirí CMF. Tugadh maoiniú do cheithre thionscadal i lár na bliana lena n-áirítear "The Edge", comhléiriú idir Facet 4 Media (Ceanada) agus Saffron Pictures (Éire) agus "The Week I Ruined my Life", comhléiriú idir Farpoint Films (Ceanada) agus AMN Productions (Éire). I mí na Samhna fógraíodh an dara céim den scéim a bheidh ar siúl ó 2017 go dtí 2019.

- *An Scéim um Chartlannú 2*

  Tríd an Scéim um Chartlannú, soláthraíonn Údarás Craolacháin na hÉireann tacaíocht chistiúcháin d'fhonn cultúr cartlannaithe in earnáil chraolacháin na hÉireann a fhorbairt a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. I measc na dtionscadal a maoiníodh le tacaíocht ón Scéim bhí an Tionscadal Fógraí de chuid Cartlann Scannán na hÉireann, ina ndearnadh caomhnú agus digitiú ar rogha d'fhógraí theilifíse ó na 1960adaí go dtí na 1980adaí. Tá an tionscadal seo tar éis a chur ar fáil ar an Seinnteoir de chuid Institiúid Scannán na hÉireann agus tugann sé léargas an spéisiúil ar shochaí agus ar chultúr an tomhaltais in Éirinn thar tríocha bliain.

  I gcasadh eile ar an scéal, seoladh an Chartlann um Bhailiú Nuachta de chuid RTÉ i mí Dheireadh Fómhair 2017. Le tacaíocht mhaoinithe ón Scéim um Chartlannú, rinne an tionscadal seo rogha de thaifeadtaí fístéipe de chuid Nuacht RTÉ ó 1985-1999 a dhigitiú. Tá rochtain ar líne uirthi trí Chartlanna RTÉ agus cuimsíonn an rogha seo réimse scannánaíochta, ó na mórscéalta nuachta stairiúla go dtí na cinn a bunaíodh ar ábhair níos éadroime.

  Dréachtaíodh an dara scéim le linn 2017 a raibh mar bhonn eolais aici athbhreithniú reachtúil a tugadh faoi faoin gcéad trí bhabhta den Scéim in 2016, agus comhairliúchán spriocdhírithe. Cuireadh an Scéim um Chartlannú 2 isteach le haghaidh cheadú an Aire in 2017 agus táthar ag súil go seolfar í in 2018.

Éagsúlacht na Sochaí Éireannaí sna Meáin Chraolacháin

Tá ról lárnach ag an BAI ó thaobh éagsúlacht a chur chun cinn in earnáil chlosamhairc na hÉireann. Tugann an Ráiteas Straitéise 2017-19 gealltanas chun plean gníomhaíochta a fhorbairt a thacaíonn le hionadaíocht mhéadaithe a dhéanamh ar éagsúlacht shochaí na hÉireann sna meáin chraolacháin le béim ar leith á gcur ar inscne agus ar an nGaeilge.

- *Plean Gníomhaíochta Inscne*

  Is ceann de na príomhchuspóirí straitéiseacha faoin téama An Éagsúlacht agus an Iolracht a Chur Chun Cinn 'tírdhreach a chothú sna meáin arb ionadaíoch agus inrochtana d'éagsúlacht sochaí na hÉireann é'. Toradh luaite d'Údarás Craolacháin na hÉireann is ea go mbeadh 'meáin chlosamhairc na hÉireann níos éagsúla i dtaobh a n-ábhair agus iad siúd a bhfuil baint acu ina léiriú' faoi dheireadh 2019.

  Chuige sin, d'fhorbair an BAI Plean Gníomhaíochta

Inscne, a bhfuil bunús maith aige laistigh den chreat arna sholáthar ag Moladh Choiste Airí Chomhairle na hEorpa do bhallstáit maidir le comhionannas inscne san earnáil chlosamhairc agus leagadh amach creat ama lena sheoladh agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe go luath in 2018. Tugann Plean Gníomhaíochta Inscne de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, a forbraíodh in 2017, aghaidh ar cheithre réimse lárnacha chun níos mó comhionannais inscne a chothú. Is iad siúd a leanas:

- **Sonraí a bhailiú agus a fhoilsiú:** Aithníonn an BAI go bhfuil sonraí atá cothrom le dáta agus cruinn maidir le líon na mban a bhfuil baint acu leis an tionscal closamhairc, na cineálacha ról atá acu agus na deiseanna maoinithe ar a mbíonn rochtain acu gann agus gur deacair na sonraí sin a chruinniú. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann roinnt athruithe cheana féin ar a phróisis agus ar a nósanna imeachta inmheánacha. Mar shampla:
  - Leasaíodh an próiseas iarratais le haghaidh Fuaime agus Físe ionas go mbeifear in ann sonraí faoi chúrsaí inscne a bhailiú maidir le róil chruthaitheacha an Léiritheora, an Stiúrthóra agus an Scríbhneora agus ní foláir do na conraitheoirí cuntas a thabhairt ar inscne na ról cruthaitheach lárnach chun an sciar deiridh íocaíochta a tharraingt anuas. Tacóidh an méid seo le bailiú sonraí agus i ndeireadh thiar thall le sonraí théagartha a fhoilsiú.
  - Úsáidtear Tuairisceáin maidir le Craoltóirí i gcás go gceanglaítear ar stáisiúin tráchtála cheadúnaithe faisnéis a mbeidh miondealú ann maidir le hinscne na ról bainistíochta agus neamhbhainistíochta laistigh de stáisiún, mar aon le réimeanna tuarastail.
  - Ní mór do chraoltóirí pobail cloí le miondealú inscne 60/40 ar a gcuid boird

Le himeacht aimsire beidh Údarás Craolacháin na hÉireann tar éis a dhóthain faisnéise a bhailiú le go mbeidh siad in ann tacú le sonraí trédhearcacha agus cruinne a sholáthar ar líon na mban atá rannpháirteach san earnáil, na róil atá ag na mná seo, na struchtúir phá laistigh den earnáil agus cibé acu an bhfuil leordhóthanach cothromaíocht inscne i bpoist chinnteoireachta sa tionscal nó nach bhfuil.

- **Tacú le Taighde** chun tabhairt faoi thaighde bhaineann go sonrach san earnáil chlosamhairc, agus más féidir i gcomhpháirtíochtaí le comhlachtaí eile go háirithe iad siúd a bhaineann le comhionannas rochtana do mhná ar an tionscal lena n-áirítear ar róil cheannaireachta an tionscail, ionadaíocht ban ar an scáileán agus ar an aer, bacainní ar rannpháirtíocht agus dálaí ginearálta oibre.
- **Tionscnaimh inscne le haghaidh ghníomhaíochtaí Údarás Craolacháin na hÉireann agus a gheallsealbhóirí** lena n-áirítear leanúint ar aghaidh le cur chuige Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le forbairt earnála agus an tacaíocht do thionscnaimh inscne, mar shampla:
  - tiomantas do leanúint ar aghaidh leis an obair ar thionscnaimh oiliúna agus forbartha a sheachadadh a chuireann ar chumas ban a gcuid ionadaíochta sna meáin a mhéadú (m.sh. oiliúint Ban ar an Aer, Meantóireacht Ban sa Scannánaíocht agus sa Teilifís, srl.)
  - Fócas ar na deiseanna cruthaitheacha ó Fhuaim & Fís lena n-áirítear babhta ar leith Fuaim & Fís ar Scéalta Ban.
- **Próisis chuntasachta a fheabhsú** in all BAI initiatives and actions undertaken to promote gender equality in the sector.

Angela's Christmas, beochan ainmnithe ag na IFTAs

- *An Ghaeilge*

  Tugann Údarás Craolacháin na hÉireann faoi raon tionscnamh chun tacú leis an gcuspóir cláir ardchaighdeáin Ghaeilge a chothú agus a chur chun cinn. Áirítear ina measc, cláir agus tionscnaimh eile faoin Scéim um Maoiniú Craolacháin, iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna comhpháirtíochta, imeachtaí, foghlaim earnála agus tionscnaimh forbartha agus urraíochta a dheartar chun tacaíocht a thabhairt do níos mó éagsúlachta sa Ghaeilge.

  Ceanglaítear faoin Scéim Fuaim agus Fís go leithroinnfear uasmhéid de 25% den chiste do chláir a mbeidh cibé acu an Ghaeilge nó teanga dhátheangach iontu. In 2017, leithroinneadh €2.78m ina iomláine faoin scéim chun tacaíocht a thabhairt do 30 tionscadal dhátheangacha. Is leanúint é seo ar an treocht le han-chuid blianta anuas go bhfuair cláir i nGaeilge tacaíocht ar chraoltóirí poiblí, tráchtála agus pobail. Thug an scéim seo tacaíocht shuntasach freisin d'earnáil léiriúcháin neamhspleách na Gaeilge le haghaidh raidió agus teilifíse.

  Mar a tugadh achoimre faoi níos luaithe faoin téama seo, i measc na dtionscnamh coimhdeach a tugadh faoi i rith 2017 áirítear an tionscadal Cine4 le TG4 agus Bord Scannáin na hÉireann a thacaigh le tionscadail nua drámaíochta fhada ardchaighdeáin Ghaeilge.

An Clár Foghlama agus Forbartha Earnála agus an Clár Urraíochta

Tacaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann le sraith tionscnamh a bhfuil téama Gaeilge acu faoin gclár Foghlama agus Forbartha Earnála agus faoin gclár Urraíochta. In 2017 áirítear:

- Féile na meán Ceilteach a chuireann an teanga agus na cultúir chun cinn;
- Ceardlann Sheachtain na Gaeilge – ceardlann bhliantúil Ghaeilge do mhic léinn meánscoile;
- Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe a reáchtáil ceardlann réigiúnach le haghaidh léiritheoirí don scáileán le béim ar leith de bheith ag obair trí mheán na Gaeilge;
- Gréasán na Meán, Líonra de chuid Skillnet atá lonnaithe sa Spidéal a reáchtáil líon cúrsaí Gaeilge do Stiúrthóirí.

Alt 2

Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Fheidhmiú



Cuspóir Straitéiseach

- An díospóireacht phoiblí a chothú agus an beartas a mhúnlú chun éascú do thírdhreach bríomhar dinimiciúil sna meáin.

Torthaí faoin mBliain 2019

1. Is é tuairim geallsealbhóirí faoi Údarás Craolacháin na hÉireann gur glór faisnéiseach, údarásach a fheidhmíonn tionchar ar chúrsaí na meán é.

Tá dhá bhunsprioc inghnóthaithe laistigh den phlean oibre a thacaíonn go príomha leis an gcuspóir straitéiseach seo a bhaint amach. Clúdaíonn siad réimse na bhfóram Náisiúnta agus Idirnáisiúnta agus réimse na Cumarsáide. Tugtar tuilleadh sonraí fúthu thíos.

Fóraim Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

Tá sé ina aidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann leanúint lenár saineolas a fheabhsú d'fhonn comhairle, agus bonn eolais a chur ar bheartas closamhairc na meán Eorpach agus Náisiúnta, ar an dlí agus ar an gcleachtadh, agus tionchar a imirt ar an gcéanna, go háirithe trí pháirt a ghlacadh i bhFóraim Náisiúnta agus Idirnáisiúnta iomchuí.

- *Fóraim Náisiúnta*

  Lean Údarás Craolacháin na hÉireann le caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí lárnacha in 2017 d'fhonn comhairle, agus bonn eolais a chur ar bheartas closamhairc na meán Eorpach agus Náisiúnta, ar an dlí agus ar an gcleachtadh, agus tionchar a imirt ar an gcéanna.

  Ar bhonn Náisiúnta, ba é tabhairt isteach beartaithe an Bhille Craolacháin 2017 an príomhghníomhaíocht a tugadh faoi. Rinne oifigigh de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann cur i láthair os comhair an **Chomhchoiste um Chumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol**, (An Comhchoiste), ag céim an scrúdaithe réamhreachtaigh i mí Iúil. Sholáthair Údarás Craolacháin na hÉireann a gcuid ráitis agus tuairimí ag an gcruinniú i leith gach ceann de Cheannteidil an Bhille.

  I gcasadh eile sa scéal, ghlac ionadaithe Údarás Craolacháin na hÉireann páirt i gceardlann a d'eagraigh an Comhchoiste - Craolachán sa Todhchaí – Fóram ar Thodhchaí Craolachán Seirbhíse Poiblí, a bunaíodh chun breithniú a dhéanamh ar an maoiniú sa todhchaí ar chraolachán seirbhíse poiblí. Foilsíodh tuarascáil ar thorthaí phlé an Chomhchoiste i mí na Nollag agus rinneadh sraith moltaí inti chun maoiniú na hearnála craolacháin i gcoitinne a fheabhsú inar leagadh béim ar leith ar Chraolachán Seirbhíse Poiblí

  Rinne Údarás Craolacháin na hÉireann rannchuidiú freisin le tabhairt isteach an Achta um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann 2017 de chuid na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus mhol an tÚdarás roinnt leasuithe tábhachtacha ar glacadh leo sa téacs deiridh den reachtaíocht.

  Ag leibhéal idir-rannach, ghlac Údarás Craolacháin na hÉireann páirt i ngrúpa stiúrtha a tionóladh chun ullmhú tuarascála a bhainistiú maidir le hanailís Eacnamaíoch ar an earnáil Closamhairc in Éirinn le Olsberg SPI. Cuireadh bailchríoch ar an tuarascáil agus ar na moltaí i mí na Nollag agus déanfaidh an Rialtas breithniú orthu in 2018.

- *Fóraim Idirnáisiúnta*

  In 2017 ceanglaíodh faoin athbhreithniú beartaithe ar an **Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc** (AVMSD) go mbeadh ionadaithe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann rannpháirteach ag leibhéal an ghrúpa iomlánaigh agus leibhéal na meithle de **Ghrúpa Rialálaithe na hEorpa um Sheirbhísí na Meán Closamhairc** (ERGA) agus ag an **Ardán Eorpach um Údaráis Rialála** (EPRA).). Ghlac Oifigigh de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann páirt freisin le hoifigigh de chuid na Roinne mar ionadaithe de chuid na hÉireann ag Coiste Teagmhála an Aontais Eorpaigh. Bhí Údarás Craolacháin na hÉireann rannpháirteach i gcruinnithe rialta ráithiúla le hoifigigh ón Roinn maidir leis na saincheisteanna rialála a bhí ag teacht chun cinn. Bhí na cuir chuige bheartaithe, maidir leis an rialáil ar sheirbhísí ar éileamh agus ar ardán roinnte físe a mbeidh á

Celene Craig (sa lár) Leas-Phríomhfheidhmeannach an BAI and Cathaoirleach EPRA

Sonraí: Malcolm McCurrach 2017 | New Wave Images UK

gceangal faoi fhoirm éigin de réimeas rialála tráth a thrasuífear an treoir i ndlí an hÉireann, i gcroílár an phlé seo. Is dócha go leanfaí an rannpháirtíocht seo ar aghaidh le linn na tréimhse trasuímh (2018-2020).

I dteannta na Treorach maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc, rinne na grúpaí ERGA agus EPRA breithniú freisin ar nithe eile iomchuí rialála closamhairc i gcaitheamh na bliana. Ábhar suntais ar leith ab ea an clár oibre um Litearthacht na Meán de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann ar tugadh tosaíocht dó ag cruinnithe an Earraigh agus an Fhómhair de chuid EPRA. Bhí Údarás Craolacháin na hÉireann ina rannpháirtí gníomhach i bhfoghrúpa de chuid ERGA a rinne scrúdú ar chleachtaí comh rialála agus féin-rialála. Lean Celene Craig, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Údarás Craolacháin na hÉireann ina ról mar Chathaoirleach EPRA agus rinne sí ionadaíocht thar ceann na heagraíochta sin ag roinnt comhdhálacha agus seimineáir idirnáisiúnta.

Cumarsáid

Leanann Údarás Craolacháin na hÉireann le rannpháirtíocht agus comhairliúchán rialta agus réamhghníomhach le raon geallsealbhóirí lena n-áirítear ranna rialtais, rialálaithe eile agus comhlachtaí ionadaíocha i rith na bliana.

Tá ról tábhachtach ag gníomhaíochtaí cumarsáide Údarás Craolacháin na hÉireann chun cuidiú le Straitéis Údarás Craolacháin na hÉireann i gcoitinne a bhaint amach. Tá Údarás Craolacháin na hÉireann tiomanta do Chlár Bliantúil Cumarsáide a chuireann geallsealbhóirí ar an eolas agus a dhéanann caidreamh leo, go háirithe leis an bpobal i gcoitinne, ar shlí iomchuí agus thráthúil. Ba chéad chéim thábhachtach sa chlár seo in 2017 straitéis chumarsáide a fhorbairt a cheadaigh an tÚdarás i mí na Nollag. Beidh an straitéis seo ina bhonn eolais don phlean cumarsáide do na blianta 2018-2019.

I dteannta na Straitéise Cumarsáide a fhorbairt, bhí an fhoireann chumarsáide páirteach i leibhéal suntasach gníomhaíochta le linn na bliana agus i measc na mbuaicphointí áirítear:

- *Seoladh Ráitis Straitéise Údarás Craolacháin na hÉireann*

  Tar éis comhairliúchán fairsing a dhéanamh leis an tionscal agus leis an bpobal i gcoitinne, sheol an tAire Denis Naughten, T.D., Ráiteas Straitéise de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann 2017-2019 ("An Ráiteas Straitéise") i mí Feabhra. D'fhreastail geallsealbhóirí an-thábhachtacha ar an ócáid lena n-áirítear iriseoirí, craoltóirí ceadúnaithe agus páirtithe eile leasmhara.

Seoladh don Ráitéis Stratéise 2017-2019: Dr. Pauric Travers, an tAire Denis Naughten agus Michael O'Keeffe

  I mí Lúil, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann cur i láthair tosaigh don Chomhchoiste. Bhí forléargas san áireamh sa chur i láthair maidir leis na dúshláin lárnacha atá i ndán don rialálaí agus don earnáil closamhairc araon sna blianta amach romhainn.

- *Seoladh an Chóid Ghinearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála*

  Tar éis athbhreithniú reachtúil a dhéanamh ar an gCód reatha agus comhairliúchán poiblí a chur i gcrích ar an dréacht athbhreithnithe, seoladh an Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála i mí an Mhárta. Leagann an Cód amach na rialacha nach foláir le stáisiúin raidió agus teilifíse Éireannacha a chomhlíonadh nuair a chraoltar fógraí, urraíocht, suíomh táirgí agus foirmeacha eile cumarsáide tráchtála. Ba í aidhm an Chóid athbhreithnithe muinín a thabhairt don phobal i gcoitinne go bhfuil na cumarsáidí tráchtála ar an teilifís agus ar an raidió dlíthiúil, fiúntach, ionraic, fírinneach, agus go bhfuil an cód ann chun a leasanna a chosaint. Tá sé i gceist freisin go dtabharfaidh an cód níos mó soiléire agus cinnteachta do chraoltóirí Éireannacha maidir leis na caighdeáin ar cóir dóibh a chur chun feidhme.

- *Taighde Nuachta Reuters a fhoilsiú*

  I mí an Mheithimh, d'éascaigh Údarás Craolacháin na hÉireann go n-áireofaí Éire sa tionscadal taighde idirnáisiúnta seo mar chuid dá obair ar iolarthacht na meán in Éirinn. Chun go mbainfí an úsáid is mó as na sonraí, chuaigh Údarás Craolacháin na hÉireann i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid na Meán agus na hIriseoireachta sa Todhchaí (FuJo) ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath chun go dtáirgfear tuarascáil a bhí níos mionsonraithe agus a bhí dírithe go sonrach ar

Éirinn. Ba dhíol mór spéise an taighde seo i measc lucht an phreasa sna laethanta tar éis dó a fhoilsiú.

- *Seoladh an Líonra Éireannach um Litearthacht sna Meáin*

  Tharla an chéad chruinniú de chuid an líonra um litearthacht sna meáin i mí Iúil, tar éis don Bheartas um Litearthacht sna Meáin de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann a sheoladh in 2016. Bunaíodh an líonra le hobair chomhoibríoch a dhéanamh sa réimse seo, a mbeadh na geallsealbhóirí leasmhara go léir páirteach ann agus tá an obair seo aige lárnach maidir le rath an bheartais seo a bhaint amach.

- *Caidreamh leis na Meáin*

  D'fhan gníomhaíocht phreasa ag leibhéal ard le linn 2017, go háirithe maidir leis na seoltaí thuasluaite, torthaí gearán ón gCoiste um Chomhlíonadh agus sraith d'ailt a bhain le Brexit sna meáin Éireannacha agus sna meáin de chuid na Ríochta Aontaithe araon.

  I measc na rannpháirtíochta réamhghníomhaí leis na meáin agus le páirtithe leasmhara i rith 2017 áirítear 47 bpreaseisiúint a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Údarás Craolacháin na hÉireann lena n áirítear nithe ar ábhair spéise iad don tionscal agus don phobal i gcoitinne araon amhail na fógairtí maoinithe Fhuaim & Fís, eolas uasdátaithe ar ghníomhaíochtaí ceadúnúcháin agus cinntí maidir le gearáin. Bhí láithreacht an Údaráis ar Twitter agus Facebook faoi deara rannpháirtíocht a ndeachaigh i méid le raon geallsealbhóirí. D'eisigh Údarás Craolacháin na hÉireann 350 postáil meáin shóisialta a thacaigh le hearnáil chraolacháin na hÉireann agus a cuid gníomhaíochtaí agus á cur chun cinn.

- *Faisnéis a Sholáthar*

  Bíonn BAI réamhghníomhach maidir le faisnéis a sholáthar mar chuid dá ghnáthghníomhaíochtaí gnó. I gcaitheamh 2017, foilsíodh miontuairiscí chruinnithe an Údaráis, cinntí ar ghearáin chraolacháin agus tuarascálacha airgeadais ar shuíomh gréasáin BAI, mar aon le raon leathan faisnéise agus sonraí lasmuigh de shainchúram an phróisis saorála faisnéise a fhoilsiú go rialta.

- *Saoráil Faisnéise*

  Láimhseáil BAI 29 gcinn d'iarrataí Saorála Faisnéise sa bhliain 2017, b'ionann sin agus 18 n-iarraidh sa bhreis ar a bhfuarthas sa dá mhí dhéag roimhe sin. Maidir leis na hiarrataí sin, soláthraíodh faisnéis do 21 duine de na hiarrthóirí go hiomlán, go páirteach nó bhí na sonraí ar fáil don phobal cheana féin agus soláthraíodh iad don iarrthóir lasmuigh den phróiseas saorála faisnéise. Tháinig formhór na n-iarrataí ó iriseoirí a bhí ar lorg faisnéis faoi thopaicí lenar áiríodh seirbhísí dlíthiúla, cinntí ar ghearáin chraolacháin agus faisnéis ar cheadúnú craolacháin.

Between Land and Sea: Feictear surfálaí ag An Leacht

The Breadwinner: Parvana agus a muintir

- *Urraíocht*

  Uirlis thábhachtach chumarsáide is ea an urraíocht lena gcumasaítear do BAI feasacht fhorleathan a chothú i dtaobh chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta mar aon le breis rannpháirteachais sna cuspóirí sin. Trí thacaíocht urraíochta a thairiscint do na himeachtaí sin agus do na gníomhaíochtaí sin, tá BAI ag cuidiú le forbairt leanúnach an tionscail closamhairc in Éirinn. D'fhonn tacaíocht a fháil ní mór d'iarratasóirí an cuspóir straitéiseach sonrach is dlúithe a n-oireann a n-imeacht/a ngníomhaíocht dó a aithint agus a thaispeáint conas mar a chuideoidh an ghníomhaíocht lena bhaint amach.

  Leithroinneadh €142,700 de mhaoiniú ar 20 imeacht agus gníomhaíocht faoi Scéim Urraíochta BAI 2017. Orthu seo a fuair maoiniú bhí Gradaim Raidió Uile-Éireann; Féile na Meán Ceilteach; Duais Cheoil Choice; Féile Scannán Fresh; Sounds Alive 2017 agus Gradaim Náisiúnta Mheáin na Mac Léinn.

- *Imeachtaí agus Comhdhálacha Tionscail*

  Bíonn comhoibriú le himeachtaí tionscail go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, rannpháirtíocht leo agus freastal orthu leis tábhachtach don eagraíocht. Bhí baill foirne de chuid BAI páirteach ina lán imeachtaí ar feadh 2017 agus chuidigh siad leo, lena n-áirítear:

- Comhdháil **Media Summits** i dtaobh Brexit i Londain, inar pléadh na dúshláin atá os comhair craoltóirí atá bunaithe i RA i bhfianaise Brexit;
- Comhdháil **Radio Days Ireland** ar eagraigh Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann agus Learning Waves Skillnet í;
- An cruinniú de **Small Nations Regulators' Forum** a tionóladh in Oileán Mhanann;
- **Oireachtas na Gaeilge** an fhéile bhliantúil ealaíon den chultúr Gaelach a tionóladh i gCill Airne;
- **Access Services Experts Meeting** i gCóbanhávan de chraoltóirí agus do sholáthraithe Eorpacha fotheidealúcháin, clostuairisce agus teanga chomharthaíochta.

- *Cur ar Scáileán don Phobal*

  Mar chuid den rannpháirtíocht Imeachtaí ag BAI leis, chuir Institiúid Scannán na hÉireann ar scáileán saothair ar chuma "The 4th Act" de chuid Bread & Circus, agus é maoinithe ag BAI, d'fhonn an Lá Oidhreachta Closamhairc Domhanda a chomóradh agus d'fhreastail sé ar ócáid sheolta Thionscadal

Stiúrthóir do Cartoon Saloon, Nora Twomey, ag léiriú ar The Breadwinner

Ionduchtaithe don Halla Laochra IMRO don bhliain 2017 agus a muintir agus Dr. Pauric Travers

Cartlannúcháin IFI, is tionscnamh Cartlannúcháin faoi Scéim um Chartlannú BAI.

Ar na cláir fuaime agus físe a cuireadh ar scáileán don phobal ar feadh 2017 bhí "The Breadwinner", a ainmníodh dá éis sin i gcomhair Oscar i 2018, agus an scéal Ceanadach-Éireannach "Poc na nGael" inar cíoradh na naisc idir an iománint agus haca oighir Cheanada. Ar an Oíche Chultúir, d'eagraigh BAI scáileánú "Between Land and Sea", an clár faisnéise mar gheall ar an marcaíocht toinne, in Inis Díomáin, Co. an Chláir.

- *Halla na Laoch Ghradaim Raidió IMRO*

Tionóladh searmanas in BAI chun na hionduchtaithe is déanaí chun Halla na Laoch Ghradaim Raidió IMRO a nochtadh. Ba iad Linda McAuley BBC Raidió Uladh, Séamus Mac Géidigh RTÉ Raidió na Gaeltachta, nach maireann, Billy McCarthy WLR FM, nach maireann, agus Joe King a bhunaigh Seirbhísí Teicniúla Craolacháin (STC) na daoine is déanaí ar cuireadh a n-ainmneacha isteach d'fhonn aitheantas a thabhairt don chion dearscnaitheach atá déanta acu ar son an raidió in Éirinn.

Between Land and Sea: Dr Rosemary Day, Ollie O'Flaherty, Tom Doidge-Harrison agus Dextor McCullough ag an léiriú

- *Taighde Lucht Féachana/Éisteachta*

Déanann BAI gníomhaíochtaí taighde ar an lucht féachana/éisteachta go rialta a chuidíonn leis chun eolas a chur ar na riachtanais, na hábhair bhuartha agus na hionchais a bhíonn ag an lucht féachana agus ag an lucht éisteachta. I 2016, choimisiúnaigh BAI suirbhé rianúcháin bliantúil a bheidh i ngníomh ar feadh na tréimhse 2016-2018 d'fhonn faisnéis staitisticiúil a sholáthar, agus rianú a dhéanamh, in imeacht aimsire, ar thuairim/dhearcadh an phobail i leith an chraolacháin seirbhíse pobail in Éirinn i dtaca le fiúntas agus tábhacht na seirbhísí poiblí, agus i leith thuairim an phobail ar an dóigh a mbíonn na craoltóirí seirbhíse poiblí ag comhlíonadh na bpríomhchuspóirí atá acu.

Ba mhór an cúnamh na torthaí chun tacú le hobair BAI ar fud roinnt réimsí, go háirithe an t-athbhreithniú bliantúil ar mhaoiniú poiblí agus an t-athbhreithniú cúig bliana ar mhaoiniú poiblí ar cuireadh tús leis in 2017.

Táthar ag súil go bhfoilseofar i gcaitheamh 2018 tuarascáil ar fhionnachtana an athbhreithnithe trí bliana.

Alt 3

Luchtanna Féachanna/ Éisteachta a Chumhachtú

Cuspóir Straitéiseach

1. Tuiscint, rannpháirtíocht agus páirteachas an phobail i dtírdhreach athraitheach na meán a fhorbairt

Torthaí faoi 2019

1. Go mbeidh ag an lucht féachana/éisteachta in Éirinn breis ceangal le hábhar closamhairc agus go mbeidh breis rannpháirtíochta acu ann
2. Go dtacófar leis an lucht féachana/éisteacha in Éirinn breis tuisceana a fháil ar tháirgeadh agus scaipeadh ábhair closamhairc agus go mbeidh breis rannpháirtíochta acu sa chéanna

Tá trí cinn de tháirgí insoláthartha sa phlean oibre arb iad is mó a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Cuimsíonn siad sin na réimsí Cóid, Rialacha agus Gearáin; Litearthacht sna Meáin agus Rannpháirtíocht sna Meáin. Tá breis eolais orthu sin thíos faoi seo.

Cóid, Rialacha agus Gearáin

Bíonn BAI ag féachaint lena chinntiú go leanfaidh cóid agus rialacha craolacháin BAI agus próiseas gearán craolacháin BAI ag tacú le taitneamh, tuiscint, agus idirghabháil an lucht féachana/éisteachta le lánas closamhairc. Ar na cóid a tugadh chun críche i 2017 bhí an An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála athbhreithnithe agus Cód nua maidir le Tuairisciú Gairid Nuachta agus rinneadh athbhreithniú reachtúil ar na Rialacha Rochtana láithreacha. Bhí an próiseas gearán craolacháin fós ina shásra ríthábhachtach trínar féidir le daoine den lucht féachana/éisteachta nach bhfuil sásta le lánas craolacháin gearán a dhéanamh, bíodh an gearán sin ag baint le cláir, le fógraíocht nó le hurraíocht, nó chun gearán a dhéanamh.

- *An Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála*

  Sa Chód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála, leagtar síos na rialacha nach mór do stáisiúin raidió agus teilifíse in Éirinn déanamh dá réir ó thaobh fógraíocht, urraíocht, suíomh táirgí agus cineálacha eile cumarsáide tráchtála a chraoladh. Ceanglaítear ar BAI leis an Acht athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht cóid craolacháin in aghaidh gach ceithre bliana. Sa chomhthéacs sin, tháinig Cód Ginearálta maidir le Cumarsáidí Tráchtála athbhreithnithe in éifeacht ar 1 Meitheamh 2017 tar éis an t-athbhreithniú reachtúil éigeantach a chríochnú agus tar éis comhchomhairliúchán mionsonraithe poiblí a chur i gcrích.

  Is éard is cuspóir don Chód athbhreithnithe an mhuinín a thabhairt don phobal go mbíonn cumarsáidí tráchtála ar an teilifís agus ar an raidió dleathach, cuibhiúil, macánta, fírinneach agus go gcosnaíonn siad a leas. Beartaítear ann ina theannta sin breis soiléireachta agus cinnteachta a thabhairt do chraoltóirí agus don lucht féachana/éisteachta in

Imeacht chomhairliúcháin don Litearthacht sna Meáin: Dr. Pauric Travers, Stephanie Comey, Martina Chapman, Michael O'Keeffe agus an tOllamh Brian O'Neill

  Éirinn i dtaobh na gcaighdeán ba chóir a bheith i bhfeidhm. Na príomhathruithe a rinneadh ar an gCód, bhain siad leis na rialacha lena rialaítear an urraíocht, suíomh táirgí agus cumarsáidí tráchtála i gcomhair táirgí alcóil. Ina cheann sin, rinneadh athstruchtúrú ar an gcód chun gur fusa do chraoltóirí agus don phobal é a úsáid.

- *An Cód Cleachtais maidir le Tuairisciú Gairid Nuachta*

  Mar a fhoráiltear maidir leis faoin Treoir um Sheirbhísí na Meán Closamhairc agus faoi dhlí na hÉireann, ceanglaítear ar BAI Cód Cleachtais a fhorbairt ina leagfar amach na ceanglais a bhíonn ar chraoltóirí teilifíse na hÉireann maidir le húsáid agus infhaighteacht sleachta gearra nuachta. Baineann sleachta gearra nuachta le tuairisciú ar ócáid is ábhar mór spéise leis an bpobal agus a athchraolann craoltóir teilifíse nach sealbhaíonn na cearta ar an ócáid a chraoladh. Is iad na foirmeacha sleachta gearra nuachta is coitianta ná na sleachta gearra nuachta a bhaineann le buaicphointí ó imeachtaí spóirt a chraoltar go minic i bhfeasacháin nuachta ar an teilifís.

  I mí an Mheithimh, thug BAI isteach an Cód Cleachtais agus tháinig éifeacht leis i mí Mheán Fómhair. Bhí

an Cód ag teacht tríd is tríd le cleachtais láithreacha ag craoltóirí a oibríonn in Éirinn agus chuir páirtithe leasmhara fáilte roimhe. Faoi na rialacháin nua sin, ní mór do chraoltóir teilifíse a bhfuil cearta craolacháin teilifíse eisiacha i gcomhair imeachta is ábhar mór spéise leis an bpobal faighte aige, a chinntiú go mbeidh ag gach craoltóir teilifíse eile sa Stát, nó i mballstáit eile den AE, rochtain ar shleachta gearra lena n-áireamh i gcláir nuachta ghinearálta. Foráiltear ina theannta sin leis an gCód Cleachtais nach mór a cheadú do chraoltóirí teilifíse na sleachta gearra a úsáidfidh siad a roghnú de thoil dheona agus go soláthrófar rochtain ar na sleachta gearra sin saor ó chostas. Is cuspóir ríthábhachtach de chuid na rialachán nua ná cosaint a thabhairt do cheart an lucht féachana teilifíse go dtabharfar eolas dóibh i dtaobh imeachtaí is ábhar mór spéise leis an bpobal.

- *Rialacha Rochtana – Athbhreithniú Reachtúil*

Leagtar síos le Rialacha Rochtana BAI ceanglais chainníochtúla agus cháilíochtúla i leith fotheidealú, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc a sholáthar a cheanglaítear ar chraoltóirí a chomhlíonadh. Ceanglaítear leis an Acht ar BAI athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht na rialacha sin i gceann gach dhá bhliain agus tuarascáil ar na torthaí a chur ar fáil don Aire. Leagtar an tuarascáil faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais ansin.

Sa chomhthéacs sin, chuaigh BAI i gceann athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacha i 2017. Is éard a bhí i gceist san athbhreithniú:

- Scrúdú ar chleachtais, bheartais agus reachtaíocht i dtíortha eile i leith seirbhísí rochtana a rialáil;
- Agallaimh le craoltóirí, grúpaí ionadaíochta rochtana, na soláthraithe sin a bhíonn ag soláthar seirbhísí rochtana agus cuideachtaí a sholáthraíonn oiliúint i seirbhísí rochtana a sholáthar;
- Trí cheardlann le craoltóirí agus úsáideoirí rochtana a scrúdóidh roghanna ionchasacha beartais a d'fhéadfaí a bhrethniú i gcomhthéacs aon athbhreithniú ar na Rialacha;
- Athbhreithniú ar na forbairtí teicniúla is deireanaí i gcomhthéacs na hÉireann agus conas mar a théann sé sin don tslí a gcuirtear na Rialacha i ngníomh;
- Scrúdú ar threochtaí le deireanaí ó thaobh craoltóirí in Éirinn a bheith ag comhlíonadh na Rialacha agus na torthaí ar ghníomhartha forfheidhmiúcháin ag BAI.

Rinne an tÚdarás tuarascáil ar an athbhreithniú a bhreithniú agus a cheadú agus cuireadh an tuarascáil reachtúil éigeantach faoi bhráid an Aire i mí na Nollag. I 2018, rachaidh BAI i gceann comhchomhairliúchán ar athbhreithnithe ar na Rialacha trína mbainfear leas as fionnachtana na tuarascála reachtúla.

- *An Próiseas Gearán*

Is sásra é próiseas gearán BAI trínar féidir le daoine den lucht féachana/éisteachta nach bhfuil sásta le lánas craolacháin i ndáil le cláir, le fógraíocht nó le hurraíocht gearán a dhéanamh.

Bhreithnigh BAI 109 ngearán san iomlán sa bhliain 2017. Faoi mar a tharla i mblianta roimhe sin, ba le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht i lánas nuachta agus cúrsaí reatha a bhain formhór na ngearán, ba é sin, 71 ceann. Fuarthas 31 gearán eile i ndáil le caighdeáin chlár. Ba le cumarsáidí tráchtála a bhain ceithre ghearán, ba le príobháideacht pearsan aonair a bhain dhá ghearán agus faoi dhlí agus ord a rinneadh gearán amháin.

Maidir leis na gearáin uile a fuarthas agus a próiseáladh, déileáladh le naoi gcinn díobh trí fhreagra sásúil a fháil ón gcraoltóir. Próiseáladh na gearáin eile de réir nós imeachta bunaithe agus foilsíodh na cinntí ina leith ar shuíomh Gréasáin BAI. I 2017, dhiúltaigh Fóram Feidhmiúcháin Gearán BAI nó an Coiste um Chomhlíonadh do 80 gearán. Sheas an Coiste go hiomlán le trí ghearán agus sheas sé go páirteach le trí cinn eile. Tarraingíodh aon ghearán amháin siar, agus bhí na 13 ghearán eile fós á bpróiseáil ag deireadh na bliana 2017.

Ceann de na forbairtí ríthábhachtacha i gcaitheamh na bliana ná nós imeachta láimhseála gearán athbhreithnithe a chur i ngníomh, is rud a laghdaigh an t-ualach riaracháin ar dhaoine den phobal ar mhian leo gearán a dhéanamh. Rinneadh, ina theannta sin, feabhas a chur ar na nósanna imeachta i gcomhair an Fhóraim Feidhmiúcháin Gearán chun tacú le cinnteoireacht a dhéanamh ar nithe neamhchonspóideacha ag an leibhéal sin, agus tríd sin, cuireadh ar chumas an Choiste um Chomhlíonadh díriú isteach ar ghearáin ar de chineál substainteach iad.

CATAGÓIR GEARÁIN	IOMLÁN NA nGEARÁN
AN CÓD MAIDIR LE COTHROIME, OIBIACHTÚLACHT AGUS NEAMHCHLAONTACHT I gCLÁIR NUACHTA AGUS CÚRSAÍ REATHA	71
AN CÓD GINEARÁLTA MAIDIR LE CUMARSÁIDÍ TRÁCHTÁLA	4
PRÍOBHÁIDEACHAS AON PHEARSAN AONAIR AMHÁIN	2
AN CÓD UM CHAIGHDEÁIN CHLÁR	32
DLÍ AGUS ORD	1
IOMLÁN	109

Litearthacht sna Meáin

Tá BAI tiomanta do shraith gníomhaíochtaí litearthachta sna meáin a fhorbairt, a chur i ngníomh agus a athbhreithniú, is rud a chuireann le cumas an lucht féachana/éisteachta a bheith rannpháirteach i lánas closamhairc, é a mheasúnú agus a thuiscint i dtimpeallacht meán atá ag athrú. Ó seoladh an Beartas um Litearthacht sna Meáin ag BAI i mí na Nollag 2016, tá cuid shuntasach gníomhaíochta déanta chun tacú le Líonra Éireannach um Litearthacht sna Meáin a bhunú. Tháinig 35 dhuine de chuid eagraíochtaí éagsúla le chéile ag an gcéad chruinniú den Ghréasán i mí Lúil, agus sainchúram agus/nó leas acu sa litearthacht sna meáin. Tionóladh grúpa stiúrtha eatramhach don ghréasán agus baill de chuid raon earnálacha ann chun na scileanna agus an t-eolas iomchuí a thabhairt le chéile d'fhonn an stiúir straitéiseach a chur ar an nGréasán agus chun treoir agus tacaíocht a thabhairt i gcomhair gníomhaíochtaí de chuid an ghréasáin.

Thug na baill malairt ainm air; Litearthacht sna Meáin, Éire, dréachtaíodh bunreacht ina chomhair agus comhaontaíodh ar phlean oibre dhá bhliain mar aon le roinnt spriocanna uaillmhianacha. D'fhonn cabhrú leis na spriocanna sin a bhaint amach, rinne BAI mar aon le saineolaí seachtrach neamhspleách a ceapadh chun an gréasán a chomhordú, trí cinn de ghrúpaí oibre a chur ar bun, ina bhfuil baill dheonacha den Ghréasán. Foilsíodh an chéad nuachtlitir i mí na Nollag i mBéarla agus i nGaeilge araon. Beidh rochtain eatramhach ar an nGréasán ar líne le fáil ar shuíomh gréasáin BAI ina dtabharfar cúlra leis an nGréasán agus foirm iarratais ballraíochta. Tá rochtain ar an nGréasán ar na meáin shóisialta le fáil ar Twitter.

Tá iniúchadh déanta ar thaighde, thionscadail agus acmhainní láithreacha i leith litearthacht sna meáin

Seoladh don Chóid Ginearálta maidir le Cumarsáid Tráchtála: Michael O'Keeffe, Louise McLoughlin agus Dr. Pauric Travers

d'fhonn bunachar sonraí inmharthana agus inbhainistithe de ghníomhaíochtaí litearthachta meán ar fud na hÉireann agus níos faide ó bhaile a chruthú. Tá súil againn go gcabhróidh sé sin le bearnaí sa soláthar a aithint agus inspioráid a thabhairt agus, i roinnt cásanna, tacaíocht a thabhairt chun taighde, tionscadail agus acmhainní nua i leith litearthacht sna meáin a fhorbairt. Is tionscadal uaillmhianach é seo agus is dócha go mbeidh sé ina acmhainn fhíorluachmhar do gach duine atá ag obair sa réimse sin.

Rannpháirtíocht sna Meáin

Tá gealltanas tugtha ag BAI roinnt sásraí a scrúdú chun breis daoine den phobal a spreagadh chun páirt a ghlacadh sna meáin chraolta, go háirithe maidir le seirbhísí meán pobail.

Is cuid lárnach d'earnáil na meán pobail í an rannpháirtíocht, ach is léir le roinnt blianta anuas, go háirithe ó chuaigh BAI trí na próisis athcheadúnúcháin pobail, go bhfuil gá le rannpháirtithe nua i dteannta na mball fíorthiomanta a bhfuil baint acu leis an earnáil ó céadbhunaíodh í. Chomh maith leis sin, tá an earnáil phobail ag streachailt le roinnt blianta anuas le ceisteanna a bhaineann le rialachas agus maoiniú, agus bhí tionchar diúltach ag ceist an mhaoinithe ar a n-inbhuanaitheacht.

Agus an méid sin ar aigne acu, chinn BAI ar aghaidh a thabhairt ar an gceist sin ar aon uain le gníomhaíochtaí ar leithligh atá á ndéanamh le hearnáil na meán sóisialta faoin téama Nuálaíocht agus Inbhuanaitheacht Earnála a Threisiú. Tionólfar cruinniú go luath i 2018, ar a bhfreastalóidh ionadaithe de chuid earnálacha an raidió pobail agus teilifíse pobail i gcomhpháirt, agus déanfar scrúdú ann ar cheisteanna a bhaineann le rannpháirtíocht agus inbhuanaitheacht.

Alt 4

An Nuálaíocht agus An Inbhuanaitheacht Earnálacha a Fheabhsú



Cuspóir Straitéiseach

1. An chruthaitheacht agus an nuálaíocht a spreagadh mar ghnéithe suaithinseacha d'earnáil chlosamhairc na hÉireann
2. A chinntiú go dtabharfar breis airde ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht ar fud ghníomhaíochtaí uile BAI
3. Oibriú le páirtithe leasmhara chun tacú le breis inbhuanaitheachta a bhaint amach d'earnáil chlosamhairc na hÉireann

Torthaí faoi 2019

1. Gur comharthaí sóirt aitheanta de chuid earnáil chlosamhairc na hÉireann agus gníomhaíochtaí ag BAI iad an chruthaitheacht agus an nuálaíocht
2. Go bhforbrófar samhlacha inbhuanaithe maoiniúcháin i gcomhair earnáil chlosamhairc na hÉireann

Tá dhá tháirge insoláthartha ríthábhachtacha laistigh den phlean oibre arb iad is mó a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Cuimsíonn siad sin réimsí na cruthaitheachta agus na nuálaíochta agus samhlacha maoiniúcháin earnála inbhuanaithe. Tá breis eolais orthu sin le fáil thíos faoi seo.

An Chruthaitheacht agus an Nuálaíocht

Baineann an táirge insoláthartha seo leis an gcruthaitheacht agus an nuálaíocht a chur chun cinn, agus tacú leo, in earnáil chlosamhairc na hÉireann agus ar fud ghníomhaíochtaí uile BAI. I 2017, chuimsigh sé sin raon leathan de thionscnaimh foghlama agus forbartha earnála a chur i ngníomh, comhoibriú ar straitéis chun scileanna a fhorbairt i gcomhair an tionscail closamhairc in Éirinn agus comhpháirtíocht a bhunú le hearnálacha an raidió tráchtála agus an raidió pobail chun forbairt scéime cartlainne a chur chun cinn faoi Alt 69 den Acht.

- *Foghlaim agus Forbairt Earnála*

  Cuireann an clár foghlama agus forbartha earnála tacaíochtaí ar fáil do ghréasáin agus do thionscadail nuálaíocha a chuimsíonn ionadaíocht an dá ghnéas, beochan, tacaíocht do stiúrthóirí, forbairt scileanna sa drámaíocht agus acadamh scríbhneoirí.

  Déanann maoiniú gréasán neamhspleách comhoibriú a chur chun cinn mar aon le comhghuaillíochtaí straitéiseacha a chruthú trínar féidir cur chuige inbhuanaithe a ghlacadh i leith foghlaim agus forbairt san earnáil. I 2017, dámhadh €361,680 san iomlán do 16 cinn de ghréasáin tionscail chun tacú le gníomhaíochtaí foghlama agus forbartha lena n-áirítear ceardlanna, comhdhálacha, athbhreithnithe, agus ábhair oiliúna a fhorbairt, mar aon le seimineáir a thionól nó freastal ar sheimineáir. Tá na gréasáin ionadaitheach don raidió pobail, don raidió tráchtála, don bheochan, do léiritheoirí scáileáin, do mhná sna scannáin agus do pháirtithe eile. Roinnt samplaí acu sin ná:

  - **CRAOL (Community Radio Forum of Ireland)** ar líonra é don earnáil raidió pobail agus don earnáil raidió pobail chomhleasa in Éirinn. I 2017, thacaigh BAI leis an ócáid oiliúna bhliantúil acu Féile agus sholáthair siad tacaíocht i gcomhair athbhreithniú neamhspleách ar chleachtais rialachais ar fud na stáisiún pobail, mar aon le hathbhreithniú inmheánach ar oibreacha CRAOL mar chomhlacht ionadaitheach;
  - **Learning Waves Skillnet** ar mórsholáthraí oiliúna don earnáil raidió tráchtála neamhspleách é. Rinneadh breis forbartha ar chlár meantóireachta i gcomhpháirtíocht le BBC Raidió Uladh i 2017, mar aon le clár i gcomhair forbairt ghairmiúil leanúnach laistigh de stáisiúin neamhspleácha;
  - Rinne **Animation Skillnet/Skillnet Ireland** comhiarratas láidir a thíolacadh le Animation Ireland i 2017. Cumasaíodh le maoiniú arna dhámhachtain ag BAI, i measc tionscnaimh eile, 'Grodchúrsa Léiriúcháin Chruthaithigh' a eagrú ar chlár oiliúna dhá mhí é ar léiriú i gcomhair beochana, cluichí agus maisíochtaí físe;
  - Fuair an **Community Television Association (CTA)** maoiniú i 2017 chun tacú le breis scileanna a thabhairt dá bhaill le meascán d'oiliúint phraiticiúil agus de sheimineáir;
  - Rinne **Creative Europe Desk Galway** ceardlann a óstáil i gcomhair cuideachtaí léiriúcháin atá bunaithe in iarthar na hÉireann.

- *Tacú le Riachtanais Forbartha Tionscail*

  Mar aon leis an tacaíocht a thug sé do líonraí tionscail, bhí sé mar aidhm ag BAI freisin aghaidh a thabhairt ar riachtanais forbartha an tionscail trí thacaíocht mhaoinithe a thabhairt do scéimeanna nua agus do scéimeanna seanbhunaithe araon, ar nós na scéimeanna seo a leanas:

- **Big Stories on the Small Screen** – seoladh an dara cur amach den Scéim seo i mí na Samhna. Is clár oiliúna é seo atá dírithe ar scileanna a fhorbairt i ndrámaí fada ardchaighdeáin ar an teilifís agus tá sé á chómhaoiniú ag BAI agus ag Oiliúint Scáileáin Éireann. Mar chuid den chlár, tugtar scéalaithe cleachta scáileáin ó gach cearn den domhan le chéile chun oibriú le gairmithe Éireannacha ionas gur féidir leo scileanna a fhorbairt sa scéalaíocht chomhoibríoch, san anailís scéalta agus san fhorbairt scripte agus ionas gur féidir leo a fhoghlaim conas sraith drámaíochta éiritheach a chruthú don mhargadh idirnáisiúnta.
- **An Scéim Tacaíochta Craolacháin Pobail** – cuireadh maoiniú ar fáil do roinnt stáisiún raidió pobail chun páirt a ghlacadh i dtionscadail forbartha eagraíochtúla laistigh dá stáisiúin. Díríodh go príomha ar cheisteanna ar tarraingíodh aird orthu trí obair chomhlíonta BAI leis an earnáil phobail agus is é an cuspóir a bhí léi ná pleananna gnó a fhorbairt, nó taighde agus measúnacht a dhéanamh ar an lucht éisteachta ar a bhfriothálitear, mar aon le leibhéil rannpháirtíochta pobail agus saorálaithe.

- *Oiliúint agus Scileanna i gcomhair na hOiliúna Scannán, Teilifíse agus Beochana*

  Rinne BAI agus Bord Scannán na hÉireann tuarascáil a choimisiúnú i gcomhpháirt i gcaitheamh na bliana chun scrúdú a dhéanamh ar chomhthéacs an bheartais reatha i ndáil leis an tionscal closamhairc, agus chun tacú le forbairt straitéise náisiúnta chun scileanna agus buanna na ndaoine a bhíonn ag obair san earnáil a fheabhsú. Bhí ar áireamh sa taighde comhchomharliúchán fairsing grinn le soláthraithe oideachais agus oiliúna, ionadaithe an tionscail scáileáin agus comhlachtaí reachtúla.

  Is iad na moltaí ríthábhachtacha ar tarraingíodh aird orthu sa tuarascáil ná:

- Straitéis náisiúnta i gcomhair an tionscail closamhairc in Éirinn chun an bonn straitéiseach a chur faoi fhorbairt leanúnach beartas agus pleananna i leith scileanna san earnáil chlosamhairc;
- Gníomhaireacht fhócasaithe, faoi mhaoiniú maith, chun forbairt scileanna agus buanna a chur chun cinn;
- Sonraí bonnlíne fostaíochta agus cúrsaí a fhorbairt;
- Soláthar cúrsaí ardchaighdeáin a chur in oiriúint do riachtanais tionscail;
- Cur chuige comhtháite chun bonn inbhuanaithe maoiniúcháin i gcomhair scileanna agus buanna a áirithiú.

  Measann BAI agus Bord Scannán na hÉireann go bhfuil an tuarascáil seo ag comhlánú obair Creative Ireland sa mhéid go gcuireann sé comhordú, fís agus ceannaireacht chun cinn maidir le scileanna a fhorbairt sa tionscal closamhairc.

- *Forbairt na Scéime um Chartlannú (Alt 69)*

  Faoi cheanglais Alt 69 den Acht, ceanglaítear le conradh ar chraoltóirí atá ceadúnaithe ag BAI catagóirí áirithe bunábhair clár a chartlannú. I 2016, forbraíodh dréachtbheartas agus dréacht-treoirlínte maidir le cleachtais chartlannúcháin a chur i ngníomh agus bhunaigh BAI leis fóram comhpháirtíochta le comhlachtaí ionadaitheacha craoltóirí pobail agus tráchtála, CRAOL agus CNÉ (Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann) faoi seach. Tá an fóram comhpháirtíochta sin ag obair i gcomhar leis an earnáil chun dréachtbheartas a fhorbairt agus chun ullmhú a dhéanamh i gcomhair Alt 69 a chur i ngníomh. Thionóil an fóram sin an chéad chruinniú aige i 2017 agus tá sé sceidealta go dtiocfaidh sé le chéile i gcaitheamh 2018 chun an beartas a thabhairt chun críche agus chun tús a chur le céim an chur i ngníomh.

Samhlacha Maoiniúcháin Earnála Inbhuanaithe

- *Earnáil an Chraolacháin Seirbhíse Poiblí*

  Ceanglaítear ar BAI leis an Acht athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh i gceann gach cúig bliana ar leordhóthanacht an mhaoiniúcháin phoiblí i gcomhair RTÉ agus TG4 (na craoltóirí seirbhíse poiblí). Is éard is cuspóir don athbhreithniú cúig bliana sin ná cur chuige níos straitéisí, fadtréimhseach a ghlacadh i leith riachtanais craoltóirí seirbhíse poiblí i gcomhthéacs forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Tugann a thorthaí sin eolas don Aire agus don Rialtas agus iad ag cinneadh ar an leibhéal maoiniúcháin is cuí atá ag teastáil i gcomhair an dá chraoltóir.

  Ceapadh Communications Chambers Ltd mar chomhairleoirí ar an tionscadal athbhreithniúcháin go luath i 2017. Ina theannta sin, chuaigh an Fheidhmeannacht i dteagmháil go díreach i gcaitheamh na bliana le hardbhainisteoirí RTÉ agus TG4 i leith a straitéisí cúig bliana costáilte a forbraíodh chun críocha an athbhreithnithe. Bhí dul chun cinn mór déanta ar an athbhreithniú cúig bliana faoi dheireadh na bliana agus bhíothas ag súil go mbeadh tuarascáil ullamh lena breithniú ag an Aire faoi lár 2018.

- *Seirbhísí Nua – Craoltóirí Seirbhíse Poiblí*

  De bhun Alt 104 den Acht, ceanglaítear ar chraoltóirí seirbhíse poiblí toiliú an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a fháil agus iad ag iarraidh seirbhísí nua a sheoladh. Maidir leis sin de, bhreithnigh an tÚdarás tuarascáil a d'ullmhaigh comhairleoirí Communications Chambers inar measúnaíodh togra a rinne RTÉ chun comhfhiontar tráchtála (GAAGO) a chruthú, idir Fiontair Thráchtála RTÉ Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (is fochuideachta faoi lánúinéireacht ag RTÉ) agus CLG. Bhí an tÚdarás sásta nach raibh aon chúiseanna doshéanta le ceadú chun an comhfhiontar a fhoirmiú a choimeád siar agus cuireadh an chomhairle sin in iúl don Aire.

- *An Earnáil Tráchtála*

  Roinnt de na tionscnaimh sa Bhille Craolacháin, 2017, de shaghas an togra maidir leis an tobhach a laghdú agus an scéim sparánachtaí atá molta i gcomhair iriseoireacht áitiúil, ceaptar go dtacóidh siad leis an gcuspóir inbhuanaitheachta i gcomhair na hearnála tráchtála. Táthar ag súil leis go ndéileálfar sna torthaí ar an athbhreithniú ar an Straitéis Seirbhísí Craolacháin ("SSC") (féach an téama *Éagsúlacht agus Iolarthacht a Chur Chun Cinn*) le ceisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht i ndáil le hearnáil an raidió tráchtála.

- *Earnáil na Meán Pobail*

  Tá obair sa rémse seo i leith earnáil na meán pobail á déanamh ar aon uain leis an rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí meán a luadh roimhe seo (faoin téama *An Lucht Féachana/ Éisteachta a Chumhachtú*). Tá béim á leagan ag BAI ar cheadúnú, rialachas agus cheisteanna maoiniúcháin, rannpháirtíocht san earnáil a fheabhsú agus chomhpháirtíochtaí a fhorbairt leithéid na comhpháirtíochta a bhaineann le beartas cartlannúcháin BAI a chur i ngníomh faoi Alt 69 den Acht.

Alt 5

An Feabhas agus An Chuntasacht a Ghnóthú



Cuspóirí Straitéiseacha

1. Rialáil a dhéanamh chun earnáil chraolacháin fhreagrach chuntasach a bhaint amach
2. Ceannaireacht a léiriú i bhforbairt inbhuanaithe trí ardchaighdeáin cleachtais comhshaoil, shóisialta agus rialachais a shamhaltú agus a chur chun cinn
3. Timpeallacht oibre nuálaíoch a chur chun cinn a spreagfaidh BAI, a chuirfidh dúshlán faoi agus a fhorbróidh é

Torthaí faoi 2019

1. Gur rialálaí é BAI a bhfuil muinín ag gach páirtí leasmhar as
2. Go bhfuil BAI agus an earnáil chraolacháin aitheanta mar eiseamláirí dea-rialachais agus freagrachta corparáidí
3. Go bhfuil cultúr ceannaireachta agus feidhmíochta ag BAI

Tá trí cinn de tháirgí insoláthartha sa phlean oibre is mó a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha sin a bhaint amach. Cuimsíonn siad sin na réimsí Comhlíonadh; Cleachtas Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais agus Struchtúir agus Cultúr Eagraíochtúla. Tá breis eolais orthu sin le fáil thíos faoi seo.

Comhlíonadh

I 2017, leagadh béim ar phlean gníomhaíochta um chomhlíonadh a fhorbairt a thacódh le cleachtais láidre chomhlíonta agus rialachais ag gach craoltóir ceadúnaithe agus gach conraitheoir maoiniúcháin. Tá trí eilimint leathana sa réimse sin – tuairisciú reachtúil, faireachán agus forfheidhmiú agus athbhreithnithe ar fheidhmíocht. Cuirtear cuid mhór den obair a eascraíonn faoi bhráid an Choiste um Chomhlíonadh ach breithníonn an tÚdarás freisin cuid di.

1. Tuairisciú Reachtúil

Bhí ar áireamh i dtuairiciú reachtúil i 2017 na hathbhreithnithe bliantúla ar na ráitis maidir le gealltanais feidhmíochta agus maoiniú poiblí craoltóirí seirbhíse poiblí, tuarascáil ar chomhlíonadh Rialacha Rochtana agus tuarascáil ar chomhlíonadh cóid chraolacháin BAI ag craoltóirí neamh-Éireannacha.

- *Craoltóirí Seirbhíse Poiblí*

Ráitis Bhliantúla i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2017

Téann craoltóirí seirbhíse poiblí i dteagmháil le BAI ar bhonn bliantúil chun na gealltanais feidhmíochta atá beartaithe acu don bhliain a phlé. Maidir le trédhearcacht de, bíonn luach ar leith ag baint leis an Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta do RTÉ agus do TG4 toisc go leagtar síos iontu cuspóirí soláthair do gach craoltóir agus, dá bhrí sin, leagtar amach iontu na nithe ar féidir leis an lucht féachana/éisteachta a bheith ag súil leo. Maidir le cúrsaí rialála de, tugtar sna Ráitis Bhliantúla i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta an bunús le plé a dhéanamh ina dhiaidh sin ar leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí chun a chumasú do gach craoltóir seirbhíse poiblí a chuspóirí a chomhlíonadh.

- **Ráiteas Bliantúil RTÉ i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2017**

  Mheas an tÚdarás gur sách ard a bhí na gealltanais a leag TG4 sa Ráiteas Bliantúil i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta don bhliain 2017 de leibhéal a bhí ard a dhóthain agus go raibh fócas straitéiseach leo ar aon dul le cuspóirí an Phlean Straitéisigh reatha aige. Ba é tuairim an Údaráis go raibh dea-chomhghaol idir na gealltanais agus cuspóirí reachtúla RTÉ, a Ráitis Straitéise reatha, agus a Ráitis Seirbhíse Poiblí, agus go n-éascódh siad, dá bhrí sin, measúnacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chraoltóra do 2017 agus go gcuideodh siad le BAI chun a ról rialála a chomhlíonadh.

- **Ráiteas Bliantúil TG4 i dtaobh Gealltanais Feidhmíochta 2017**

  Ba dheimhin leis an Údarás gur sách ard a bhí na gealltanais a leag TG4 amach don bhliain 2017 agus go raibh fócas straitéiseach leo ar aon dul le cuspóirí Straitéiseacha TG4. Bhí an cur chuige athbhreithnithe maidir leis na Gealltanais a cheapadh ag léiriú freagrúlacht ar thaobh TG4 i leith athruithe ar mhargadh na meán in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Bhí an tÚdarás faoin tuairim go raibh dea-chomhghaol idir na gealltanais agus cuspóirí reachtúla TG4, a Ráiteas Straitéise agus a Ráiteas Seirbhíse Poiblí agus go bhfónfaidh siad, dá bhrí sin, do riachtanais BAI chun éascaíocht a dhéanamh do mheasúnacht ar mhórghníomhartha an chraoltóra don bhliain arb ina gcoinne a cheaptar na spriocanna sin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Mhaoiniú Poiblí

Sna hathbhreithnithe bliantúla a dhéanann BAI ar mhaoiniú poiblí, breithnítear a mhéid a baineadh amach na ráitis bhliantúla i dtaobh gealltanais feidhmíochta a thug RTÉ agus TG4 don bhliain roimhe. Breithnítear sa phróiseas athbhreithnithe freisin leordhóthanacht an mhaoinithe phoiblí atá ar fáil do gach craoltóir seirbhíse poiblí chun a gcuspóirí a chomhlíonadh. Sa bhliain 2017, díríodh in athbhreithniú 2016, a cuireadh i gcrích le tacaíocht ó Indecon International Consultants, ar na réimsí sin a mheas an tÚdarás a bheith lárnach de chraolachán seirbhíse poiblí a sholáthar, ba iad sin, go sonrach: feidhmíocht an lucht féachana/ éisteachta; leibhéal agus cineál an aschuir lánais a táirgeadh; an luach ar airgead a bhí á sholáthar; agus an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach.

Tríd is tríd, d'aontaigh an tÚdarás le cinntí athbhreithnithe Indecon i dtaca le feidhmíocht TG4 agus RTÉ in aghaidh na ngealltanas a rinneadh sa bhliain roimhe agus bhí sé toilteanach tacú leis na moltaí a rinneadh chun an maoiniú poiblí a mhéadú do RTÉ agus do TG4 araon. Comhaontaíodh go dtabharfaí breis soiléirithe san athbhreithniú cúig bliana ar an timpeallacht reatha ina n-oibríonn na craoltóirí seirbhíse poiblí agus ar an maoiniú a theastaíonn chun a dheimhniú go mbeidh siad fós iomchuí ó thaobh friothail ar riachtanais an lucht féachana/éisteachta, ag féachaint d'fhorbairtí i dtimpeallacht an chraolacháin agus i dtimpeallacht na meán closamhairc níos leithne araon.

- I gcás TG4, bhí an tÚdarás sásta go raibh an méid níos mó a moladh sa tuarascáil níos cuí, ag féachaint do raon tosca, lena n-áirítear cuspóirí agus sainchúram an chraoltóra, an timpeallacht ina n-oibríonn sé, agus an tionchar dearfach a bheadh ag méadú ar mhaoiniú i 2016 ar sciar na seirbhíse den lucht féachana.
- Maidir le RTÉ de, mheas an tÚdarás gurb é an méid méadaithe a moladh an méid íosta is gá chun a chumasú don chraoltóir a chuspóirí seirbhíse poiblí a chomhall.

Rinneadh tuarascáil fhoirmeálta, ina raibh na moltaí a d'eascair as na hathbhreithnithe bliantúla, a chur faoi bhráid an Aire.

Treoir do Chraoltóirí Seirbhíse Poiblí: Cód um Chleachtas Cóirthrádála

Faoin Acht, ceanglaítear ar RTÉ agus ar TG4 cód um chleachtas cóirthrádála a ullmhú agus a fhoilsiú, ina leagfar amach na prionsabail a chuirfidh sé chun feidhme le linn dó a bheith ag comhaontú ar théarmaí chun bunábhar clár a choimisiúnú ó tháirgeoirí neamhspleácha. Ceanglaítear ar BAI treoir ar fhormáid cóid um chleachtas cóirthrádála a ullmhú agus a eisiúint do chraoltóirí seirbhíse poiblí. I gcomhréir le ceanglais an Achta, déanfaidh an Coiste um Chomhlíonadh, ar ordú ón Aire, tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire i dtaobh corparáid do chomhlíonadh an chóid. Ní dhearnadh aon iarraidh ar thuarascáil i 2017.

I 2017, rinne BAI an Treoir sin a athbhreithniú tar éis comhchomhairliúchán fairsing leis na páirtithe leasmhara reachtúla iomchuí agus tar éis dó aird a thabhairt ar a fheidhmeanna reachtúla, ar chuspóirí na gcraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar leasanna táirgeoirí neamhspleácha, an lucht féachana agus an lucht éisteachta. Foilsíodh an treoir athbhreithnithe sin i mí na Samhna.

- *Craoltóirí neamh-Éireannacha a chomhlíonadh chóid chraolacháin BAIs*

  De dhroim Ailt 28(5) (6) & (7) den Acht, ceanglaítear ar BAI athbhreithniú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann craoltóirí teilifíse, a dhéanann craoltaí a bhíonn dírithe go hiomlán nó go príomha ar lucht féachana in Éirinn, cóid tráchtála craolacháin BAI. Ceanglaítear ar BAI tuarascáil a thíolacadh don Aire ar fhionnachtana an athbhreithntihe.

  Fuarthas in athbhreithniú BAI a chuimsíonn an tréimhse 2015-2016 go raibh fógraíocht scar-rogha, a chraoltar ar sheirbhísí teilifíse ceadúnaithe neamh-Éireannacha, ag comhlíonadh Chód Cumarsáide Tráchtála Ghinearálta agus Leanaí BAI tríd is tríd agus nach raibh aon cheisteanna ag teacht ar barr i ndáil le Cód um fhógraíocht alcóil an Comhlachta Monatóireachta um Chumarsáid Margaíochta Alcóil.

  Bhí 35 cinn de chumarsáidí tráchtála a sháraigh na Cóid; bhain 7 gcinn acu leis an gCód Ginearálta, agus sháraigh 28 gcinn acu Cód na Leanaí. Ceist fhíorthábhachtach a tháinig ar barr ná cumarsáidí tráchtála táirgí a dhírítear ar leanaí faoi bhun sé

bliana d'aois nach sonraítear ó bhéal iontu na foláirimh ar scáileán mar a cheanglaítear le Cód na Leanaí. Maidir leis an gCód Ginearálta de, an cheist ba mhó a tháinig ar barr ná cumarsáidí tráchtála i gcomhair seirbhísí gealltóireachta ina raibh ábhar a measadh a bheith ina spreagadh chun gealltóireacht a dhéanamh. An dá réimse eile ina ndearnadh sárú bhain siad le (1) maíomh áiféiseach a áireamh i ndáil le cóireáil/seirbhís liachta (máinliacht léasair súl) agus (2) gan a léiriú nuair a bhíonn cadhraí ag teastáil i gcumarsáidí tráchtála i gcomhair táirgí a bhíonn dírithe ar leanaí faoi bhun 15 bliana.

Soláthraíodh an tuarascáil ar fhionnachtana BAI don Aire i mí na Samhna.

- *Rialacha Rochtana*

Ceanglaítear le Rialacha Rochtana BAI ar chraoltóirí seirbhíse poiblí, ar chraoltóirí tráchtála agus ar chraoltóirí pobail spriocanna fotheidealaithe a bhaint amach, dul i gcomhairle le grúpaí úsáideoirí, agus rochtain ar a gcuid seirbhísí a chur chun cinn do dhaoine atá bodhar, a bhfuil allaíre orthu nó atá caoch nó dall. Ceanglaítear ar RTÉ Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Clostuairisc a chur ar fáil freisin, agus ceanglaítear ar Oireachtas TV Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar.

Chuir BAI roinnt gníomhaíochtaí i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialacha Rochtana le linn na bliana 2017. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí sin faireachán a dhéanamh ar aschur craoltóirí, teacht le chéile le craoltóirí agus le painéil chomhairleacha úsáideoirí BAI chun a dtuairimí a fháil ar cháilíocht agus ar iontaofacht na bhfotheideal, na Clostuairisce agus Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthraítear.

Bhain formhór na gcraoltóirí a spriocanna amach agus sháraigh cuid acu iad. Mar sin féin, bhain deacrachtaí do chraoltóirí áirithe agus níor bhain siad amach na spriocanna a leagadh síos. Ní raibh RTÉ ábalta ar Chlostuairisc a sholáthar i gcomhair RTÉjr mar gheall ar easpa trealaimh theicniúil agus sholáthair siad breis clár faoi Chlártuairisc ar RTÉ a hAon agus ar RTÉ a Dó d'fhonn a t-easnamh a chúiteamh. Tá an deacracht sin réitithe ag RTÉ ó shin i leith agus tá gealltanas tugtha acu go mbainfidh siad an sprioc maidir le Clostuairisc amach i 2018.

I 2017, eisíodh fógra um chomhlíonadh chuig RTÉ as mainneachtain spriocanna fotheidealúcháin a bhaint amach ar RTÉ a Dó agus ar RTÉjr i 2016. Eisíodh fógra foláireamh chuig TG4 freisin as mainneachtain a dhéanamh a spriocanna fotheidealúcháin a bhaint amach i 2016. Is léir ó na torthaí do 2017 gur réitigh na craoltóirí na fadhbanna sin chun sástacht BAI.

In aiseolas a fuarthas ó úsáideoirí a bhí páirteach i bpainéil chomhairleacha úsáideoirí BAI, tarraingíodh aird ar fhadhbanna le fotheidil ar chainéil éagsúla, agus ba de chineál teicniúil iad na fadhbanna den chuid ba mhó. Thug craoltóirí freagraí tráthúla ar na fadhbanna sin, tá siad ag oibriú chun cáilíocht agus iontaofacht fotheideal a fheabhsú agus tá siad ag leanúint orthu ag feabhsú an leibhéil teagmhála acu le húsáideoirí.

2. Faireachán agus Forfheidhmiú

Forbraíodh cur chuige BAI i leith faireacháin agus forfheidhmiú in imeacht mórán blianta arbh é an príomhchuspóir a bhí leis ná faireachán a dhéanamh ar chraoltóirí a chomhlíonadh cóid agus rialacha reachtúla mar aon le cultúr comhlíonta a chur chun cinn in earnáil an chraolacháin.

Leagadh béim i 2017 ar fhaireachán ar sheirbhísí atá i bpleananna ceadúnúcháin BAI. Is gnáthach san fhaireachán go ndírítear ar chomhlíonadh cód reachtúil, rialacha agus gealltanas conarthach a leagtar amach i Ráitis Beartais Clár conraitheoirí faoi seach. I gcás seirbhísí pobail, féachtar in athbhreithnithe ar fheidhmíocht lena fháil amach freisin cé mhéad atá seirbhísí pobail ionadaitheach, agus cuntasach, do na pobail faoi seach ar a bhfreastalaíonn siad.

I 2017, rinne an Coiste um Chomhlíonadh imscrúdú reachtúil faoi Alt 50 a thionscnamh i leith feidhmíocht seirbhíse pobail trína ndearna an Coiste um Chomhlíonadh imscrúdú ar shealbhóir ar chonradh lánais pobail ar na forais nach raibh an tseirbhís á soláthar ag an gconraitheoir de réir théarmaí a gconartha. Leanadh den imscrúdú sin isteach i 2018.

.

- *Iniúchtaí Teicniúla*

  Ceanglaítear ar gach craoltóir cloí le ceanglais theicniúla áirithe de bhun na gceanglas conarthach atá orthu agus na gceadúnas a d'eisigh ComReg chucu. Is é BAI a dhéanann faireachán ar chomhlíonadh na gceanglas sin. Rinneadh iniúchadh ar 136 tharchuradóir raidió chun na críche sin le linn na bliana 2017. Tríd is tríd, fuarthas amach go raibh leibhéal comhlíonta an-ard chonarthaigh ann.

3. Athbhreithnithe Feidhmíochta

Dírítear in athbhreithnithe feidhmíochta ar stáisiún ar nithe a bhaineann le húinéireacht agus rialú, lena n-áirítear rialachas corparáideach, foireann, cláir, feidhmíocht airgeadais agus ghnó agus cuimsíonn siad faireachán ar lánas. Is minic a dhéantar faireachán ar lánas a sceidealú go réamhghníomhach i gcomhréir le hathbhreithnithe feidhmíochta agus a chur in oiriúint do cheadúnú a bhíonn le teacht ach déantar go frithghníomhach leis é i gcás go mbíonn sáruithe féideartha aitheanta nó i gcás go mbíonn gearáin faighte i dtaobh seirbhíse.

Rud tábhachtach, cabhraíonn athbhreithnithe feidhmíochta freisin le treochtaí a aithint ar feadh earnáil ar leith, bíodh sí ina hearnáil tráchtála nó ina hearnáil phobail, agus cabhraíonn siad le heolas a sholáthar i dtaobh na réimsí a mbeadh tacaíocht bhreise nó ionchur breise ó BAI ag teastáil amach anseo.

Bhí gá le roinnt blianta anuas le tosaíocht a thabhairt do chomhlíonadh agus d'fheidhmíocht ag conraitheoirí a bhíonn ar áireamh i bplean ceadúnúcháin bliana áirithe agus ba é sin an cás fós i gcaitheamh 2017. Leagadh béim faoi leith ar earnáil an raidió pobail mar a raibh fadhbanna móra rialachais agus maoiniúcháin ag eascairt. Tá cuid de na fadhbanna sin fós ann ach tá dul chun cinn déanta i gcás fadhbanna eile.

Rinneadh faireachán ar roinnt conraiteoirí tráchtála i gcás gur aithníodh sáruithe nó go bhfuarthas gearáin.

- *Athruithe Conarthacha*

  Le linn na bliana, féadfaidh craoltóirí atá ceadúnaithe iarrataí a chur isteach chun cead a fháil ó BAI gnéithe áirithe dá gconarthaí a choigeartú trí iarraidh ar athrú conarthach a chur isteach. Baineann na hiarrataí sin le hathruithe beartaithe ar bheartas clár stáisiúin nó le húinéireacht, bainistíocht nó struchtúr oibríochta stáisiúin. Déantar breithniú ar iarrataí agus aird á tabhairt ar na gealltanais chonarthacha a thugann an craoltóir lena mbaineann agus ar bheartais iomchuí BAI a bhaineann le húinéireacht agus rialú agus ceadúnú.

  Fuair BAI 32 iarraidh ar athrú conarthach sa bhliain 2017 agus phróiseáil sé iad ina dhiaidh sin. Is ar leibhéal Feidhmiúcháin a próiseáladh formhór na n-athruithe sin, agus theastaigh ceadú roimh ré ón Údarás chun trí cinn acu a phróiseáil. Áiríodh iad seo a leanas ar roinnt de na hiarrataí a breithníodh agus a ceadaíodh:

  - Togra athstruchtúrúcháin inar iarradh athruithe a dhéanamh ar struchtúr bainistíochta na seirbhísí raidió atá ar úinéireacht ag Communicorp Group. Tá ar áireamh in Communicorp Group 98FM, Spin 103, Spin South West, Today FM agus Newstalk;
  - Togra athstruchtúrúcháin inar iarradh athruithe a dhéanamh ar struchtúir bhainistíochta agus oibríochta na seirbhísí raidió atá ar úinéireacht ag Wireless Group. Tá ar áireamh i seirbhísí Wireless Group FM104, LMFM, Limerick's Live 95FM, Cork's 96FM, C103 agus Q102;
  - Bay Broadcasting Limited a fháil 100% de scairsheilbh Classic Rock Broadcasting Limited, a bhíonn ag trádáil mar Radio Nova.

Maidir leis na hiarrataí eile ar athruithe conarthacha a ceadaíodh, bhain siad le leathnú ar uaireanta craolacháin do roinnt seirbhísí raidió pobail, ceapacháin ardbhainistíochta i stáisiúin agus athbhreithnithe ar na gealltanais chlár do roinnt seirbhísí raidió eile.

Cleachtais Chomhshaoil, Shóisialta agus Rialachais

Tá BAI tiomanta do bheith ag oibriú de réir ardchaighdeáin i ndáil le cleachtais chomhshaoil, shóisialta agus rialachais agus é sin a chur chun cinn don earnáil chraolacháin as a hiomláine. Leagann BAI fós an-bhéim ar a chaighdeáin agus a chleachtais rialachais agus a chumais inmheánacha a láidriú. Cinntíonn an fócas leanúnach sin go bhféadfaidh an eagraíocht a shainorduithe a chomhlíonadh go héifeachtach leis an leibhéal is airde gairmiúlachta, inchreidteachta agus macántachta. Leagtar béim ar chomhall agus ar chleachtadh dea-chleachtais chorparáidigh ag gach leibhéal den eagraíocht. Chomh maith le bheith ag cothabháil agus ag cur cleachtais rialachais láidre chun cinn, bíonn BAI ag féachaint le bheith ag cur le struchtúir eagraíochtúla agus le cultúr eagraíochtúil a thacaíonn le foghlaim foirne aonair agus feidhmíocht foirne aonair go háirithe trí phróisis fheabhsaithe acmhainní daonna agus trí bhainistíocht eolais níos fearr.

- *Cód Cleachtais 2016 i gcomhair Rialachas Comhlachtaí Stáit*

  Leanann BAI fós de bheith ag comhlíonadh a dhualgas ag féachaint do cheanglais Chód Cleachtais 2016 i gcomhair Rialachas Comhlachtaí Stáit (Cód 2016). Leanadh leis an obair ar feadh 2017 chun ceanglais bhreise an Chóid athbhreithnithe a chur i ngníomh d'fhonn comhlíonadh a fhorálacha a áirithiú. I ndeireadh na bliana, bhí formhór mór cheanglais an chóid curtha i ngníomh agus líon beag acu sceidealta lena gcur i gcrích sa chéad leath de 2018.

- *Feidhmiú an Údaráis*

  Is ar an Údarás atá an fhreagracht fhoriomlán as oibriú agus feidhmiú BAI, ar a n-áirítear treo straitéiseach na heagraíochta a leagan síos. I mí an Mheithimh, rinne an tÚdarás athbhreithniú foirmeálta ar a fheidhmíocht de réir cheanglais Chód 2016. Tar éis dó na torthaí ar an athbhreithniú a bhreithniú, d'aontaigh an tÚdarás le moltaí a chuirfí san áireamh ina chuid gníomhaíochtaí agus leanfar leis na moltaí sin a chur chun feidhme sa bhliain 2018.

- *Obair na gCoistí Reachtúla*

  De réir a fheidhmeanna, rinne an **Coiste um Chomhlíonadh** roinnt gníomhaíochtaí i 2017 ar ar áiríodh:

- Cinneadh ar thorthaí gearán ag daoine den phobail ar chraoltóirí i ndáil le hiad a chloí le cóid agus caighdeáin chraolacháin;
- Breithniú ar Athbhreithnithe Bliantúla Feidhmíochta ar Chonraitheoirí arna ndéanamh ag an bhFeidhmeannacht;
- Athbhreithniú ar chraoltóirí teilifíse a chomhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Rialacha Rochtana BAI i 2017;
- Breithniú ar iniúchtaí teicniúla ar Chonraitheoirí arna ndéanamh i gcaitheamh 2016;
- Tús a chur le himscrúdú de dhroim fhorálacha Alt 50 den Acht;
- Tuarascáil chun an Aire ar chraoltaóirí neamh-Éireannacha a chomhlíonadh Chód Ginearálta BAI maidir le Cumarsáidí Tráchtála a bhreithniú agus a cheadú.

  Áiríodh na nithe seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an **Choiste um Dheonú Conarthaí** sa bhliain 2017:

- Próisis cheadúnúcháin a chur chun feidhme, mar a d'ordaigh an tÚdarás;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí sealadacha craolachán fuaime agus ar sheirbhísí institiúideacha craolachán fuaime;
- Breithniú a dhéanamh ar iarratais ar chonarthaí soláthair lánais

- *Obair an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca (Coiste AIR)*

  Déanann Coiste AIR faireachán agus athbhreithniú ar a éifeachtaí atá córas rialaithe inmheánaigh BAI, a chleachtais agus a rialuithe airgeadais, a fheidhmeanna iniúchóireachta seachtraí agus a chleachtais bhainistíochta riosca. Tugann an Coiste faisnéis rialta don Údarás faoi na dualgais éagsúla atá air freisin agus déantar athbhreithniú ar a théarmaí tagartha i ngach bliain.

  Thug Coiste AIR faoi raon gníomhaíochtaí i 2017, lena n-áirítear:

- Maoirseacht ar an gcóras rialuithe inmheánacha lena n-áirítear ráitis airgeadais, iniúchadh seachtrach agus iniúchadh inmheánach BAI agus an Chiste Craolacháin;
- Idirchaidreamh leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hIniúchóirí Inmheánacha;
- Breithniú ar Thuarascálacha Iniúchta Inmheánacha;
- Gníomhaíochtaí Bainistíochta Riosca lena n-áirítear maoirseacht ar Chlár Riosca Chorparáidigh BAI.

- *Ráiteas Straitéiseach BAI 2017-2019 agus plean oibre*

  Rinne an tÚdarás Ráiteas Straitéise BAI 2017-2019, mar a leagtar amach sa réamhrá leis an tuarascáil seo, a ullmhú agus sheol an tAire é i mí Feabhra 2017. Leagtar amach ann na cúig théama straitéiseacha, na cuspóirí agus na torthaí a bhfuil súil leo faoi 2019.

  Rinneadh obair shuntasach go luath i 2017 chun plean oibre a ullmhú as an Straitéis seo i gcomhair na heagraíochta a mhairfidh ar feadh thráthchlár na straitéise, mar aon le pleananna oibríochta agus tionscadail. Tá breis eolais ar an gcur chuige chun na pleananna oibre sin a fhorbairt leagtha amach sa rannán Struchtúir agus Cultúr Eagraíochtúil thíos.

- *Dea-chleachtais rialachais a chur chun cinn in earnáil an chraolacháin*

  Ina theannta sin, leanann BAI de bheith ag cur dea-chleachtais rialachais chun cinn i measc na hearnála craolacháin as a hiomláine. Mar chuid den tsainchúram sin, mhaoinigh BAI tuarascáil ar 'Beartas, Nósanna Imeachta agus Cleachtais Rialachais Craoltóirí Raidió Pobail in Éirinn' a rinneadh i gcomhar le CRAOL, Fóram Raidió Pobail na hÉireann. Rinne an tuarascáil sin roinnt moltaí i gcomhair feabhsúchán agus leanann BAI de bheith ag teagmháil le CRAOL chun tacaíocht a thabhairt maidir leis sin.

- *Rialachas na Scéime um Maoiniú Craolacháin*

  Le linn dó 7% den Táille Ceadúnais Teilifíse a bhailíonn an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil a bhailiú agus a dhámhachtain, ceanglaítear ar BAI rialachas ardchaighdeáin ar an Scéim a mhaoirsiú ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara go léir. Dá réir sin, leagtar béim faoi leith ar chleachtais chomhlíonta chun a chinntiú go ndéanfaidh na conraitheoirí a n-éireoidh leo tionscadail a sheachadadh.

- Déanann baill foirne de BAI faireachán rialta ar chonarthaí clár maidir le comhlíonadh de agus déantar an céanna trí iniúchtaí inmheánacha. Déantar athbhreithnithe ar ráitis costas deiridh agus ar bhunábhair na gclár in aghaidh na bliana agus cuirtear tuarascálacha faoi bhráid Choiste AIR BAI.
- Déantar measúnú córasach neamhspleách ar gach tionscadal teilifíse a mhaoinítear, agus ar chionúireacht de na tionscadail raidió a mhaoinítear, tar éis iad a chríochnú, i gcoinne ceanglais maidir le seachadadh clár chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh ceanglais maidir le sonraíocht agus cóireáil clár atá leagtha síos sa chonradh.

- *Soláthar*

  I 2017, rinneadh Beartas Soláthair BAI a nuashonrú chun go mbeadh sé ag teacht le ceanglais Chód 2016. Na próisis soláthair a rinneadh le linn 2017, chuimsigh siad raon éagsúil réimsí idir taighde, shaincomhairleoireacht bhainistithe taifead, néal-óstáil, bhainistíocht ar chaidreamh le custaiméirí agus tacaíocht TF, sheirbhísí aistriúcháin agus chomhairle infheistíochta. Ar aon dul leis an dea-chleachtas rialachais, leanadh ar aghaidh le clár maidir le caiteachas ar sholáthraithe, le gníomhaíocht soláthair agus le conarthaí arna n-eisiúint a choimeád agus le faireachán a dhéanamh air le linn na bliana. Dréachtaíodh plean soláthair chorparáidigh agus cuireadh ar comhréim le Ráiteas Straitéise BAI don tréimhse 2017-2019 é.

- *Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014*

  Tá an tÚdarás tiomanta d'athbhreithniú leanúnach ar a rialachas agus a nósanna imeachta chun go leanfar de bheith ag comhlíonadh phrionsabail chearta an duine agus go sonrach na n-oibleagáidí faoi Alt 42 d'Acht 2014.

- *Tomhailt Fuinnimh*

  Fuair BAI scór méadaithe ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ina Thuarascáil Bhliantúil maidir le Feidhmíocht na hEarnála Poiblí i dtaca le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus go bhfuil sé ar an mbealach ceart chun spriocanna atá ceaptha don bhliain 2020 a bhaint amach.

Struchtúir agus Cultúr Eagraíochtúil

Tar éis oiliúint a chur ar fáil ar fud na heagraíochta, ghlac gach ball d'fhoireann BAI páirt i gcuspóirí eagraíochtúla a bheidh ar comhréim leis an Straitéis a cheapadh. Tá na cuspóirí sin corpraithe isteach i bpróiseas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta BAI a chumasóidh do BAI an fheidhmíocht a mheasúnú ar leibhéal na pearsan aonair agus ar leibhéal na heagraíochta. Is athrú cuimsitheach é an cur chuige seo ar phróiseas pleanála oibre BAI lena ngabhann baill foirne ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta. Déanann grúpa oibre um straitéis inmheánach a chur i ngníomh faireachán ar sheachadadh an phlean oibre agus déantar athbhreithniú go rialta i ngach ceann, agus ar fud gach ceann, de na gráid iomchuí san eagraíocht.

Agus é ag féachaint le Straitéis uaillmhianach a bhaint amach ar bheagán acmhainní, is dúshlán leanúnach é do BAI foireann agus acmhainní a fháil. I 2017, fostaíodh beirt bhall nua den fhoireann, duine acu i gcomhair tacaíocht airgeadais agus duine acu mar mheánbhainisteoir sealadach a bheidh ag tacú le hobair BAI ar fud raon réimsí. Cé go bhfáiltíonn BAI roimh na poist sin a áirithiú, tugann sé dá aire go bhfuil an líon ball foirne lánaimseartha atá aige, 35 dhuine, fós íseal i gcomhthéacs na bhfreagrachtaí reachtúla breise atá air tar éis an tAcht a thabhairt isteach.

Mar a luadh roimhe seo sa tuarascáil, tá struchtúr maitríse i bhfeidhm ag BAI trína n-oibríonn baill den fhoireann go solúbtha ar fud gach réimse gníomhaíochta de réir riachtanais ghnó. Cumasaíonn sé sin acmhainní a úsáid ar bhealach éifeachtach éifeachtúil mar a mbíonn siad ag teastáil agus nuair a bhíonn siad ag teastáil.

- *An Straitéis um Eolas Eagraíochtúil*

  Tá forbairtí suntasacha TF déanta san eagraíocht ó tugadh isteach an straitéis chomhtháite trí bliana um eolas eagraíochtúil inar pléadh le TF, le bainistíocht sonraí agus comhad agus le húsáid straitéiseach a bhaint as sonraí, faisnéis agus eolas. Leanadh díobh sin i 2017 agus ascnaíodh bonneagar agus bogearraí BAI go dtí an néalríomhaireacht; seoladh suíomh gréasáin uasghrádaithe ag BAI agus atógadh Bainistíocht Caidrimh le Custaiméirí Fís agus Fuaim (Seirbhís Anois), BAI ar líne. Tar éis dó iniúchadh fairsing a dhéanamh ar na córais TF agus ar bhainistíocht leanúnachais gnó i 2016, d'fhorbair BAI Plean Leanúnachais Gnó eagraíochtúil i gcaitheamh 2017.

- *An Scéim Gaeilge*

  De réir fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, tá BAI tiomanta do sheirbhísí Gaeilge a sholáthar dá pháirtithe leasmhara trí Scéim Gaeilge a chur i ngníomh agus a oibriú. Tá cur chuige spriocdhírithe ag BAI i leith feabhas a chur ar líon agus ar cháilíocht na seirbhísí Gaeilge a sholáthróidh sé i gcaitheamh shaolré trí bliana na Scéime. Déanann Oifig an Choimisinéara Teanga faireachán ar gach Scéim Gaeilge. I gcaitheamh 2017, rinne Oifig an Choimisinéara Teanga athbhreithniú ar an gcéad Scéim Gaeilge ag BAI agus mhol siad go hard í: '*Tá an Oifig seo den dtuairim go bhfuil dul chun cinn fíor mhaith á dhéanamh ag Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le cur i bhfeidhm scéim teanga na heagraíochta.*' Tá BAI ag gabháil tríd an dara Scéim aige faoi láthair, agus leanfaidh an Scéim go dtí mí Dheireadh Fómhair 2019. Déantar, le Scéim Gaeilge II, méadú incriminteach ar na gealltanais a leagtar amach sa chéad Scéim agus áirítear inti gealltanais bhreise ar nós inniúlacht sa Ghaeilge a chur chun cinn mar chuid den phróiseas earcúcháin, acmhainní inmheánacha Gaeilge a fhorbairt agus méadú ar an líon doiciméad agus seirbhísí i nGaeilge a chuirtear ar fáil do pháirtithe leasmhara ar line.

ÚDARÁS CRAOLACHÁIN NA hÉIREANN RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017



CLÁR ÁBHAR

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 52

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 59

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 62

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 64

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 65

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 66

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 67

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 68

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Rialachas

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009"). Leagtar amach faeidhmeanna an Údaráis in alt 26 den Acht seo. Tá an tÚdarás cuntasach don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá sé freagrach as rialachas maith a chinntiú. Comhlíonann sé an tasc seo trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach ní gnó lárnach. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin freagrach as bainistíocht laethúil Údarás Craolacháin na hÉireann arna cheapadh de bhun alt 14 den Acht. Tá sé nó sí cuntasach don Údarás as na feidhmeanna a tharmligeann an tÚdarás dó nó di chun bainistiú éifeachtúil agus éifeachtach a dhéanamh ar riarachán an Údaráis agus ar an dá choiste reachtúil de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, Coiste um Dheonú Conarthaí agus an Coiste um Chomhlíonadh. Comhlíonann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi réir cibé beartas a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham agus de réir Ráiteas Straitéise an Údaráis, a dhréachtóidh agus a ghlacfaidh an tÚdarás de bhun alt 29 den Acht. Féadfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a tharmligean do chomhalta foirne an Údaráis, faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis nó léi.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as an gCiste Craolacháin a riaradh agus as idirbhearta an Chiste a údarú. Tá feidhm ag socruithe rialachais agus nósanna imeachta rialaithe laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir leis an gCiste Craolacháin.

.

Freagrachtaí an Údaráis

Leagtar amach feidhmeanna agus cuspóirí an Údaráis san Acht. Leagtar amach freagrachtaí cinnteoireachta sonracha agus forchoimeádta an Údaráis agus gach coiste reachtúil i Sceideal na Nithe a Fhorchoimeádtar le haghaidh Chinneadh an Údaráis agus na gCoistí Reachtúla.

Áirítear i measc na nithe buana a bheidh le breithniú ag an Údarás:

- Breithniú agus ceadú a dhéanamh ar dhréacht-mhiontuairiscí an chruinnithe roimhe sin
- Dearbhuithe leasa
- Nithe a bhaineann le feidhmeanna agus gnó Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun an Achta
- Nithe a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha Údarás Craolacháin na hÉireann a bhaint amach
- Miontuairiscí cruinnithe an Choiste um Dheonú Conarthaí agus an Choiste um Chomhlíonadh

Ceanglaítear ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin faoi Alt 37(2) den Acht Craolacháin 2009 ("an tAcht"), faoi stiúradh an Údaráis, gach leabhar cui agus taifead cuntais de gach ioncam agus caiteachas den Údarás agus d'fhoinsí ioncam den sórt sin agus ábhar caiteachais den sórt sin, agus de mhaoin, de shócmhainní agus de dhliteanais an Údaráis a choimeád. Ceanglaítear air nó uirthi freisin cuntas a thabhairt don Údarás maidir le gach cuntas speisialta den sórt sin a choimeád de réir mar a cheanglóidh cuid 10 den Acht, agus de réir mar a ordóidh an tÚdarás, le toiliú an Aire, nó mar a ordóidh an tAire ó am go ham gur cóir a choimeád.

Le linn do na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an t-Údarás ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth a staid airgeadais agus lena gcumasaítear dó a dheimhniú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 37(2) den Acht. Is freagracht de chuid an Údaráis sláine na faisnéise corparáide agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Údaráis Craolacháin na hÉireann agus é a chothabháil.

Tá an tÚdarás freagrach as Ráiteas Straitéise a cheadú (lena n-áirítear na cuspóirí straitéiseacha dá chuid) agus plean oibre trí bliana agus meastacháin bhuiséid trí bliana. Tugadh faoi mheastóireacht ar fheidhmíocht Údarás Craolacháin na hÉireann trí thagairt a dhéanamh dá Straitéis, dá phlean oibre agus dá bhuiséid le linn roinnt cruinnithe i rith mhí Eanáir agus Feabhra 2018.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní Údarás Craolacháin na hÉireann a chosaint agus dá réir chun bearta réasúnacha a dhéanamh calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an tÚdarás den tuairim go dtugann ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann léargas fírinneach agus fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann amhail ag 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Bhoird

Tá naonúr gcomhaltaí ar an Údarás, duine acu a gceaptar ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach. Tá comhaltaí an Údaráis arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil de bhun Alt 8 den Acht Craolacháin 2009. Bíonn gach comhalta i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an tAire le linn an ceapachán a dhéanamh, faoi réir fhorálacha alt 9 den Acht. Mionsonraíonn an tábla thíos an dáta ceapacháin maidir leis an ocht gcomhalta reatha de chuid an Údaráis – tá folúntas amháin i láthair na huaire:

Comhalta an Bhoird	Ról	Dáta Ceapacháin
Pauric Travers*	Cathaoirleach	2 Nollaig 2017
Alan McDonnell	Gnáthchomhalta	2 Nollaig 2014
Grace Smith	Gnáthchomhalta	2 Nollaig 2014
Séamus Martin	Gnáthchomhalta	17 Feabhra 2015
Denis Wolinski	Gnáthchomhalta	17 Feabhra 2015
Seán Ó Mordha	Gnáthchomhalta	17 Feabhra 2015
Rosemary Day	Gnáthchomhalta	17 Feabhra 2015
Maeve McDonagh	Gnáthchomhalta	17 Feabhra 2015
Mary Curtis	Gnáthchomhalta	31 Eanáir 2017

* Ceapadh ina Chathaoirleach é den chéad uair an 1 Nollaig 2014 go ceann tréimhse trí bliana. Athcheapadh é go ceann tréimhse breise trí bliana an 2 Nollaig 2017.

D'fheidhmigh an tUasal Séamus Martin ina chomhalta den Údarás ó thús 2017 go dtí deireadh a téarma ceapacháin an 2 Nollaig 2017. Cheap an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil Bn. Vivien McKechnie mar chomhalta den Údarás an 20 Márta 2018.

Rinne an tÚdarás féinmheasúnú ar Éifeachtacht an Bhoird agus ar Athbhreithniú Meastóireachta i leith 2017 i mí Aibreáin 2018.

Bunaíodh dhá choiste reachtúla freisin faoi Alt 6 den Acht mar a leanas:

1. **An Coiste um Dheonú Conarthaí:** tá ochtar gcomhaltaí ar an gCoiste seo. De bhun alt 8 den Acht, tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu de bheith ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu de bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Leagtar amach feidhmeanna an Choiste um dheonú Conarthaí in Alt 27 den Acht.
2. **An Coiste um Chomhlíonadh:** tá ochtar comhaltaí ar an gCoiste seo. De bhun alt 8 den Acht, tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Rialtas ar iad a ainmniú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus tá ceathrar comhaltaí arna gceapadh ag an Údarás; beirt acu de bheith ina gcomhaltaí den Údarás agus beirt acu de bheith ina gcomhaltaí d'fhoireann an Údaráis. Leagtar amach feidhmeanna an Choiste um Cholhlíonadh in Alt 28 den Acht.

Bhunaigh an tÚdarás freisin **Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca** arb iad triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta neamhspleách amháin a bhfuil saineolas airgeadais aige nó aici atá ar an gcoiste seo. Leagtar amach ról an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca i dtéarmaí tagartha arna gceadú ag an Údarás agus is é an cuspóir atá aige cabhair a thabhairt don Údarás maidir lena fhreagrachtaí de bhun Acht 2009 agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú amhail riosca, rialú inmheánach agus dearbhú gaolmhar. Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca, is coiste neamhspleách ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar bhainistíocht Údarás Craolacháin na hÉireann é, a dheimhniú go ndéantar faireachán gníomhach agus neamhspleách ar chórais rialaithe inmheánacha Údarás Craolacháin na hÉireann, lena n áirítear a ghníomhaíochtaí riosca agus iniúchóireachta. Tugann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus tugann sé tuarascáil go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil

In 2017, ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca: Alan McDonnell (Cathaoirleach), Seán Ó Mordha (go dtí 11 Nollaig 2017), Denis Wolinski and Mary Curtis (ó 11 Nollaig 2017). Sheirbheáil Robert Kelly, comhalta neamhspleách, ón 1 Eanáir 2017 go dtí 23 Iúil 2017. Cuireadh Dermot O'Riordan ina ionad agus ceapadh é an 1 Meán Fómhair 2017 go ceann téarma trí bliana.

Sceideal Freastail, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal freastail ar chruinnithe de chuid an Údaráis agus na gCoistí le haghaidh 2017 lena n áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta.

	Táillí €	Costais €	Freastal
Comhaltaí an Údaráis			
Pauric Travers	11,721	594	12/12
Alan McDonnell	7,553	-	12/12
Grace Smith	7,553	17	11/12
Seamus Martin	6,911	16	9/11
Denis Wolinski	7,553	2,198	10/12
Sean Ó Mordha	7,553	187	11/12
Rosemary Day	-	3,290	10/12
Maeve McDonagh	-	1,250	10/12
Mary Curtis	7,075	379	10/11

	Táillí €	Costais €	Freastal
An Coiste um Chomhlíonadh			
Patrick Gageby	748	-	1/1
Kevin Rafter	-	-	10/10
Nigel Heneghan	7,553	-	9/11
Paula Mullooly	7,553	-	10/11
Rosemary Day	-	2,675	8/11
Maeve McDonagh	-	1,116	9/11
Ciaran Kissane	-	-	7/9
Neil O'Brien	-	-	2/2
Anne O'Brien	-	-	11/11
Eileen Maher	7,075	-	10/10
An Coiste um Dheonú Conarthaí			
Ercus Stewart	11,721	83	10/10
Eimer McGovern	7,553	-	10/10
John Hogan	7,553	936	9/10
Clodagh O'Donnell	7,075	-	9/9
Grace Smith	-	-	9/10
Seamus Martin	-	-	7/9
Sean Ó Mordha	-	-	1/1
Celene Craig	-	-	10/10
Neil O'Brien	-	-	7/7
Ciarán Kissane	-	-	3/3
An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca			
Alan McDonnell	-	-	7/7
Mary Curtis	-	-	1/1
Sean Ó Mordha	-	-	5/6
Dermot O'Riordan		-	2/2
Robert Kelly	-	-	3/3
Denis Wolinski	-	-	7/7
Iomlán	**112,750**	**12,741**	

Duine Amháin Tuarastal Amháin

Maidir le gach comhalta a ceapadh don Údarás reatha, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar gach duine de na comhaltaí a bhí ag teacht isteach féin-dhearbhú a dhéanamh más rud é go raibh siad faoi réir riachtanais Duine Amháin Tuarastal Amháin (DATA), agus fuair Údarás Craolacháin na hÉireann treoir gan aon tuarastal a íoc le beirt chomhaltaí den Údarás reatha (Rosemary Day agus Maeve McDonagh) agus le comhalta amháin den Choiste um Chomhlíonadh (Kevin Rafter) a íoc i ndáil lena gcomhaltas den Údarás nó de Choistí Reachtúla d'Údarás Craolacháin na hÉireann, de réir mar is cuí.

Coinbhleacht Leasa

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh Údarás Craolacháin na hÉireann dámhachtain conarthaí agus deontas a cheadú do ghnóthais ina bhfuil comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí fostaithe nó ina bhfuil leas ag na comhaltaí sin ar shlí eile.

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir le forálacha an Achta Craolacháin 2009 agus leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasanna ag Comhaltaí den Údarás agus/nó de Choistí agus chloígh an t-Údarás leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana.

Maidir le Comhaltaí den Údarás a fhónann freisin mar ainmnithe den Údarás ar an gCoiste um Dheonú Conarthaí reachtúil, scaoileann siad iad féin mar ghnáthchleachtas ó gach plé agus ó gach cinneadh a bhaineann leis na moltaí i leith conradh a dhámhachtain a dhéanann an Coiste um Dheonú Conarthaí don Údarás.

Chomhlíon BAI forálacha an Achta Craolacháin 2009 agus na treoirlínte ón Roinn Airgeadais maidir le cásanna ina ndearbhaítear leasanna. I ngach cás, níor tugadh don Chomhalta lena mbaineann aon doiciméid maidir leis an iarratas ar cheadúnas, le gearán ná le saincheist a d'eascair as agus níor ghlac an Comhalta páirt i gcinntí, nó ní raibh sé/sí i láthair nuair a rinneadh cinntí ar an ní, a luaithe a tháinig an Comhalta ar an eolas faoin gcoinbhleacht agus/nó a dhearbhaigh sé/sí leas sa ní.

.

Athruithe Pearsanra Ríthábhachtacha

An tÚdarás: Ceapadh Mary Curtis chun folúntas a líonadh an 31 Eanáir 2017. Chuaigh téarma beirt chomhaltaí in éag le linn 2017: Pauric Travers, Cathaoirleach, agus Séamus Martin. De réir fhorálacha an Achta, rinne an Rialtas Pauric Travers a athcheapadh ina Chathaoirleach, go ceann dara téarma de thrí bliana

An Coiste um Chomhlíonadh: Committee Chairperson, Patrick Gageby, resigned from his position in January 2017 and was replaced by Kevin Rafter in January 2017. Ms. Eileen Maher was appointed in January 2017 to a vacancy on the Committee. Neil O'Brien replaced Ciarán Kissane on the Compliance Committee, as the appointee of the Authority from the Executive, with effect from 14th September 2017.

An Coiste um Dheonú Conarthaí: Cheap an Rialtas Clodagh O'Donnell do Choiste um Dheonú Conarthaí an 31 Eanáir 2017. Tháinig deireadh le téarma Seamus Martin ar an gCoiste le dul in éag dá cheapachán don Údarás agus cheadaigh an tÚdarás ceapachán Sheáin Uí Mhordha, Comhalta an Údaráis, don Choiste chun é a chur ionad an Uasail Martin. Cuireadh Ciarán Kissane in ionad Neil O'Brien ar an gCoiste, mar dhuine ceaptha den Údarás ón bhFeidhmeannacht, le héifeacht ón 14 Meán Fómhair 2017.

Nochtadh a gCeanglaítear ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a dheimhniú gur chomhlíon Údarás Craolacháin na hÉireann le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear leis an gCód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

Miondealú Sochar Gearrthéarmach Fostaithe

Aicmítear sochair gearrthéarmacha fostaithe ar níos mó na €60,000 iad sna bandaí seo a leanas:

Réimse shochair iomlána na bhfostaithe

Ó	Go dtí	2017	2016
€60,000 -	€69,999	6	4
€70,000 -	€79,999	4	3
€80,000 -	€89,999	-	-
€90,000 -	€99,999	1	1
€100,000 -	€109,999	-	-
€110,000 -	€119,999	1	1

Costais Chomhairleachta

Áirítear sna costais chomhairleachta costas comhairle seachtraí don bhainistíocht ach nach n-áirítear costas €64K san iomlán maidir le feidhmeanna 'an ghnáthchúrsa gnó' le haghaidh seirbhísí don Fheidhm Airgeadais d'Údarás Craolacháin na hÉireann (€55K in 2016).

	2017 € '000	2016 € '000
Iniúchóireacht & Faireachán	39	56
Beartas, Cóid agus Rialacha	516	295
Comhairleachta Ghinearálta	207	227
Comhairleacht san Iomlán	**762**	**578**

	€ '000	€ '000
Comhairle Dlí	96	69
	96	**69**

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Aicmítear caiteachas taistil agus cothabhála mar a leanas:

	2017 € '000	2016 € '000
Intíre		
– An tÚdarás/Comhaltaí an Choiste	12	15
– Fostaithe	20	19
Idirnáisiúnta		
– An tÚdarás/Comhaltaí an Choiste	1	-
– Fostaithe	27	34
	60	**68**

Tabhair faoi deara go dtaifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Fostaithe sna Ráitis Airgeadais mar Chostas Riaracháin (€47K) agus go dtaifeadtar caiteachas taistil agus cothabhála Chomhaltaí an Bhoird mar Tháillí agus Costais na gComhaltaí de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann (€13K).

Caiteachas Fáilteachas

Áirítear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2017 € '000	2016 € '000
Fáilteachais foirne*	21	24
Fáilteachas do chliaint	1	1
	22	**25**

*****Ceanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go n-áirítear costais a bhaineann le Clár Folláine Fostaithe san aicme seo.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Le linn 2017, thionscain Údarás Craolacháin na hÉireann clár oibre lena dheimhniú go gcomhlíonfadh an eagraíocht go hiomlán an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 ar an dáta riachtanach. Cé go raibh go leor den mhéid seo curtha i gcrích faoi Nollaig 2017, bhí obair fós ar siúl ar roinnt nithe amuigh go luath in 2018 lena n-áirítear uasdátú ar an gCód Iompair Gnó agus athbhreithniú ar an gCairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus an Plean Gníomhaíochta. Tá na nithe seo curtha i gcrích anois agus arna gceadú ag an Údarás an 28 Meitheamh 2018.

Cé go n-admhaíonn Údarás Craolacháin na hÉireann nár chomhlíon sé an Cód do 2017 go hiomlán, bhí an obair go léir curtha i gcrích faoi dháta shínithe na gcuntas chun comhlíonadh iomlán an Chóid a dheimhniú.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2018

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
28 Meitheamh 2018

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH

Raon na Freagrachta

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, aithním an fhreagracht atá ar an Údarás a dheimhniú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach á chothabháil agus á chur i ngníomh i leith Údarás Craolacháin na hÉireann agus an Chiste Craolacháin. Cuirtear i gcuntas sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach arna dhearadh chun riosca a bhainistiú go dtí leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó mírialtachtaí á gcosc nó go mbraithfí iad ar bhonn tráthúil.

Tá an córas um rialú inmheánach ann, atá ag teacht le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

An Cumas Riosca a Láimhseáil

The Broadcasting Authority of Ireland has a Finance Audit and Risk Committee ("FAR") comprising three Authority members and one external member with financial and audit expertise. The FAR met seven times in 2017.

Tá Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca arb iad triúr comhaltaí den Údarás agus comhalta seachtrach amháin a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta aige nó aici. Bhuail an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca le chéile seacht n-uaire in 2017.

Sheachfhoinsigh Údarás Craolacháin na hÉireann an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí dá chuid a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus seoltar clár atá bunaithe ar riosca arna chomhaontú leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca.

Cheadaigh an tÚdarás de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann Creat Bainistíochta Riosca ("an Creat") d'Údarás Craolacháin na hÉireann:-

- A cheanglaíonn riosca le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta
- A sholáthraíonn ráiteas beartais soiléir agus sainráite mar aon le cuspóirí bainistíochta riosca cuí
- A chuireann in iúl cumas an Údaráis riosca a shú, i.e. an méid riosca a bhfuil an tÚdarás sásta a ghlacadh
- A chuireann in iúl an modh a shainaithneofar agus a rangófar an riosca
- A cheanglóidh go gcuirfear measúnú riosca i gcrích, trí shainaithint, trí chur síos agus trí mheastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí éagsúla a mbeidh tionchar acu ar an Údarás agus a leagfaidh amach na huirlisí, na próisis agus na struchtúir a thabharfaidh feidhm phraiticiúil don mheastóireacht riosca seo
- A cheanglóidh go ndéanfar tuairisciú ar rioscaí chun trédhearcacht iomlán a dheimhniú ar an riosca agus ar na gníomhartha arna bpleanáil chun déileáil leis an riosca
- A leagann amach plean cur chun feidhme agus faireacháin a dheimhníonn go bhfuil foireann Údarás Craolacháin na hÉireann ar an eolas maidir lena ról agus lena freagrachtaí maidir le riosca agus leis na gníomhartha comhaontaithe
- A leagann amach cibé tacaíochtaí atá ann (e.g. oiliúint)

Sna Téarmaí Tagartha dá chuid, tiomnaíonn an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar an gCreat agus go gcuirtear an Creat faoi bhráid an Údaráis lena cheadú.

Eisíodh an Creat chuig gach comhalta foirne a mbeifí ag súil de bheith ag obair ar bheartais bainistíochta riosca de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, chun go mbeidh an bhainistíocht san airdeall maidir le rioscaí agus laigí rialaithe a bheidh ag teacht chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh maidir le rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin..

Creat Rioscaí agus Rialaithe

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann tar éis córas bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm a dhéanann sainaithint, measúnú agus tuairisciú ar na rioscaí ríthábhachtacha agus gníomhartha na bainistíochta a cuireadh i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Sainaithníonn Creat Bainistíochta Riosca Údarás Craolacháin na hÉireann clár rioscaí mar uirlis bainistíochta agus rianaithe rioscaí, a dhéanann, trí phróiseas athbhreithnithe agus uasdátaithe, sainaithint, measúnú agus bainistiú ar rioscaí thíos go dtí leibhéil inghlactha. Tá Clár Rioscaí Corparáide ann a dhéanann na príomh rioscaí agus éiginnteachtaí corparáide agus straitéiseacha a gcaithfidh Údarás Craolacháin na hÉireann aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint agus rinneadh iad siúd a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais. Ina theannta sin, ullmhaítear cláir rioscaí oibriúcháin agus pleananna bainistíochta riosca tionlacain do gach ceann de réimsí tionscadail agus oibriúcháin de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann.

Déanann an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Corparáide ar bhonn ráithiúil agus soláthraíonn an Príomhoifigeach Rioscaí uasdátú ar na rioscaí (lena h-áirítear uasdátú ar rioscaí oibriúcháin suntasacha) ag gach cruinniú Coiste. Déantar athbhreithniú agus tuairisciú ar na Cláir Rioscaí Oibriúcháin ag gach cruinniú foirne bainistíochta sinsearach agus gach cruinniú míosúil oibriúcháin idir an Príomhoifigeach Rioscaí agus Oifig an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt lena dheimhniú go mbainistítear rioscaí ag leibhéal cuí.

Mionsonraíonn an clár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht a shanntar do chomhaltaí foirne sonracha maidir le rialuithe a oibriú. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe a bhfuil na heilimintí seo a leanas ann:

- Go ndearnadh taifead maidir le nósanna imeachta le haghaidh gach próiseas gnó ríthábhachtach,
- Gur sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Go bhfuil córas buiséadach iomchuí ann le buiséad bliantúil a mbíonn athbhreithniú arna dhéanamh air ag an mbainistíocht shinsearach,
- Go bhfuil córais ann a bhfuil mar sprioc acu slándáil na faisnéise agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a dheimhniú
- Go bhfuil córais ann chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Go ndeimhníonn nósanna imeachta maidir le maoiniú deontas do ghníomhaireachtaí seachtracha go bhfuil rialú leordhóthanach ann maidir le ceadú deontas agus le faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh i dtaca le deontaithe lena dheimhniú gur cuireadh an maoiniú deontas chun feidhme maidir leis an gcuspóir beartaithe.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd a bhfuil freagrach as gníomh leasaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Údarás, más iomchuí, ar mhodh tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnacha seo a leanas ann:

- Rinneadh rioscaí ríthábhachtacha agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus cuireadh próisis ann chun faireachán a dhéanamh ar na rialuithe ríthábhachtacha sin agus chun tuairisciú a dhéanamh ar aon easnaimh a sainaithníodh,
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i gcás ar sannadh freagracht le haghaidh bainistíocht airgeadais, agus
- Déanann bainistíocht shinsearach líon athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bliantúil agus tuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht in aghaidh buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta Údarás Craolacháin na hÉireann ann lena chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte reatha soláthair agus gur chomhlíon Údarás Craolacháin na hÉireann na nósanna imeachta sin le linn 2017.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag Údarás Craolacháin na hÉireann chun faireachán a dhéanamh ar a nósanna imeachta maidir le riosca a bhainistiú agus a rialú. Cuirtear bonn eolais faoin bhfaireachán agus faoin athbhreithniú a dhéanann Údarás Craolacháin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh: le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha; leis an gCoiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a chuid oibre; agus leis an mbainistíocht shinsearach laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe ar airgeadas inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an t-Údarás athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais do 2017 le linn mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine 2018.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Rinne iniúchóirí inmheánacha de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann athbhreithniú cuimsitheach ar rialuithe inmheánacha laistigh den eagraíocht. Thug an t-athbhreithniú seo faoi deara fionnachtana féin-athbhreithnithe chuimsithigh maidir le comhlíonadh cánach a cuireadh i gcrích le cabhair ó shainchomhairle cánach sheachtrach. Shainaithin an t-athbhreithniú seo cé go raibh comhlíonadh maith ag Údarás Craolacháin na hÉireann le rialacháin agus dlíthe cánach, sainaithníodh dhá réimse nár chomhlíon Údarás Craolacháin na hÉireann na rialacháin maidir le CBL a aisghabháil maidir le ceannaigh áirithe. Tá Údarás Craolacháin na hÉireann tar éis rialuithe a chur ann anois lena dheimhniú go mbeidh comhlíonadh sa réimse seo.

Rinneadh nochtadh gan iarraidh do na Coimisinéirí ioncaim de €99,367, a bhain le ró-éileamh CBL le linn na tréimhse 2014-2017. Maidir leis an méid seo, bhain €95,016 leis an gCiste Craolacháin, lena n-áirítear €17,098 d'ús agus de phionóis. Cuirtear é seo i gcuntas i Ráitis Airgeadais de chuid an Chiste Craolacháin.

Baineann an t-iarmhéid de €4,351 le ró-éileamh CBL a rinne Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le hearraí áirithe neamh-inasbhainteach. Áirítear €555 d'ús agus de phionóis leis seo. Cuirtear é seo i gcuntas i Ráitis Airgeadais de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2018

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
28 Meitheamh 2018

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Authority of Ireland

Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland for the year ending 31 December 2017 as required under the provisions of section 37 of the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Authority of Ireland at 31 December 2017 and of its income and expenditure for 2017 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland.*

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Broadcasting Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report including the governance statement and Authority members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

Chief Executive's contract

I draw attention to note 6 to the financial statements which sets out that the Broadcasting Authority has not had a formal contract of employment in place with the Chief Executive since October 2010. The appointment of the interim Chief Executive to the position of Chief Executive was approved in principle by the Minister for Communications, Climate Action and Environment for a period of 2.5 years commencing on 1 October 2010. The appointment by the Authority was subject to the terms and conditions being approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, as required under section 14 (5) of the Broadcasting Act 2009. This approval has not been received to date. There is no sanction for the appointment post April 2013.

Seamus McCarthy.

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

29 June 2018

Appendix to the report

Responsibilities of Authority members

The governance statement and Authority members' report sets out the Board members' responsibilities. The Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 37 of the Broadcasting Act 2009.
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 37 of the Broadcasting Act 2009 to audit the financial statements of the Broadcasting Authority of Ireland and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Authority of Ireland's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Authority of Ireland to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if there is any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

	Nóta	2017	2016
Ioncam		**€ '000**	**€ '000**
Tobhach	**2**	4,683	4,871
Táillí Ceadúnúcháin	**3**	23	29
Ioncam Eile	**4**	729	757
Ollioncam		**5,435**	**5,657**
Aistriú (ón)/go dtí an Cuntas Caipitil	**17**	(3)	23
		5,432	**5,680**
Caiteachas			
Costais Sochar Scoir	**5**	1,988	2,035
Retirement Benefit Costs	**19(c)**	309	254
Táillí agus Speansais Chomhaltaí Ú. C. na hÉ.		126	105
Táillí Comhairleachta	**7**	826	632
Costais Dlí		96	69
Fógraíocht		24	44
Costais Riaracháin	**8**	428	486
Luach Saothair na nIniúchóirí		12	13
Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha	**9**	599	491
Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara	**10**	769	763
Dímheas		24	38
Drochfhiacha		(3)	7
Ús agus muirir bainc		10	4
		5,208	**4,941**
Barrachas Ioncaim thar Chaiteacha		**224**	**739**
Aisíoc Tobhaigh	**2**	(200)	(704)
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		**24**	**35**
Cúlchiste Coinnithe Ioncaim			
Iarmhéid i dtús na bliana		619	**584**
Barrachas tar éis aisíoc Tobhaigh		24	35
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**643**	**619**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–21.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 28 Meitheamh 2018 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2018

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
28 Meitheamh 2018

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
28 Meitheamh 2018

RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

	2017	2016
	€'000	€'000
Barrachas tar éis Aisíoc Tobhaigh	**24**	**35**
Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí ar dhliteanais scéime sochar scoir	(358)	(59)
Athruithe ar thoimhdí is bunús le luach láithreach na n-oibleagáidí scéime sochar scoir	133	(2,190)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain	(225)	(2,249)
Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Sochar Scoir ón Státchiste	225	2,249
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain	24	35

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–21.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 28 Meitheamh 2018 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2018

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
28 Meitheamh 2018

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
28 Meitheamh 2018

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2017

	Nóta	2017	2016
		€ '000	€ '000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	**11**	53	50
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna Infhaighte	**12**	1,196	1,076
Airgead agus coibhéis airgid	**13**	1,645	1,137
		2,841	2,213
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**14**	(1,698)	(1,519)
Saoráid iasachta		(500)	-
		(2,198)	(1,519)
Glansócmhainní Reatha		643	694
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha		696	744
Soláthar do Dhliteanais	**16**	-	75
Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais roimh Shochair Scoir		696	669
Sócmhainn iarchurtha sochar scoir	**19**	11,491	10,476
Dliteanais sochair scoir	**19**	(11,491)	(10,476)
Glansócmhainní		**696**	**669**
Arna n-ionadú			
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais		643	619
Cuntas Caipitil	**17**	53	50
		696	**669**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–21.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 28 Meitheamh 2018 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2018

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
28 Meitheamh 2018

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
28 Meitheamh 2018

RÁITEAS FAOI SHREAFAÍ AIRGID

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Réiteach idir an Barrachas Oibriúcháin agus na Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don bhliain	24	35
Muirear Dímheasa	24	38
Aistriú ón gCuntas Caipitil	3	(23)
Laghdú/(Méadú) ar Shuimeanna Infhaighte	(120)	(294)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha	104	(79)
(Glan-Eis-Sreabhadh)/Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	35	(323)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		
(Aisíocaíocht)/Íostarraingt Iasachta	500	-
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a cheannach	(27)	(14)
(Laghdú)/Méadú ar Airgead agus ar Choibhéis Airgid	508	(337)
Airgead agus coibhéis airgid i dtús na bliana	1,137	1,474
Airgead agus coibhéis airgid ag deireadh na bliana	**1,645**	**1,137**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2017

1 Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta a ghlacann Údarás Craolacháin na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na bliana agus don bhliain roimhe iad.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh Údarás Craolacháin na hÉireann faoin Acht Craolacháin 2009 le príomhoifig atá suite in 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Is iad na príomhchuspóirí de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann, mar a leagtar amach in Alt 25 den Acht Craolacháin 2009, mar a leanas:

(1) Déanfaidh an t-Údarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, iarracht a chinntiú—

(a) go ndéanfar líon agus earnálacha na seirbhísí craolacháin a gcuirfear ar fáil sa Stát de bhua an Achta seo an freastal is fearr ar riachtanais muintir oileán na hÉireann, nuair a chuirtear a dteangacha agus a dtraidisiúin, agus a n-éagsúlacht reiligiúin, eitice agus cultúir san áireamh;

(b) go dtacófar leis an bhfiúchas daonlathach atá cumhdaithe sa Bhunreacht, go háirithe mar a bhaineann le cosaint an tsaoirse cheart tuairimí a nochtadh; agus

(c) go soláthrófar seirbhísí craolacháin atá oscailte agus iolraíoch.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1),* déanfaidh an t-Údarás agus na coistí reachtúla –

(a) soláthar clár ardchaighdeáin, éagsúil agus nuálach ag craoltóirí tráchtála, pobail agus seirbhíse poiblí agus léiritheoirí neamhspleácha a spreagadh;

(b) craoltóirí seirbhísí poiblí a éascú i gcomhall na gcuspóirí seirbhíse poiblí dá chuid mar a leagtar amach san Acht seo;

(c) éagsúlacht a chur chun cinn sa rialú ar na seirbhísí craolacháin tráchtála agus pobail is mó tionchar;

(d) timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh iriseoireacht neamhspleách, neamhchlaon a chothú;

(e) timpeallacht rialaitheach a sholáthar a dhéanfaidh comhlíonadh an dlí fostaíochta is infheidhme a chothú;

(f) leasanna leanaí a chosaint, ag cur san áireamh a leochailí agus atá leanaí agus an óige ó thaobh saothrú tráchtála míchuí;

(g) timpeallacht rialaitheach a sholáthar lena n-éascófar forbairt earnála craolacháin in Éirinn ina dtabharfar aird ar riachtanais lucht féachana agus éisteachta agus, go háirithe, a bheidh inrochtana ag daoine faoi mhíchumas agus

(h) forbairt clár agus seirbhísí craolacháin Gaeilge a chur chun cinn agus a spreagadh.

(3) Féachfaidh an t-Údarás agus na coistí reachtúla, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena chinntiú, maidir leis na bearta a dhéanfar—

(a) go mbeidh siad comhréireach ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha amach san alt seo,,

[b) go gcuirfear chun feidhme iad thar an raon seirbhísí craolacháin a chuirfidh i gcuntas an méid tionchair ar féidir leis na cineálacha éagsúla seirbhísí craolacháin a imirt maidir le múnlú tuairimí lucht féachana agus éisteachta sa Stát,

(c) ago gcoimeádfar i gcuimhne iontu na cuspóirí, na feidhmeanna agus na dualgais atá leagtha amach do chraoltóirí seirbhíse poiblí i *gCodanna 7* agus *8*,

(d) go mbeidh mar thoradh orthu socruithe rialaitheacha a bheidh cobhsaí agus intuartha, agus

(e) go ndéanfar freastal go réidh ar fhorbairt na teicneolaíochta, agus ar fheidhmiú na forbartha sin, ag an earnáil chraolacháin agus go ndéanfar an céanna a spreagadh leo go réidh.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí é Údarás Craolacháin na hÉireann.

(b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Údarás Craolacháin na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS102, rud atá ar an gcaighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, mar a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte Éireann.

(c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhruithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de réir alt 37(4) den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le Ráitis Airgeadais an Údaráis Craolacháin.

(d) Ioncam

Ioncam Tobhaigh
Is é an phríomhfhoinse ioncaim atá ag an Údarás ná tobhach a ghearrtar ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin de réir mar a cheanglaítear faoi alt 33(1) den Acht Craolacháin 2009. Baintear úsáid as an tobhach chun na caiteachais a bhaineann le feidhmiú an Údaráis agus na gcoistí reachtúla a mhaoiniú. Bíonn an tobhach bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe le haghaidh bliain airgeadais ar leith.

Faoi alt 33(5) den Acht Craolacháin 2009, is amhlaidh, maidir le haon bharrachas ar ioncam tobhaigh de bhreis ar na caiteachais arna dtabhú ag an Údarás i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna dá chuid a bhaineann leis an tobhach sin i mbliain airgeadais áirithe, go gcoinneoidh an tÚdarás é lena fhritháireamh i gcoinne oibleagáidí i leith tobhaigh i gcomhair na bliana dá éis sin nó go ndéanfar é a aisíoc go comhréireach leis na soláthraithe seirbhísí craolacháin ar a bhforchuirtear an tobhach.

Leagtar amach san Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin, 2009 (Alt 33), 2010 (I.R. Uimh. 7/2010), an bonn ar a ndéantar an tobhach a ríomh. Is ar bhonn fabhruithe a thugtar cuntas air.

Ioncam ó Tháillí Ceadúnúcháin
De bhun fhorálacha an Achta Craolacháin 2009, tá an tÚdarás freagrach as conarthaí a dheonú le haghaidh seirbhísí teilifíse agus raidió ar ardáin éagsúla. Tríd is tríd, déanann an tÚdarás dhá chineál conartha le hoibreoirí craolacháin, mar seo a leanas:

- Conarthaí Craolacháin; agus
- Conarthaí Soláthair Lánais

D'fhéadfadh go mbeadh táillí ceadúnúcháin iníoctha ag iarratasóirí ar chonarthaí agus ag conraitheoirí chuig BAI de bhun na bhforálacha reachtúla. D'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar na táillí sin ó am go chéile ar aon dul le beartais agus le straitéisí an Údaráis.

Ioncam Eile
Aithnítear Ioncam Eile ar bhonn fabhruithe.

Ioncam Úis
Aithnítear Ioncam Úis ar bhonn fabhraithe ach modh an úis éifeachtaigh a úsáid.

(e) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthair do bhearnú. Gearrtar dímheas ar an réadmhaoin, ar an ngléasra agus ar an trealamh ar fad. Déantar amhlaidh de réir rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar an tsaolré eacnamaíoch fhónta a mheastar atá acu, mar a leanas:

Bogearraí & Trealamh Ríomhaireachta	33% sa bhliain
Trealamh Oifige	20% sa bhliain
Daingneáin agus Feisteas	10% sa bhliain
Feabhsúcháin Léasachta	10% sa bhliain
Clostrealamh/Trealamh Teicniúil	33% sa bhliain
Mótarfheithiclí	25% sa bhliain

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, amhail dá mbeadh an tsócmhainn ar aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fónta cheana féin. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain.

(f) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é soláthar d'fhiacha amhrasacha. Bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tÚdarás in ann na suimeanna uile atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim.

(g) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa ach amháin i gcásanna ina bhfuil méaduithe cíosa nasctha leis an ráta ionchais boilscithe. Sna cásanna sin, aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear thar thréimhse an léasa aon dreasachtaí léasa a fhaightear.

(h) Sochair Fostaithe

(i) Sochair Ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i bhfigiúr na suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

(ii) Sochair Scoir
Feidhmíonn Údarás Craolacháin na hÉireann scéim sochar sainithe scoir. Tá socrú i bhfeidhm ag an Údarás leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil faoina gcúiteofar leis an Údarás gach airgead a bheidh de dhíth chun na hoibleagáidí sochar scoir a ghlanadh nuair a bheidh siad dlite. Mar chúiteamh air sin, ceanglaítear ar an Údarás suim is comhionann le ranníocaíochtaí na bhfostaithe don bhliain a íoc leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, móide ranníocaíocht ón bhfostóir ag rátaí a shocróidh an Roinn Airgeadais.

Muirearaítear costais sochar scoir ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim agus cuimsíonn siad an ranníocaíocht ón bhfostóir i leith na bliana.

Léiríonn na dliteanais sochar scoir luach láithreach na n-íocaíochtaí sochar scoir amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Sócmhainn is comhionann leis an dliteanas sin agus is ionann agus na suimeanna a bheidh le haisíoc i dtréimhsí amach anseo ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le haghaidh pinsean de réir mar a bheidh siad dlite le híoc, aithnítear í bunaithe ar an socrú um maoiniú sochar scoir atá i bhfeidhm.

Dliteanais sochar scoir atá léirithe ag luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag foireann an Údaráis go dtí seo, tomhaistear iad ar bhonn achtúireach trí úsáid a bhaint as modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid. Léiríonn costais sochar scoir na sochair scoir atá tuillte ag foireann an Údaráis sa tréimhse. Léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí sochar scoir fostaithe, a gcoinníonn an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil iad. Meastar an tsuim a chuirfear ar áireamh sna ráitis airgeadais le haghaidh shuim an Mhaoinithe Iarchurtha Sochar Scoir ón Státchiste mar shuim atá cothrom le meastachán na hoibleagáide le haghaidh dhliteanais na scéime sochar scoir.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus ó bharrachas agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach le haghaidh na bliana ina dtarlaíonn siad. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach san iarmhéid le haghaidh Maoiniú Iarchurtha Pinsin ón Státchiste.

Tháinig an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, isteach sa dlí an 28 Iúil 2012. Tugadh Scéim Pinsean Aonair nua na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") isteach leis an Acht, scéim ar cuireadh tús léi le héifeacht ón 1 Eanáir 2013. Is baill den Scéim Aonair iad gach fostaí nua in Údarás Craolacháin na hÉireann a chuaigh isteach san Earnáil Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

(i) Cuntas Caipitil

Léirítear sa Chuntas Caipitil an tsuim ioncaim gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

(j) Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart. Aistrítear na sócmhainní agus na dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an tuairisceáin.

(k) Cánachas

Níl an tÚdarás faoi dhliteanas i leith Cáin Chorparáide. Bíonn an t-ioncam a bhailíonn an tÚdarás faoi réir CBL.

(l) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna

a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas Leantach
Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas Údarás Craolacháin na hÉireann a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann Údarás Craolacháin na hÉireann go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar shuimeanna glanluacha ná ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos mura mbeadh Údarás Craolacháin na hÉireann in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh
Déantar Sócmhainní Seasta Inláimhsithe atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú i gcás ina léiríonn eachtraí nó athruithe i gcúinsí nach bhféadfaí an tsuim ghlanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus suim in-aisghabhála na sócmhainne, fad is mó an tsuim ghlanluacha ná an tsuim inaisghabhála. Is é an tsuim in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. Chun críche bearnú a mheasúnú, grúpáiltear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid atá sainaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha a dhéanamh ar an mbearnú ag gach dáta tuairiscithe.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha
Rinne an tÚdarás athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteacha gach ranga sócmhainne seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha na ndaingneán agus an fheistis. Tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha
Déanann an tÚdarás meastachán ar luach inaisghabhála na bhféichiúnaithe agus na suimeanna infhaighte eile. Úsáideann an tÚdarás meastacháin atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus é ag déanamh amach leibhéal na bhfiach a bhféadfadh nach mbeifí in ann iad a bhailiú. Áirítear leis na meastacháin sin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an taithí stairiúil. Is ar bhonn leanúnach a athbhreithnítear leibhéal an tsoláthair a theastaíonn. Tugtar luach cóir na bhféichiúnaithe sna ráitis airgeadais mar gharmheastachán ar a suim ghlanluacha.

Soláthairtí
Déanann an tÚdarás soláthairtí d'oibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha is eol dó a bheith amuigh ag dáta dheireadh na tréimhse. De ghnáth, déantar na soláthairtí seo bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna gcoigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, is meastacháin iad ar na costais airgeadais a bhaineann le teagmhais nach bhféadfadh teacht aníos go ceann roinnt blianta. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta atá ag baint leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh gur mhó i bhfad idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

Oibleagáid Sochar Scoir
Maidir leis na toimhdí is bunús leis na luachálacha achtúireacha ar ina leith a chinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais chúram sláinte), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin;
ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo; agus
iii. rátaí a bhaineann le treochtaí i gcostais chúram sláinte, ráta an bhoilscithe de bharr costais leighis sna réigiúin ábhartha.

Maoiniú iarchurtha pinsin
Is bunaithe ar roinnt teagmhais roimhe a aithníonn an tÚdarás suimeanna atá dlite ón Stát don dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha pinsin. I measc na dteagmhas sin, tá an tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas maidir le pinsin san earnáil phoiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach ann d'aon chomhaontú foirmiúil agus, dá bhrí sin, nach ann d'aon ráthaíocht, i dtaca leis na suimeanna ar leith sin leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo le freastal ar an tsuim seo de réir an chleachtais reatha.

2 Tobhach

Ceanglaítear ar an Údarás le halt 33 den Acht Craolacháin 2009 na caiteachais arna dtabhú go cuí i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna ag an Údarás agus ag na coistí reachtúla a aisghabháil trí thobhach nó muirear a fhorchur ar chraoltóirí seirbhíse poiblí agus ar chonraitheoirí craolacháin. Leagtar amach in Ionstraim Reachtúil Uimh. 7 de 2010, an t-Ordú Tobhaigh um an Acht Craolacháin 2009 (alt 33), 2010 ('an t-Ordú Tobhaigh'), na téarmaí a bhaineann leis an Tobhach seo, lena n-áirítear modh an ríofa.

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 33 den Acht Craolacháin 2009, d'fhoilsigh an tÚdarás an tOrdú Tobhaigh an 22 Eanáir 2010. Tháinig an tOrdú Tobhaigh i bhfeidhm an 17 Eanáir 2010.

Ba é €4.683m an tsuim a gearradh mar thobhach ar chraoltóirí sa bhliain 2017. Áiríodh leis an tsuim sin ús arbh fhiú €2,838 é. Bhí an ghlansuim bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe an Údaráis chun críocha tobhaigh don bhliain 2017 agus ar ioncam cáilitheach na gcraoltóirí don bhliain 2016. Gach bliain, déanann an tÚdarás réiteach tobhaigh chun an tsuim a ghearrtar mar thobhach ar chraoltóirí a chur i gcomparáid leis an muirear tobhaigh iarbhír. Déantar an réiteach sin nuair atá caiteachas an Údaráis chun críocha tobhaigh don bhliain 2017 ceadaithe agus nuair atá a n-ioncam cáilitheach iarbhír don bhliain 2016 curtha ar fáil ag craoltóirí. Eisítear sonrasc nó nóta creidmheasa do chraoltóirí ina dhiaidh sin i leith an choigeartaithe.

Ba le linn na bliana 2017, a rinneadh na próisis réitigh tobhaigh don bhliain 2016. Ba é €704,000 an tobhach iomlán a aisíocadh le craoltóirí. Aithníodh an tsuim sin sna Ráitis Airgeadais don bhliain 2016. Tá aisíocaíocht €200,073 dlite do chraoltóirí maidir leis an mbliain tobhaigh 2017. Aithníodh an tsuim sin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim don bhliain 2017.

3 Táillí Ceadúnúcháin

	2017	2016
	€'000	€'000
Teilifís	23	29
	23	**29**

4 Ioncam Eile

	2017	2016
	€'000	€'000
Ioncam Eile	729	757
	729	**757**

Baineann ioncam eile le caiteachas a thabhaigh Údarás Craolacháin na hÉireann. Athmhuirearaíodh an t-ioncam sin ar an gCiste Craolacháin. Áirítear leis sin: tuarastail is fiú €444,382 (2016: €439,140), forchostais ghinearálta is fiú €181,568 (2016: €181,169), ranníocaíocht urraíochta is fiú €72,862 (2016: €70,160) leis an gCiste Craolacháin, táillí ceadúnas TF agus táillí tacaíochta TF is fiú €17,018 (2016: €53,480) agus comhairle infheistíochta is fiú €13,000 (2016: €13,000).

5 Luach Saothair

(a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Sochair foirne ghearrthéarmacha	1,842	1,893
Ranníocaíocht an fhostóra i leith leas sóisialach	146	142
	1,988	**2,035**

Rinneadh asbhaintí €81,180 (2016: €82,458) a bhaineann le pinsin as tuarastail na foirne le linn na bliana. Cuireadh na hasbhaintí sin chuig an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Áiríodh le Costais Foirne sa bhliain 2017 suim €444,382 (2016: €439,140) a athmhuirearaíodh ar an gCiste Craolacháin. Tá an tsuim sin aitheanta in Ioncam Eile.

Bhí aon duine amháin páirtaiseartha (2016: 4) a bhí ag obair in BAI i gcaitheamh 2017 ar fostú ag gníomhaireacht. B'ionann an t-ollchostas do BAI i leith an phearsanra gníomhaireachta sa bhliain 2017 agus €82,824 (2016: €95,880).

Bhí an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an Údarás (gan pearsanra Gníomhaireachta a áireamh) le linn na bliana mar seo a leanas:

	2017	2016
	€ '000	€ '000
An Fhoireann Ardbhainistíochta	8	7.50
Foireann Eile	25.91	26.81
Coibhéis Lánaimseartha Iarbhír	**33.91**	**34.31**
An Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) amhail an 31 Nollaig 2017	**38**	35

(b) Sochair Fostaithe Ghearrthéarmacha

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Bunphá	1,842	1,893
Ragobair	-	-
	1,842	**1,893**

(c) Pearsanra Bainistíochta Ríthábhachtach

Is ionann an pearsanra bainistíochta ríthábhachtach in Údarás Craolacháin na hÉireann an Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, an Leas-Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin agus an seisear ball den Fhoireann Ardbhainistíochta. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe do phearsanra bainistíochta ríthábhachtach:

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Tuarastal	638,101	637,457
	638,101	**637,457**

Ní chuimsíonn sé sin luach na sochar scoir a tuilleadh i gcaitheamh na tréimhse. Is iad an pearsanra bainistíochta ríthábhachtach ná baill scéim pinsin Údarás Craolacháin na hÉireann agus ní shíneann a gcuid teidlíochtaí sa mhéid sin de thar théarmaí na scéime pinsin seirbhíse poiblí eiseamláirí.

6 Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Le litir dar dáta an 13 Deireadh Fómhair 2009, rinne an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an tUasal Michael O'Keeffe, Príomhfheidhmeannach Choimisiún Craolacháin na hÉireann, a cheapadh chuig an bpost mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach ar Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun alt 14(7) den Acht Craolacháin, 2009. Mhairfeadh an ceapachán tréimhse aon bhliana dar tús an 1 Deireadh Fómhair 2009 agus dar críoch an 30 Meán Fómhair 2010. An 15 Feabhra 2010, chuaigh an Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus Údarás Craolacháin na hÉireann isteach i gconradh fostaíochta lena gcuimseofaí an tréimhse sin.

Le litir dar dáta an 30 Meán Fómhair 2010, thug an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ceadú i bprionsabal chun an Príomhfheidhmeannach Eatramhach a cheapadh chuig an bpost mar Phríomhfheidhmeannach ar Údarás Craolacháin na hÉireann de bhun alt 14(12) den Acht Craolacháin 2009. Mhairfeadh an ceadú i bprionsabal tréimhse dhá bhliain go leith dar tús an 1 Deireadh Fómhair 2010. Bhí an ceadú faoi réir téarmaí agus coinníollacha chonradh nua fostaíochta an Uasail O'Keefe a bheith á gceadú ag an Aire. Bhí an ceadú sin faoi réir thoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe freisin de bhun Alt 14(5) d'Acht 2009.

Níor tugadh an conradh fostaíochta idir an Príomhfheidhmeannach agus Údarás Craolacháin na hÉireann i gcrích go fóill.

Thabhaigh BAI táillí dlí €2,000 i dtaca leis an ábhar sin sa bhliain 2017. B'ionann agus €13,506 na táillí iomlána a bhí tabhaithe ag BAI suas go deireadh na bliana 2017.

Fostaíodh an Príomhfheidhmeannach ar ráta €116, 078 in aghaidh na bliana ar 31 Nollaig 2017 (2016: €113,510. B'ionann agus €114,989 (2016: €113,119) luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017. Rinne an fostóir ranníocaíocht aoisliúntais €19,165 (2016: €18,854) freisin. Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar theidlíochtaí caighdeánacha Scéim Eiseamláireach na hEarnála Poiblí. Níor íocadh aon bhónas leis an bPríomhfheidhmeannach i mbliana.

B'ionann agus €6,443 (2016: €7,807) na costais taistil agus chothaithe iomlána a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach nó a íocadh thar a cheann sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017.

7 Táillí Comhairleachta

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Iniúchóireacht agus Faireachán	39	56
Beartais, Cóid agus Rialacha	516	295
Comhairleacht Ghinearálta	207	227
Seirbhísí d'Fheidhm Airgeadais BAI	64	55
	826	**632**

8 Costais Riaracháin

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Taisteal agus Cothú	51	53
Acmhainní Daonna	66	103
Teileafón agus Postas	42	35
Costais Oifige	158	170
Cleamhnachtaí Gairmiúla agus Síntiúis	23	20
Teicneolaíocht Faisnéise	88	104
	428	**486**

Sa bhliain 2017, tá costais taistil eachtraigh €26,823 (2016: €33,657) agus costais taistil intíre €19,715 (2016: €19,343) ar áireamh i gcostais Taistil agus Chothaithe. Tá costais €17,642 (2016: €12,320) a bhaineann le foireann ar áireamh i Speansais Oifige. Is le costais lónadóireachta don fhoireann a bhaineann na costais sin go príomha.

9 Íocaíochtaí Deontais agus Forbartha

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Maoiniú Líonra	373	292
An Scéim um Nuálaíocht Chraolacháin	81	58
Urraíocht	145	141
	599	**491**

10 Costais Áitribh agus Costais Ghaolmhara

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Cíos, Rátaí, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil Foirgnimh	674	666
Slándáil agus Glantachán	79	79
Solas agus Teas	16	18
	769	**763**

11 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Iomlán	Bogearraí agus Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh Oifige	Daingneáin agus Feisteas	Feabhsúcháin Léasachta	Trealamh Teicniúil	Mótar-fheithiclí
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Costas							
Amhail an 31.12.2016	**3,990**	**350**	**94**	**683**	**2,630**	**173**	**60**
Breiseanna	27	9	18	-	-	-	-
Diúscairtí	(30)	(2)	(28)	-	-	-	-
At 31.12.2017	**3,987**	**357**	**84**	**683**	**2,630**	**173**	**60**
Dímheas							
Amhail an 31.12.2016	**3,940**	**333**	**92**	**678**	**2,605**	**172**	**60**
Muirear don Bhliain	24	14	5	2	3	-	-
Diúscairtí	(30)	(2)	(28)	-	-	-	-
Amhail an 31.12.2017	**3,934**	**345**	**69**	**680**	**2,608**	**172**	**60**
Glanluach Leabhar							
Amhail an 31.12.2017	**53**	**12**	**15**	**3**	**22**	**1**	**-**
Amhail an 31.12.2016	**50**	**17**	**2**	**5**	**25**	**1**	**-**

12 Suimeanna Infhaighte

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Féichiúnaithe	622	892
Réamhíocaíochtaí	201	174
An Ciste Craolacháin	353	10
Eile	20	-
	1,196	**1,076**

Tá luach cóir na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí tugtha mar gharmheastachán ar a suim ghlanluacha. Tá gach fiach dlite laistigh de bhliain amháin. Tá féichiúnaithe léirithe glan ar bhearnú i leith fiacha amhrasacha.

13 Airgead agus coibhéisí airgid

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Iarmhéid Taiscí Gearrthéarmacha amhail an 1 Eanáir	278	278
Breiseanna Taiscí Gearrthéarmacha	-	-
Aistarraingtí Taiscí Gearrthéarmacha	-	-
Airgead sa Bhanc agus ar Láimh amhail an 31 Nollaig	1,367	859
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**1,645**	**1,137**

14 Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Creidiúnaithe Trádála	124	28
An Tobhach atá in-aisíoctha le Craoltóirí	200	704
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais atá iníoctha leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	163	74
Fabhruithe	649	343
Na Coimisinéirí Ioncaim	422	267
Eile	140	103
	1,698	**1,519**

Tá cáin agus árachas sóisialach faoi réir ghnáth-théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Rinneadh nochtadh deonach gan iarraidh €99,367 le hIoncam Cánach maidir le ró-éileamh CBL ó 2014 go dtí 2017 (chuimsigh sé sin €81,714 a bhain leis an ró-éileamh CBL agus €17,653 d'ús agus de phionóis). Bhain €95,016 den mhéid sin leis an gCiste Craolacháin de bharr creidmheasanna CBL ionchuir i ngníomhaíochtaí lasmuigh de raon CBL (is é €77,91.8 an dliteanas CBL ganniontráilte agus €17,098 d'ús agus de phionóis). Baineann an fuíoll €4,351 le BAI a dhéanamh ró-éileamh CBL ar ítimí neamh-inasbhainte ar nós CBL ar lónadóireacht (is é €3,796 an dliteanas CBL ganniontráilte agus €555 d'ús agus de phionóis).

Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar chonarthaí bunúsacha. Maidir leis na suimeanna eile atá ar áireamh laistigh de chreidiúnaithe agus nach bhfuil nochtadh sonrach nóta ag gabháil leo, tá siad neamhurraithe, saor ó ús agus iníoctha ar éileamh.

15 Saoráid Iasachta

Sa bhliain 2016, de bhun alt 35 den Acht Craolacháin 2009, fuair an tÚdarás cead le haghaidh saoráid iasachta €1 milliún le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Bhí an tsaoráid sin ag teastáil chun an tÚdarás a chumasú bainistiú a dhéanamh ar a riachtanais sreafa airgid a thagann as difríochtaí in uainiú fháil an ioncaim thobhaigh (a shonrasctar ar bhonn ráithiúil i riaráiste) agus ar na costais a bhíonn dlite ar fud na bliana. Rinneadh méid €500,000, a íostarraingíodh i mí na Nollag 2017 agus a bhí gan íoc an 31 Nollaig 2017 (2016: nialas), a aisíoc le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta i mí Eanáir 2018.

16 Soláthar do Dhliteanais

	2017	2016
	€ '000	**€ '000**
Géilleadh an Léasa ar Marine House	-	**75**

Ag a chruinniú an 10 Meán Fómhair 2015, chomhaontaigh an tÚdarás le togra ón tiarna talún an léas ar Marine House, Cúirt Chlann Liam, a cheannach ar ais. Mar chuid de théarmaí ghéilleadh an léasa, d'íocfadh BAI suim €286,024 leis an tiarna talún thar thréimhse trí bliana. Ba iad na tráthchodanna a comhaontaíodh ná €136,204 faoin 31 Nollaig 2015, €75,000 faoin 30 Meitheamh 2016 agus €75,000 faoin 31 Aibreán 2017. Ba sna ráitis airgeadais don bhliain 2015 a rinne an tÚdarás soláthar do na tráthchodanna do na blianta 2016 agus 2017. Tá an uile thráthchuid íoctha.

17 Cuntas Caipitil

	2017	2016
	€ '000	**€ '000**
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	50	73
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Maoiniú Breiseanna Sócmhainne	27	15
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní	(24)	(38)
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	3	**(23)**
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**53**	**50**

18 Léasanna Oibriúcháin

Áitíonn an tÚdarás áitreabh ag 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2. Tá léas 20 bliain ag an Údarás ar an áitreabh sin, rud a ndeachaigh sé isteach ann sa bhliain 2001. Rinneadh athbhreithniú cíosa cúig bliana sa bhliain 2006 i leith na tréimhse dar tús an 8 Nollaig 2006. Faoin léas seo, rinneadh íocaíochtaí cíosa arbh fhiú €477,000 iad sa bhliain 2017 (2016: €477,000). Tugadh fógra do BAI go luath i 2017 á rá gur theastaigh ón tiarna talún athbhreithniú cíosa a thionscnamh a dtiocfadh éifeacht leis an 7 Nollaig 2016. Tosnaíodh ar chaibidlí i 2017 i ndáil leis an athbhreithniú cíosa sin ach níl aon dul chun cinn sa bhreis déanta ag an tiarna talún i ndáil leis an athbhreithniú sin amhail dáta sínithe na ráiteas airgeadais.

Bhí léas ag an Údarás freisin ar an 2ú hUrlár, Marine House, Plás Chlann Liam, Baile Átha Cliath 2. Chuathas isteach sa léas sin sa bhliain 1989 ar feadh tréimhse 35 bliana. Rinneadh athbhreithniú cíosa cúig bliana i mí na Bealtaine 2010 i leith na tréimhse dar tús an 1 Samhain 2009. Ag a chruinniú an 10 Meán Fómhair 2015, chomhaontaigh an tÚdarás le togra ón tiarna talún an léas a cheannach ar ais. Mar chuid de théarmaí ghéilleadh an léasa, d'íocfadh BAI suim €286,024 leis an tiarna talún thar thréimhse trí bliana. Ba iad na tráthchodanna a comhaontaíodh ná €136,204 faoin 31 Nollaig 2015, €75,000 faoin 1 Meitheamh 2016 agus €75,000 faoin 1 Aibreán 2017. Foirceannadh an foléas ar dhiúscairt an cheannléasa an 31 Nollaig 2015. Cuireadh an costas géillte iomlán a bhí iníoctha leis an tiarna talún ar áireamh sna cuntais ag an dáta sin.

Ba é €527,000 (2015: €477,000) an tsuim iomlán a gearradh i leith na léasanna oibriúcháin agus na gcostas gaolmhar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Cuimsíonn sé sin soláthar €50,000 i gcomhair méadú ionchasach ar chíos tar éis an t-athbhreithniú cíosa a thabhairt chun críche.

	2017	2016
Ceangaltais Léasa	**€ '000**	**€ '000**
Faoi bhun 1 Bhliana	477,000	477,000
Idir 2-5 Bliana	1,431,000	1,908,000
Os cionn 5 Bliana	-	-
	1,908,000	2,385,000

19 Costais Sochar Scoir

(a) Sochair Scoir

Is comhlacht reachtúil é Údarás Craolacháin na hÉireann, a bunaíodh faoin Acht Craolacháin 2009. Foráiltear le halt 16 den Acht go ndéanfaidh an tÚdarás, faoi réir cheadú an Aire, scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do bhaill foirne an Údaráis agus ina leith. Maidir leis an Scéim Aoisliúntais agus an Scéim Pinsean do Chéilí agus Leanaí (ar gnéithe éigeantacha iad de bhallraíocht den phríomhscéim) atá i bhfeidhm ag Údarás Craolacháin na hÉireann, tá siad á n- oibriú ar bhonn riaracháin go dtí go gceadóidh an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil go foirmiúil iad le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Soláthraítear leis an gcéad scéim díobh sochair scoir (i bhfoirm cnapshuime agus pinsin) do bhaill foirne, mar aon le sochair aisce báis i ndáil le bás le linn seirbhíse. Soláthraítear leis an dara scéim díobh sochair phinsin do na céilí agus do na leanaí cleithiúnacha a mhaireann i ndiaidh baill éagtha. Tá an dá scéim ina scéimeanna sochair shainithe neamh-mhaoinithe aoisliúntais.

Mar atá mínithe sa bheartas cuntasaíochta, déanann Údarás Craolacháin na hÉireann ranníocaíocht bhliantúil leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tá sé geallta ag an Roinn go soláthróidh sí maoiniú don Údarás chun sochair scoir a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Rinne an tÚdarás an chóir agus an nochtadh a cheanglaítear le FRS102 a oiriúnú chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú.

Is í an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (An Scéim Aonair) an scéim pinsin le sochar sainithe do státseirbhísigh inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó dá éis sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Déantar socrú leis an scéim maidir le cnapshuim phinsin agus scoir agus í bunaithe ar luach

saothair inphinsin meán-ghairmréime, agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliana an aois íosta phinsin (a fhadaítear i gcomhréir le hathruithe ar aois an phinsin ag an Stát). Folaíonn sé saoráid luathscoir a laghdaítear go hachtúireach ó 55 bliana d'aois amach. Téann pinsin ina n-íocaíochtaí i méid i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

B'ionann an dliteanas pinsin ag an 31 Nollaig 2017 agus €11.491m. Faoin socrú atá i bhfeidhm, déanfaidh an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil dliteanas pinsin an Údaráis a aisíoc ina iomláine de réir mar a bheidh na dliteanais sin le híoc. Is mar shócmhainn ar leith a aithníonn an tÚdarás an ceart atá aige chun aisíocaíochta.

Tá na torthaí leagtha amach thíos bunaithe ar luach achtúireach ar na dliteanais phinsin i leith fhoireann an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2017. Ba achtúire cáilithe neamhspleách a rinne an luacháil sin.

(b) Na Príomhthoimhdí Achtúireacha

Bhí na príomhthoimhdí achtúireacha mar a leanas:	**2017**	**2016**
Ráta méadaithe ar thuarastail	2.95%	2.81%
Ráta méadaithe ar phinsin atá á n-íoc	2.45%	2.31%
Ráta Lascaine	2.01%	1.83%
Ráta Boilscithe	1.95%	1.81%

Cuirtear feabhsúcháin ar an ionchas saoil le himeacht aimsire san áireamh sa bhonn mortlaíochta a glacadh. Mar sin, beidh an t-ionchas saoil tráth a rachaidh ball foirne ar scor ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an ball an aois scoir amach (65 bliana d'aois). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball a bheidh ag baint 65 bliana d'aois amach sna blianta 2017 agus 2037.

Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach	**2017**	**2037**
Ionchas saoil - fear	21.2	23.7
Ionchas saoil - bean	23.7	25.8

(c) Anailís ar Chostais Iomlána Sochar Scoir

Tá na nithe seo a leanas ar áireamh sna costais iomlána sochar scoir a muirearaíodh ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim i leith costais sochar scoir:

	2017	**2016**
	€'000	**€'000**
Ranníocaíocht ón bhFostóir a íocadh leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	250	254
Costas seirbhíse reatha	663	481
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	191	193
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir	(795)	(674)
	309	**254**

(d) Gluaiseacht sna glanoibleagáidí sochar scoir le linn na bliana airgeadais

	2017	2016
	€'000	€'000
Iarmhéid tosaigh	10,476	7,575
Costas seirbhíse reatha	604	481
Ús ar dhliteanais na scéime sochar scoir	191	193
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	225	2,249
Sochair a íocadh	(5)	(22)
An ghlanoibleagáid sochar scoir amhail an 31 Nollaig	**11,491**	**10,476**

(e) Stair na ndliteanas scéime agus na (ngnóthachan)/gcaillteanas ó thaithí

	An bhliain airgeadais dar críoch				
	2017	2016	2015	2014	2013
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Oibleagáid sochair shainithe	10,491	10,476	7,575	7,020	6,566
Easnamh	(10,491)	(10,476)	(7,575)	(7,020)	(6,566)
Caillteanas/(gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanais an phlean	-	59	(178)	(786)	(147)
Gnóthachain ó thaithí mar chéatadán de dhliteanais an phlean	-	(0.6%)	(2.3%)	(11.2%)	(2.2%)

20. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2017.

21. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 28 Meitheamh 2018.

AN CISTE CRAOLACHÁIN RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí 84
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 85
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim 87
Ráiteas faoin Staid Airgeadais 88
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid 89
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 90

RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ

De bhun théarmaí an Achta Craolacháin 2009, tá Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) freagrach as bainistiú agus rialú an Chiste Craolacháin. Déanann an tÚdarás cuntas reatha agus cuntas infheistíochta a rialú agus a bhainistiú de réir Alt 157 (2) den Acht. Déanann an tÚdarás cuntas reatha a bhainistiú le haghaidh reáchtáil laethúil an Chiste Craolacháin, lena n-áirítear ioncam a fháil faoi Alt 156 (2)/(3) d'Acht 2009, Deontais agus Dámhachtainí faoi scéimeanna an Chiste Craolacháin a íoc agus aon chaiteachas a thabhaíonn an tÚdarás as an gCiste Craolacháin a oibriú.

Íoctar isteach sa chuntas infheistíochta aon airgead nach dteastaítear chun dliteanais reatha an Chiste Craolacháin a íoc. Infheistítear an t-airgead seo de réir Beartas Infheistíochta an Údaráis.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach freisin as ráitis airgeadais an Chiste don bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017 a ullmhú chun léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid chúrsaí an Chiste.

Leagtar amach sonraí chórais agus nósanna imeachta rialachais agus rialaithe an Údaráis Craolacháin i ráiteas an Údaráis Craolacháin ar rialú agus rialachas inmheánach.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ciste ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as an méid seo a leanas:

- Taifid chuí chuntasaíochta a choimeád lena nochtar le cruinneas réasúnach aon tráth staid airgeadais an Chiste agus lena gcuirtear ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 157(8) den Sceideal a ghabhann leis an Acht Craolacháin 2009 agus go bhfuil siad i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Sócmhainní an Chiste a chosaint agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2018

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
28 Meitheamh 2018

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

Broadcasting Fund

Opinion on financial statements

I have audited the financial statements of the Broadcasting Fund for the year ending 31 December 2017 as required under the provisions of section 157 of the Broadcasting Act 2009. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Broadcasting Fund at 31 December 2017 and of its income and expenditure for 2017 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland.*

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the Broadcasting Authority of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The Broadcasting Authority of Ireland has presented certain other information together with the financial statements of the Broadcasting Fund. This comprises the annual report including the governance statement and the Authority members' report and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Patricia Sheehan

Patricia Sheehan
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

29 June 2018

Appendix to the report

Responsibilities of Authority members

The statement of responsibilities sets out the Authority members' responsibilities. The Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 157 of the Broadcasting Act 2009
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS 102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under 157 of the Broadcasting Act 2009 to audit the financial statements of the Broadcasting Fund and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the Broadcasting Fund's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the Broadcasting Fund to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if there are material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if there is any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

RÁITEAS FAOI IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COINNITHE IONCAIM

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

	Nóta	2017 € '000	2016 € '000
Ioncam			
Deontas ón Oireachtas	**3(a)**	14,073	13,657
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	**2**	23	1
Ús Infhaighte		12	42
Iomlán		**14,108**	**13,700**
Caiteachas			
Deontais agus Dámhachtainí	**3(c)**	12,891	13,460
Costais Foirne	**4**	451	439
Táillí Dlí		8	2
Costais Riaracháin	**5**	796	421
Táille Iniúchta		6	6
Costais Mheasúnachta		55	49
Costais Chomhairleachta		20	31
Iomlán		**14,227**	**14,408**
(Easnamh) / Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas		**(119)**	**(708)**
Iarmhéid ag tús na bliana		**20,343**	**21,051**
Iarmhéid ag deireadh na bliana		**20,224**	**20,343**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–10.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 28 Meitheamh 2018 agus shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2018

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
28 Meitheamh 2018

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
28 Meitheamh 2018

RAITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2017

	Nóta	2017 € '000	2016 € '000
Sócmhainní Reatha			
Suimeanna infhaighte	**7**	5	11
Airgead agus Coibhéisí airgid	**6**	15,267	11,691
Taiscí gearrthéarmacha eile	**6**	5,300	8,650
		20,572	**20,352**
Dliteanais Reatha			
Suimeanna iníoctha (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**8**	(348)	(9)
Glansócmhainní		**20,224**	**20,343**
Arna n-ionadú			
ag an gCiste Craolacháin		**20,224**	20,343
		20,224	**20,343**

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1–10.

Cheadaigh an t-Údarás na Ráitis Airgeadais an 28 Meitheamh 2018 agus shínigh na daoine seo a leanas na Ráitis thar a cheann:

An tOllamh Pauric Travers
Cathaoirleach
28 Meitheamh 2018

Alan McDonnell
Comhalta den Údarás
28 Meitheamh 2018

Michael O'Keeffe
Príomhfheidhmeannach
28 Meitheamh 2018

RÁITEAS FAOI SHREAFAÍ AIRGID

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
(Easnamh)/Barrachas don Bhliain	(119)	(708)
Torthaí ar Infheistíochtaí	(12)	(42)
Laghdú ar Shuimeanna Infhaighte	6	17
Méadú ar Shuimeanna Iníoctha	339	(99)
Glan-Insreabhadh/(Glan-Eis-Sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	**214**	**(832)**
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid		
(Glan-Eis-Sreabhadh)/Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	214	(832)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Ús Faighte	12	42
Infheistithe i dTaiscí Gearrthéarmacha	3,350	445
Méadú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid	**3,576**	**(345)**
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir	**11,691**	**12,036**
Airgead/Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	**15,267**	**11,691**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIANA DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

1 Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos bonn na cuntasaíochta agus na mbeartas tábhachtach cuntasaíochta arna nglacadh ag Údarás Craolacháin na hÉireann i leith an Chiste Craolacháin. Cuireadh chun feidhme iad go comhsheasmhach le linn na bliana agus le linn na bliana roimhe sin.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Ciste Craolacháin faoin Acht Craolacháin (Maoiniú) 2003 agus ba é Coimisiún Craolacháin na hÉireann a rinne é a bhainistiú roimhe sin. Faoin Acht Craolacháin 2009, aistríodh bainistiú an Chiste chuig Údarás Craolacháin na hÉireann.

Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach as riarachán an Chiste Craolacháin agus idirbhearta ar an gCiste a údarú. Tá feidhm ag na socruithe rialachais agus na nósanna imeachta rialaithe laistigh d'Údarás Craolacháin na hÉireann maidir leis an gCiste.

(b) Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste Craolacháin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán um thuairisciú airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

(c) Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil san fhoirm arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir alt 157 den Acht Craolacháin 2009.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i dtaca le Ráitis Airgeadais an Chiste Craolacháin.

(d) Ioncam

De bhun alt 156 den Acht Craolacháin 2009, féadfaidh an t-Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, airgead a íoc leis an Údarás as airgead arna sholáthar ag an Oireachtas chun críocha deontas faoi scéim agus aon riarachán a dhéantar ar scéim nó aon speansais réasúnacha a bhaineann le scéim, i leith gach bliana airgeadais, ar suim í atá comhionann le 7 faoin gcéad de na glanfháltais sa bhliain sin i leith táillí ceadúnas teilifíse.

Ciallaíonn glanfháltais, i ndáil le táillí ceadúnas teilifíse a fuarthas, na fáltais iomlána lúide aon speansais i leith na bhfáltas sin ar dheimhnigh an t-Aire ina dtaobh gur speansais iad a thabhaigh sé nó sí sa bhliain sin i ndáil le bailiú na dtáillí.

Is ar bhonn fáltais airgid a léirítear an t-ioncam sin sna cuntais.

(e) Deontais

Forchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ar na faighteoirí maidir le deontais faoin Scéim um Maoiniú Craolacháin. Ní aithnítear iad mar speansas ach amháin i gcás gur chomhlíon an deontaí na coinníollacha go léir a bhaineann le feidhmíocht atá ceangailte le dámhachtain an deontais. Seasann ceangaltais deontais do cheaduithe maoinithe i gcás go bhfuil na coinníollacha a ghabhann leis an deontas le comhlíonadh fós ag an deontaí.

I gcásanna áirithe, aisíocann an deontaí suimeanna deontais a íocadh i mblianta roimhe sin mar nach bhfuil an deontaí in ann coinníollacha an deontais a chomhlíonadh. Tá an caiteachas deontais a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim glan ar shuimeanna deontais a aisíocadh sa bhliain.

(f) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i gcion ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an leatháin tuairiscithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus costas sa bhliain. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh torthaí iarbhír bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Gnóthas leantach
Níl aon éiginnteacht ábhartha ann maidir le cumas an Chiste Craolacháin a dhliteanais a íoc de réir mar a bheidh siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann an Ciste Craolacháin go bhfuil sé cuí ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Dá réir sin, ní chuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar shuimeanna glanluacha ná ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht aníos mura mbeadh an Ciste Craolacháin in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

2 Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe

	2017	2016
	€ '000	€ '000
Aisíoc Ioncaim ó Thionscadail Mhaoinithe	23	1

Cuirtear clásal aisíocaíochta ar áireamh i gconarthaí na Scéime Fuaim agus Fís le go mbeifear in ann an deontas a aisíoc mura mbaineann an tionscadal rath tráchtála amach. Léirítear san airgead thuas an chuid de na deontais a aisíocadh i dtaca le léiriú maoinithe amháin sa bhliain.

3 An Scéim um Maoiniú Craolacháin

(a) Faoin Acht Craolacháin 2009, ceanglaítear ar an Údarás scéim nó scéimeanna a ullmhú chun deontais a íoc chun tacú le cláir raidió agus teilifíse áirithe agus chun cartlannú bunábhar clár a tháirgtear sa Stát a fhorbairt, i measc nithe eile. Maoinítear na deontais sin as suim arb ionann í agus 7% de na glanfháltais ó tháillí ceadúnas teilifíse. Bhí Deontas 2017 ón Oireachtas ar áireamh in alt B6 de Vóta 29 don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

(b) Oibríonn BAI dhá Scéim fhormheasta faoi láthair.

Is í an **Scéim Fuaim agus Fís 3 ("an Scéim")** an chéad cheann de na scéimeanna sin. Ba é an Coimisiún Eorpach a cheadaigh an Scéim ar dtús. Rinne sé amhlaidh don tréimhse 2005-2009 agus ansin don tréimhse 2009-2012. Tagann an Scéim reatha faoi alt 54 den Rialachán Ginearálta Blocdhíolúine (GBER) agus ní theastaíonn ceadú an Choimisiúin Eorpaigh uaithi. Leis an Rialachán seo, clúdaítear cúnamh do scéimeanna le haghaidh oibreacha closamhairc faoi bhun na tairsí €50m sa scéim sa bhliain. I mí Eanáir 2015, cheadaigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha an Scéim go dtí deireadh na bliana 2019.

An dara scéim a n-oibríonn BAI í is ea an **Scéim Maoinithe chun Bunábhar Clár a Chartlannú** ("an Scéim um Chartlannú"). Is é is aidhm di maoiniú a sholáthar chun tacú le forbairt ar mhaithe le cartlannú in earnáil chraolacháin na hÉireann a chabhraíonn le hoidhreacht chraolacháin na hÉireann a chaomhnú. Ní bhaineann sí ach le bunábhar clár a craoladh go hiomlán nó go páirteach nó a taifeadadh lena chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís agus áirítear leis cláir agus fógraí. Tháinig an Scéim um Chartlannú i bhfeidhm sa bhliain 2012 agus chuaigh sí as feidhm i mí Aibreáin 2016. Reáchtáladh trí bhabhta maoiniúcháin faoin gcéad scéim idir 2013 agus 2015, dámhadh cistí do 23 thionscadal cartlannúcháin ar fud raon iarratasóirí. Rinneadh athbhreithniú ar oibríocht, ar éifeachtacht agus ar thionchar na chéad scéime i 2016 agus tugadh an tuarascáil dá éis chun críche i gcaitheamh 2017 agus cuireadh faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil í i mí Mheán Fómhair 2017.

Bhí an t-athbhreithniú freisin ina bhonn eolais faoin dara scéim dréachta a fhorbairt, inar áiríodh comhchomhairliúchán spriocdhírithe i mí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2017, ar tugadh aird sna freagraí air go rabhthas sásta tríd is tríd leis an gcur chuige a mhol an tÚdarás. Cheadaigh an tAire Scéim um Chartlannú 2 i 2018 agus seoladh an 7 Meitheamh 2018 í.

(c) Ceangaltais an Chiste Craolacháin

An Scéim Fuaim agus Fís	**2017**	**2016**
	€ '000	**€ '000**
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	14,462	10,538
Dámhachtainí a deonaíodh	11,274	16,653
Deontais a íocadh	(12,070)	(12,331)
Deontais a aisíocadh	54	8
Deontais a dídhílsíodh	(68)	(406)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**13,652**	**14,462**

An Scéim um Dhámhachtainí Cartlannaithe	**2017**	**2016**
	€ '000	**€ '000**
Figiúr an Cheangaltais Tosaigh	2,689	3,902
Dámhachtainí a deonaíodh	-	-
Deontais a íocadh*	(787)	(1,118)
Deontais a dídhílsíodh	(1)	(95)
Figiúr an Cheangaltais Deiridh	**1,901**	**2,689**
Iomlán na gCeangaltas Deiridh	**15,553**	**17,151**

4 Costais Foirne

	2017	**2016**
	€ '000	**€ '000**
Pá agus Tuarastail	363	353
Costais Leasa Shóisialaigh	28	27
Costais Phinsin	60	59
	451	**439**

Níl aon fhostaithe fostaithe go díreach ag an gCiste Craolacháin. Tá roinnt fostaithe de chuid Údarás Craolacháin na hÉireann ann, áfach, a chaitheann cuid dá gcuid ama ag obair ar nithe a bhaineann leis an gCiste. Sa bhliain 2017, tá sé sin cothrom le 6.75 de choibhéisí lánaimseartha (2016: 6.75). I gcaitheamh 2017, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann €444,382 (2016: €439,140) a athmhuirearú ar an gCiste Craolacháin as caiteachas tuarastail a bhaineann leis an gCiste Craolacháin..

5 Costais Riaracháin

	2017 € '000		2016 € '000	
Forchostais:				
Cíos agus Rátaí	117		105	
Costais áitribh	54		44	
Costais oifige	27		18	
Oiliúint foirne	11		14	
Fo-iomlán na bhforchostas		209		181
Urraíocht		92		71
Costais dhíreacha:				
Cartlannú Scéim Fuaim agus Fís	214		92	
Táillí gairmiúla	13		13	
Feasacht an Phobail	15		3	
Costais cheadúnas TF agus costais tacaíochta	223		55	
Aistriúchán	5		1	
Eile	24		4	
Táillí bainc	1		1	
Fo-iomlán na gcostas díreach		495		170
Iomlán na gCostas Riaracháin		796		421

Tá na forchostais a mhuirearaítear ar an gCiste bunaithe ar choibhéis lánaimseartha líon na mball foirne atá ag obair ar an gCiste mar chéatadán (i 2017, 19.91%; i 2016: 19.67%) de líon foirne iomlán BAI sa tréimhse. I gcaitheamh 2017, rinne Údarás Craolacháin na hÉireann €211,586 (2016: €247,649) a athmhuirearú ar an gCiste Craolacháin as caiteachas riaracháin a bhaineann leis an gCiste Craolacháin.

Comhroinntear costais urraíochta €145,724 (2016: €141,219) go cothrom idir BAI agus an Ciste Craolacháin. I 2017, ba é €92,398 san iomlán an costas urraíochta a thabhaigh an Ciste Craolacháin (arb é €72,862 an méid a chomhroinntear idir BAI agus an Ciste agus baineann €19,536 leis an socrú CBL a aithnítear thíos).

Rinneadh nochtadh deonach gan iarraidh chun na gCoimisinéiri Ioncaim arbh fhiú é san iomlán €99,367 agus a bhain le ró-éileamh CBL i gcaitheamh na tréimhse 2014-2017. Baineann €95,016 de sin leis an gCiste Craolacháin ina n-áirítear €17,098 d'ús agus de phionóis. Tugtar cuntas ann sin i Ráiteas Airgeadais an Chiste Craolacháin.

6 Taiscí agus Airgead/coibhéisí airgid

		2017	2016
		€ '000	€ '000
(a)	Taiscí Gearrthéarmacha (aibíocht laistigh de 3 mhí)	14,108	10,505
	Taiscí Eile (aibíocht idir 3 mhí agus 12 mhí)	5,300	8,650
	Airgead sa bhanc agus ar láimh	1,159	1,186
		20,567	**20,341**
	Airgead /coibhéisí airgid		
	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	10,505	10,597
	Breiseanna	8,191	1,058
	Aistarraingtí	(4,588)	(1,150)
	Airgead sa bhanc agus ar láimh amhail an 31	1,159	1,186
	Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31	**15,267**	**11,691**
(b)	Gluaiseacht i dTaiscí Gearrthéarmacha Eile		
	Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	8,650	9,095
	Breiseanna	1,550	3,355
	Aistarraingtí	(4,900)	(3,800)
	Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	**5,300**	**8,650**

(c) De réir mar a cheanglaítear faoi alt 157(4) agus (6) den Acht Craolacháin 2009, déanfar airgead a bheidh chun sochair an chuntais reatha, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dliteanais reatha, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Déanfar airgead atá i gcuntas infheistíochta an Chiste, agus nach mbeidh gá leis faoi chomhair dhliteanais reatha agus dhliteanais ionchasacha an chuntais sin, a infheistiú agus déanfar na hinfheistíochtaí a réadú nó a athrú ó am go ham de réir riachtanas na hócáide agus déanfar na fáltais ó aon réadú den sórt sin, agus aon ioncam a gheofar i leith airgid a infheisteofar, a íoc isteach i gcuntas infheistíochta an Chiste.

Sa tréimhse chuntais, choinnigh an tÚdarás an barrachas cistí i dtaisce i mbainc thráchtála.

7 Suimeanna Infhaighte

	2017	2016
	€ '000	**€ '000**
Ús Fabhraithe	5	11
	5	11

8 Suimeanna Iníoctha

	2017	2016
(Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	**€ '000**	**€ '000**
Údarás Craolacháin na hÉireann	353	10
DIRT (Infhaighte)/Iníoctha	(5)	(1)
	348	9

9 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann amhail an 31 Nollaig 2017.

10 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an tÚdarás na ráitis airgeadais ag a chruinniú an 28 Meitheamh 2018.





Broadcasting Authority of Ireland
2 - 5 Warrington Place
Dublin D02 XP29
T: 353 1 644 1200
E: info@bai.ie
www.bai.ie
@baitweets